OIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA
I RÉ COVID-19

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs

WorldWise Global Schools

COVID-19

Domhandú

Neamh-chomhionannas inscne

Cearta an duine

Bochtaineacht agus neamhionannas

Ceart chun oideachais

Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha

Mífhaisnéis, bréagaisnéis agus stiogma sóisialta

Idirspleáchas

Rialachas idirnáisiúnta

An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte

ACMHAINN TRASCHURCLAIM I GCOMHAIR NA SRAITHE SÓISEARAÍ

www.worldwiseschools.ie

MEONTA A ATHRÚ SCILEANNA A FHORBAIRT CUR LEIS AN EOLAS

CÉARD ATÁ I GCEIST LEIS AN OIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA?

Is próiseas oideachasúil é an tOideachas Saoránachta Domhanda (OSD) lena bhféachtar le cur le feasacht agus tuiscint an phobail ar an domhan seo ina gcónaímid, domhan atá ag athrú go tapa agus atá idirspleách agus éagothrom. Le OSD, déantar iarracht daoine a mhealladh chun páirt a ghlacadh mar shaoránaigh san anailís, sa mhachnamh agus sa ghníomhaíocht ina gceantair féin agus ar an leibhéal domhanda. Is éard atá i gceist le OSD ná tacú le daoine chun teacht ar thuiscint ar na struchtúir shóisialta, chultúrtha, pholaitiúla agus eacnamaíocha a bhaineann lena saol ar an leibhéal idirnáisiúnta, an leibhéal pearsanta, leibhéal an phobail, agus an leibhéal náisiúnta, agus gníomh a dhéanamh chun na struchtúir sin a athrú ó bhonn.

Comhpháirteanna lárnacha OSD:

- Modhanna atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus ar an rannpháirteachas
- Eolas faoin gcaoi a bhfeidhmíonn an domhan
- Scileanna maidir le smaointeoireacht chriticiúil, machnamh, réiteach fadhbanna, anailís agus obair foirne
- Luachanna agus meonta na dlúthpháirtíochta, an mheasa agus an chumhachtaithe
- Athrú a spreagadh ionas go mbeidh an domhan níos córa agus níos cothroime

"Historically, pandemics have forced humans to break with the past and imagine their world anew. This one is no different. It is a portal, a gateway between one world and the next. We can choose to walk through it, dragging the carcasses of our prejudice and hatred, our avarice, our data banks and dead ideas, our dead rivers and smoky skies behind us. Or we can walk through lightly, with little luggage, ready to imagine another world. And ready to fight for it."

- Arundhati Roy (1961-), údar agus gníomhaí polaitiúil ón India

Everything is going to be alright

How should I not be glad to contemplate
the clouds clearing beyond the dormer window
and a high tide reflected on the ceiling?
There will be dying, there will be dying,
but there is no need to go into that.
The poems flow from the hand unbidden
and the hidden source is the watchful heart.
The sun rises in spite of everything
and the far cities are beautiful and bright.
I lie here in a riot of sunlight
watching the day break and the clouds flying.
Everything is going to be all right.

- Derek Mahon (1941-2020), file Éireannach

AIDHM NA HACMHAINNE SEO

Tá sé ina aidhm againn leis an acmhainn seo tacú le múinteoirí a mbíonn ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí á dteagasc acu chun leas a bhaint as cur chuige traschuraclaim agus iad ag múineadh do na scoláirí faoi chuid de na saincheisteanna agus na fo-théamaí domhanda ar díríodh aird mhór orthu mar gheall ar chúinsí ár linne, agus go sonrach le linn na paindéime COVID-19. Tacaíonn an acmhainn le múinteoirí agus iad ag teagasc trí lionsa ceartais, lionsa a mbaineann buntáistí oideachasúla iontacha leis, rud a chomhlíonann na riachtanais a leagtar amach i raon sonraíochtaí de chuid na sraithe sóisearaí agus sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015). Tá sé seo ar cheann de shraith acmhainní de chuid Scoileanna Domhanda WorldWise a thacaíonn le múinteoirí agus iad ag tabhairt aghaidh ar théamaí agus coincheapa a bhaineann leis an Oideachas Saoránachta Domhanda. Leis an tsraith acmhainní 'Ag gabháil don OSD', cuirtear ar a gcumas do mhúinteoirí iarraidh ar na scoláirí breathnú ar an domhan seo againne agus ar an méid is féidir linn féin a dhéanamh ionas go mbeidh an domhan níos córa, níos cothroime agus níos inbhuanaithe.

Mar gheall ar leathadh COVID-19 ar fud an domhain tá go leor daoine ag smaoineamh ar na saincheisteanna agus na fo-théamaí atá bainteach leis an OSD agus a chlúdaítear san acmhainn seo. Samplaí de na saincheisteanna sin is ea:

- an chaoi a mbíonn daoine agus an pláinéad ag brath ar a chéile agus mar a théann sé sin i bhfeidhm ar an ngaol idir an domhandú agus an phaindéim
- dúshlán mór na bochtaineachta agus an neamhionannais dhomhanda, mar a bhí le feiceáil san fháil an-difriúil a bhí ag daoine ar chosaint agus cúram le linn COVID-19
- an méid a tharla don oiread páistí agus daoine óga ar cuireadh isteach, go sealadach nó go buan, ar a gceart chun oideachais agus scolaíochta mar gheall ar na scoileanna a bheith dúnta, mar aon leis an tionchar ar chórais oideachais
- an tábhacht a bhaineann le litearthacht sna meáin chun cur i gcoinne mífhaisnéis agus bréagaisnéis faoi COVID-19, rud a bhíonn ceangailte go minic le náiriú a bheith á dhéanamh ar líne ar ghrúpaí áirithe daoine, ar minic gur grúpaí iad a bhfuil an dearcadh ann ina leith go bhfuil baint acu le tús nó leathadh an víris
- rialachas i ndáil le measúnuithe riosca náisiúnta agus an acmhainn atá ag struchtúir rialachais idirnáisiúnta, amhail an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, freagairt go héifeachtach i gcomhthéacs caidreamh iltaobhach atá briste.

Cé nach liosta uileghabhálach é sin de na saincheisteanna nó na hábhair a bhaineann le OSD a tháinig chun cinn le tamall anuas, tá súil againn go bhfreastalóidh an acmhainn seo ar mhúinteoirí agus scoláirí ar spéis leo an chaoi a bhfeidhmíonn an domhan, agus go spreagfaidh sí rannpháirtíocht agus gníomhaíocht, agus í ag tacú ag an am céanna leis an ngnóthachtáil ar fud raon ábhar agus gearrchúrsaí de chuid na sraithe sóisearaí.

Ní gá obair bhreise a chur leis an tsraith shóisearach chun bheith ag gabháil do OSD.

RÁITIS FOGHLAMA

Is cúnamh é an tOideachas Saoránachta Domhanda (OSD) maidir le gach ceann de na ceithre Ráiteas Foghlama is fiche a leagtar amach sa Chreat don tSraith Shóisearach.



Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí



- Éisteacht agus mé féin a chur in iúl
- Taibhiú agus cur i láthair
- Plé agus díospóireacht
- Teanga a úsáid
- Uimhreacha a úsáid
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh

- Mo thuiscint ar fhocail agus ar theanga agus an taitneamh a bhainim astu a fhorbairt
- Léamh ar son aoibhnis agus le tuiscint chriticiúil
- Scríobh i gcomhair cuspóirí difriúla
- Smaointe a chur in iúl go soiléir agus le cruinneas
- Mo theanga labhartha a fhorbairt
- Téacsanna éagsúla a fhiosrú agus a chruthú, lena n-áirítear téacsanna ilmhódacha

- Aithne orm féin
- Cinntí ciallmhara a dhéanamh
- Spriocanna pearsanta a shocrú agus a bhaint amach
- A bheith in ann athmhachnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun mé féin agus mo chuid foghlama a bhainistiú

- A bheith folláin, fisiciúil agus gníomhach
- A bheith sóisialta
- A bheith slán
- A bheith spioradálta
- A bheith muiníneach
- A bheith dearfach faoin bhfoghlaim
- A bheith freagrach, slán agus eiticiúil nuair atá teicneolaíocht dhigiteach in úsáid

- An dea-chaidreamh a fhorbairt agus plé le coimhlint
- Ag comhoibriú
- Meas a bheith agam
- Ag cuidiú le háit níos fearr a dhéanamh den domhan
- Foghlaim le daoine eile
- Obair le daoine eile trí theicneolaíocht dhigiteach

- A bheith fiosrach
- Eolas agus sonraí a bhailiú, a eagrú agus a mheas
- Smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil
- Athmhachnamh agus meastóireacht ar mo chuid foghlama
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun ábhar a rochtain, a bhainistiú agus a chomhroinnt

- Ag samhlú
- Roghanna a fhiosrú
- Smaointe a chur i bhfeidhm agus gníomhú
- Ag foghlaim go cruthaitheach
- An chruthaitheacht a spreagadh ag baint úsáide as teicneolaíocht dhigiteach

- Smaointe a chur in iúl go matamaiticiúil
- Meastachán, tuar agus ríomh a dhéanamh
- Meon dearfach a fhorbairt i leith iniúchta, réasúnaíochta agus réiteach fadhbanna
- Patrúin, treochtaí agus coibhneasa a fheiceáil
- Sonraí a bhailiú, a léirmhíniú agus a léiriú
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun scileanna agus tuiscint uimhearthachta a fhorbairt

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

www.juniorcycle.ie

Fíor 1: Ocht bpríomhscil don tsraith shóisearach agus gnéithe príomhscile a ghabhann leo

TORTHAÍ FOGHLAMA (TF)

Tá téamaí an Oideachais Saoránachta Domhanda (OSD) comhtháite i dtorthaí foghlama ar fud shonraíochtaí ábhar agus ghearrchúrsaí na sraithe sóisearaí. Tacaíonn an acmhainn seo leat agus na deiseanna sin á dtapú agat. Tugtar tacaíocht do mhúinteoirí ionas gur féidir leo eispéiris foghlama agus torthaí saibhre ar leibhéil éagsúla a chothú do na scoláirí, tacú le tascanna a bhaineann le measúnú suimitheach agus measúnú leanúnach, idir fhéinmheasúnú agus phiarmheasúnú, agus aiseolas a thabhairt d'fhoghlaimeoirí aonair.

I measc na dtorthaí foghlama i go leor d'ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí, tá scileanna, eolas ar ábhar, luachanna agus meonta a bhaineann go sainráite le OSD. Ina theannta sin, tá an deis ann cineálacha cur chuige OSD a leabú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú fiú nuair nach léir aon nasc follasach a bheith acu le torthaí foghlama. Fágann sé sin gur féidir a bheith ag gabháil do OSD ar fud na n-ábhar agus na ngearrchúrsaí go léir sa tsraith shóisearach.

An cur síos a dhéantar ar thorthaí foghlama san acmhainn seo, tá sé bunaithe ar mhapáil ar na saincheisteanna agus na fo-théamaí Oideachais Saoránachta Domhanda (OSD) ar díríodh aird mhór orthu le linn na paindéime COVID-19 i gcoinne torthaí foghlama ó 16 ábhar agus 6 ghearrchúrsa de chuid na sraithe sóisearaí (féach Fíor 3 ar leathanach 4). É sin ráite, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach cur síos uileghabhálach é seo ar na deiseanna OSD go léir a bhfuil baint acu le COVID-19 sa tsraith shóisearach.

Na torthaí samplacha foghlama a bhfuil cur síos orthu san acmhainn seo, luaitear díreach tar éis na ngníomhaíochtaí i ngach rannóg iad agus úsáidtear an giorrúchán 'TF' chun Toradh Foghlama a chur in iúl. Is féidir na gníomhaíochtaí sin a theagasc mar ghníomhaíochtaí neamhspleácha in ábhar nó gearrchúrsa ábhartha, nó mar chur chuige traschuraclaim ar fud roinnt ábhar nó gearrchúrsaí.

LEAGAN AMACH NA HACMHAINNE

Fíor 2: struchtúr gach rannáin san acmhainn seo

NB: The junior cycle specifications consulted during this mapping exercise were the editions available on www.curriculumonline.ie in March 2021.

NB: Ba iad sonraíochtaí na sraithe sóisearaí a úsáideadh le linn an chleachtaidh mapála seo na leaganacha a bhí ar fáil ar www.curriculumonline.ie i mí an Mhárta 2021. Mar gheall ar phróisis luathfheidhmithe CNCM i leith na sraithe sóisearaí, d'fhéadfadh roinnt athruithe a bheith tagtha ar thorthaí foghlama a ghabhann le hábhair nó gearrchúrsaí de chuid na sraithe sóisearaí. Mar sin, ba cheart duit na tagairtí do thorthaí foghlama sna gníomhaíochtaí samplacha teagaisc agus foghlama traschuraclaim san acmhainn seo a sheiceáil i gcoinne sonraíochtaí a fhoilseofar ó mhí Aibreán 2021 ar aghaidh.

Tá gach rannán san acmhainn seo bunaithe ar an teimpléad céanna: ag tosú le ceann de na saincheisteanna seo a leanas a bhfuil baint acu leis an Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD):

- Domhandú
- Bochtaineacht agus Éagothroime
- Cearta an Duine
- Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha
- Rialachas Idirnáisiúnta



Cuirtear faisnéis chúlra ar fáil ar fho-théama OSD atá ábhartha i gcomhthéacs COVID-19 agus ina dhiaidh sin luaitear liosta de na Spriocanna Domhanda a bhfuil baint acu leis an bhfaisnéis agus na gníomhaíochtaí sa rannán sin (féach Fíor 2 thuas). Luaitear smaointe i gcomhair gníomhaíochtaí sa seomra ranga agus níos faide anonn agus tugtar naisc chuig torthaí foghlama (TF) samplacha ó ábhair agus gearrchúrsaí éagsúla de chuid na sraithe sóisearaí a sainaithníodh i leith gach gníomhaíochta. Ag deireadh gach rannáin luaitear naisc úsáideacha le gníomhaíochtaí sonracha teagaisc agus foghlama.

SAINCHEIST A BHFUIL BAINT AICI LEIS AN OIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA	RANNÁN 1 Domhandú	RANNÁN 2 Bochtaineacht agus Neamhionannas	RANNÁN 3 Cearta an Duine	RANNÁN 4 Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha	RANNÁN 5 Rialachas idirnáisiúnta
FOTHÉAMA	**Domhandú, dídhomhandú agus COVID-19**	**Cosaint agus cúram le linn COVID-19**	**An ceart chun oideachais agus COVID-19**	**Mífhaisnéis, bréagaisnéis, agus stiogma sóisialta le linn COVID-19**	**Measúnú riosca, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus COVID-19**
PAGES	**8-17**	**18-29**	**30-39**	**40-49**	**50-63**
Teicneolaíocht Fheidhmeach	✔	✔			
Staidéar Gnó	✔	✔	✔	✔	✔
Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil (OSSP)	✔	✔	✔	✔	✔
Clasaicí				✔	✔
Códú			✔		✔
Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha	✔	✔	✔	✔	✔
Béarla	✔	✔	✔	✔	✔
Gaeilge					✔
Tíreolaíocht	✔	✔	✔	✔	✔
Grafaic		✔			
Stair	✔	✔	✔	✔	✔
Eacnamaíocht Bhaile	✔	✔	✔	✔	✔
Staidéar Giúdach				✔	
Matamaitic		✔	✔		✔
Nuatheangacha Iasachta			✔	✔	✔
Ceol			✔	✔	✔
Fealsúnacht	✔	✔		✔	✔
Corpoideachas		✔			✔
Oideachas Reiligiúnach	✔			✔	✔
Eolaíocht	✔	✔		✔	✔
Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)	✔	✔	✔	✔	✔
Amharc-ealaín	✔	✔	✔	✔	✔

Figure 3: junior cycle subjects/short courses supported in this resource

Is sraith uilíoch spriocanna, cuspóirí agus táscairí iad na Spriocanna Domhanda atá ag na Náisiúin Aontaithe i leith Forbairt Inbhuanaithe, a bhfuiltear ag súil go mbainfidh ballstáit na Náisiún Aontaithe, Éire san áireamh, leas astu mar chreat dá gcláir oibre agus dá mbeartais go dtí 2030. Tagann na Spriocanna Domhanda sna sála ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise, a bhí i bhfeidhm go dtí deireadh na bliana 2015, agus déanann siad leathnú orthu. Sa ról atá agaibhse mar mhúinteoirí do ranganna na sraithe sóisearaí, bainfidh sibh an-tairbhe as na Spriocanna Domhanda ó thaobh féachaint chuige go 'spreagann eispéireas [...] an teagaisc agus na foghlama an rannpháirtíocht, gineann sé caidreamh agus díograis, agus ceanglaíonn sé leis an saol lasmuigh den scoil' (ROS, 2015. Creat don tSraith Shóisearach, leathanach 11).

SULA GCUIRFIDH SIBH CHUN BÓTHAIR…

Tá taithí phearsanta ar COVID-19 ar na múinteoirí agus na scoláirí go léir, ach bíonn tionchar níos measa ag an bpaindéim agus a hiarmhairtí ar dhaoine áirithe ná a chéile. Mar sin, b'fhéidir go gceapfaidh tusa agus cuid de na scoláirí, nó iad go léir, go bhfuil ábhair agus gníomhaíochtaí áirithe san acmhainn seo íogair nó fiú conspóideach. Ag brath ar na scoláirí agus/nó ar chás na scoile féin, seans go gcinnfidh tú go bhfuil cuid de na gníomhaíochtaí seo oiriúnach ach nach bhfuil cuid eile acu.

Rinneadh iarracht inneachar agus modhanna teagaisc a chomhtháthú ionas go mbainfidh na múinteoirí agus na scoláirí an leas is mó is féidir as an acmhainn seo. Mar shampla, agus muid ag smaoineamh ar a tionchar a bhíonn ag an scaradh sóisialta agus ag srianta eile a bhaineann le COVID-19 ar mhodhanna gníomhacha teagaisc agus foghlama, rinneamar iarracht béim mhór a leagan ar an tábhacht a bhaineann le ról agus cead cainte a bheith ag na scoláirí féin. Mar sin féin, nuair a bheidh ré COVID-19 thart, is furasta gníomhaíochtaí a chuirtear i láthair anseo mar thascanna don scoláire aonair a athrú ionas gur féidir leis na scoláirí tabhairt fúthu ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí beaga, nó mar rang. Is eol dúinn go mbíonn an tOideachas Saoránachta Domhanda (OSD) dírithe uaireanta ar dhúshláin mhóra a bhféadfadh an chuma a bheith orthu nach féidir iad a shárú, agus mar sin luaitear ar fud na hacmhainne eolas atá dírithe ar réitigh, eolas faoi ghrúpaí nó eagraíochtaí atá ag obair chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá le fadhbanna ar leith. Ionas nach mbeidh an acmhainn seo imithe as dáta ró-luath, rud a d'fhéadfadh tarlú sa domhan seo atá ag athrú go tapa, tá gníomhaíochtaí luaite againn chun cuidiú leis na scoláirí eolas agus scéalta níos nuaí a aimsiú agus iad ag tabhairt faoi gach rannán. Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil a fhios againn gur féidir leis an ngníomhaíocht imní faoi fhadhbanna domhanda a laghdú agus meon an dóchais a spreagadh as an nua, tá gníomhaíochtaí i ngach rannán chun na scoláirí a chur ag smaoineamh ar na rudaí a bhfuil meas acu orthu ar domhan, agus ar conas is féidir leo gníomhú ionas go mbeidh saol níos fearr ag gach duine.

É sin ráite, ar mhaithe le folláine na scoláirí agus na múinteoirí araon, b'fhéidir gur mhaith leat féachaint ar ábhar tacaíochta (thíos) a sholáthraíonn an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe (CNCM), an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) agus an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (JCT) mar fhreagra ar COVID-19, sula dtabharfaidh sibh faoi na gníomhaíochtaí atá san acmhainn seo.



Treoirlínte ó CNCM le haghaidh folláine sa tsraith shóisearach:

https://ncca.ie/media/4940/updated_guidelines_2021.pdf



Rudaí le cur san áireamh agus pleanáil ar bun i gcomhair na folláine sa tsraith shóisearach (i mBéarla):

https://ncca.ie/media/4648/considerations-in-planning-for-wellbeing-2020-2021.pdf



JCT. 'Teaching and learning about controversial issues in the OSSP short course', fisghabháil scáileáin 14 Meán Fómhair 2020, 49.42 nóiméad
https://jct.ie/wellbeing/elective_workshops

Tá liosta ábhar tacaíochta breise do mhúinteoirí anseo faoi na ceannteidil *personal*, *professional* agus *financial*:
https://www.teachingcouncil.ie/en/About-Us1/Take-Care-of-You-Tabhair-Aire-Duit-Fein/

SAINCHEIST A BHAINEANN LEIS AN OIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA
DOMHANDÚ

EOLAS DO MHÚINTEOIRÍ: DOMHANDÚ, DÍDHOMHANDÚ AGUS COVID-19

Cé gur gnách labhairt faoin domhandú agus an geilleagar á phlé, is féidir an focal sin a úsáid freisin agus muid ag trácht ar na naisc pholaitiúla, theicneolaíocha agus chultúrtha ar fud pobal agus tíortha agus eatarthu.

Ní rud nua é an domhandú. Is iomaí babhta domhandaithe a tharla le linn stair an duine. Thosaigh Ré na Taiscéalaíochta sa chúigiú haois déag, agus ba iad ríthe agus banríona cumhachtacha saibhre ar nós Ferdinand agus Isobel na Spáinne a d'íoc aisti. Le linn na tréimhse sin, chuaigh taiscéalaithe ó thíortha Eorpacha chuig áiteanna ar domhan nach raibh eolas ag muintir an Domhain Thiar orthu roimhe sin, thosaigh siad ag trádáil leo agus chuir siad fúthu iontu. Idir 1860 agus 1914 agus tús an Chéad Chogaidh Dhomhanda, tháinig borradh faoin trádáil idirnáisiúnta agus cuireadh tús le hollghluaiseacht daoine idir tíortha agus idir mór-ranna, mar gheall ar fhorbairtí sa teicneolaíocht agus san iompar agus mar gheall ar bheartais saorthrádála. Ag deireadh an Dara Cogadh Domhanda in 1945, cothaíodh comhar eacnamaíochta agus comhar polaitiúil i measc grúpaí tíortha. Ó 1980 i leith, tá malartú smaointe níos saoire agus níos gasta agus naisc iompair níos fearr fós againn mar gheall ar an dul chun cinn sa teicneolaíocht. Ba sna 1990idí a tháinig an córas trádála ba mhó riamh chun cinn. Tá an tSín mar a bheadh monarcha an domhain ann anois agus tá teorainneacha ar fud an domhain níos oscailte do ghluaiseacht earraí, caipitil, daoine agus faisnéise. Is é an rud suntasach a bhaineann leis an mbabhta is déanaí den domhandú ná scála, luas agus éagsúlacht na sreafaí trádála, caipitil, daoine agus faisnéise.

Sa lá atá inniu ann, tá an domhandú á spreagadh ag:

- dul chun cinn teicneolaíochta ar nós leathanbhanda níos cumhachtaí, rochtain níos fearr ar ghléasanna cliste, méadú a bheith tagtha ar líon na n-aipeanna agus líon na n-ardán meán sóisialta, intleacht shaorga, satailítí srl.
- athruithe ar chúrsaí iompar, amhail níos mó bóithre agus aerfoirt, traenacha níos tapa, loingseoireacht, eitiltí níos minice srl.
- comhaontuithe trádála idirnáisiúnta (nuair a aontaíonn dhá thír nó níos mó conas a eagróidh siad ceannach (allmhairí) agus díol (onnmhairí) earraí agus seirbhísí), as a n-eascraíonn margaí trádála agus infheistíochta níos mó agus níos mó.
- corparáidí trasnáisiúnta a fheidhmíonn ar fud tíortha éagsúla agus dlínsí éagsúla airgeadaíochta agus dlí
- ballraíocht in aontais pholaitiúla nó eagraíochtaí mar an tAontas Eorpach (AE) agus na Náisiúin Aontaithe (NA)
- malartuithe agus gluaiseacht daoine a tharlaíonn mar gheall ar na hathruithe go léir atá luaite thuas.

D'fhág an chobhsaíocht pholaitiúil agus an éagobhsaíocht pholaitiúil araon gur cuireadh chun cinn an domhandú – spreag an chobhsaíocht an gnó agus an turasóireacht agus spreag an éagobhsaíocht gluaiseacht daoine.

Bíonn tionchar ollmhór ag domhandú ar ár bhfolláine – folláine an duine aonair agus folláine an chine dhaonna. Mar shampla, is é an domhandú is cúis leis an raon faisnéise agus siamsaíochta atá ar fáil, le faisean, leis an mbealach a ndéanann daoine cumarsáid, leis na cineálacha post a bhíonn againn agus na bealaí atá againn chun bheith páirteach sa pholaitíocht agus sa tsochaí, agus le folláine na timpeallachta ina bhfuil cónaí orainn. Mar sin, tá sé tábhachtach smaoineamh ar an gcaoi a dtéann an domhandú i bhfeidhm ar do shaol féin agus ar shaol daoine eile agus ceisteanna a chur faoi sin. Tá sé tábhachtach díospóireacht stuama a bheith againn faoi cé acu an rud maith nó drochrud é an domhandú, agus cén tionchar a bhíonn aige ar scéal an duine agus scéal an phláinéid.

Cé go bhfuil mise ar son an domhandaithe, caithfidh mé buíochas a ghabháil le Dia as an ngluaiseacht fhrithdhomhandaithe. Tá ceisteanna tábhachtacha á gcur ar an gclár oibre acu.
Amartya Sen, údar agus eacnamaí a bhuaigh Duais Nobel

Áitíonn roinnt daoine gur chuidigh an domhandú, le leathchéad bliain anuas, le níos mó ná billiún duine a thabhairt slán ón mbochtaineacht agus le rath agus cobhsaíocht nach bhfacthas a leithéid roimhe seo a chothú ar domhan. Na daoine nach n-aontaíonn leis an méid sin, deir siad go bhfuil sé bunaithe ar shonraí lochtacha nó ar shonraí á bheith á gcur i bhfeidhm ag caipitlithe. Níl aon amhras ann ach gur féidir leis an domhandú dochar agus maitheas ollmhór a dhéanamh, go bhfágann sé daoine i ngátar nó ar mhuin na muice, agus, le blianta beaga anuas, tá níos mó agus níos mó rialtas agus daoine aonair den tuairim gur dochar atá á dhéanamh ag an domhandú tríd is tríd. Iad siúd atá ina choinne, tá imní orthu faoi luas an domhandaithe, faoin gcumas atá aige dul thar theorainneacha agus dul i bhfeidhm ar rialacháin, tíortha a athrú ó bhonn agus fiú coilíniú a dhéanamh orthu agus an neamhionannas atá ann cheana a chur in olcas.

Sa chás ina bhfágann an domhandú, mar is dual leis, go mbíonn bealaí nua ag na daoine saibhre cumhachtacha anois chun cur leis an saibhreas agus leis an gcumhacht atá acu agus gurb iad na daoine is boichte agus is laige a íocann as sin, tá sé de fhreagracht orainn cur ina choinne ar mhaithe leis an tsaoirse uilíoch.
Nelson Mandela (1918-2013), gníomhaí in aghaidh na críochdheighilte agus iarUachtarán ar an Afraic Theas

Chun féachaint ar an tionchar atá ag an bpaindéim COVID-19 ar an domhan domhandaithe seo, is fiú breathnú go géar ar mheonta éagsúla i leith gnéithe éagsúla den domhandú:

TRÁDÁIL AGUS INFHEISTÍOCHT

Creideann roinnt daoine gurb é an domhandú is cúis le deiseanna nua agus méadú ar an éifeachtúlacht, mar shampla, poist le pá níos fearr i monarchana nó feirmeacha atá dírithe ar an onnmhairiú, agus earraí tomhaltóra atá ar chaighdeán níos airde agus nach bhfuil chomh costasach is a bhíodh. Áitíonn daoine eile go bhfuil costas ag gabháil leis an méid sin freisin, ar nós drochdhálaí oibre, méadú ar an dífhostaíocht nuair a cheannaítear allmhairí in ionad earraí a tháirgtear sa tír féin, srl. Le blianta beaga anuas, tá borradh faoin ngluaiseacht i gcoinne na saorthrádála, rud a fhágann go mbítear ag iarraidh ar rialtais srian a chur le hallmhairí, onnmhairí a chur chun cinn, nó an dá rud. Sna deich mbliana tar éis chúlú eacnamaíochta na 2000idí, tháinig an cosantas chun cinn arís, agus níor fhill patrúin na trádála domhanda agus na hinfheistíochta dírí coigríche riamh ar na leibhéil ag a mbídís roimh an gcúlú eacnamaíoch. Chomh maith leis sin, is rud é COVID-19 a dtugann eacnamaithe turraing aonchineálach air, sin rud a mbíonn tionchar mór aige ach a thagann ó lasmuigh dár gcóras eacnamaíochta domhandaithe. Mar gheall ar imní a bheith ar dhaoine faoin bpaindéim, tá borradh faoi threochtaí cosantacha, go háirithe i gcás earraí riachtanacha, cosúil le trealamh leighis agus táirgí bia. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le fadhbanna ar féidir iad a sheachaint, ar nós earraí breise a cheannach le cur i dtaisce agus earraí a scaollcheannach i dtíortha ina mbítear ag brath ar allmhairí.

Mar gheall ar an bpaindéim, iarrtar ar cháiníocóirí cuidiú le gnóthais náisiúnta trí phacáistí spreagtha, rud a fhágann go mbíonn dreasacht ann buntáiste a thabhairt do na ngnólachtaí sin. Neartaigh an dianghlasáil an fonn a bhíonn ar dhaoine poist déantúsaíochta a thabhairt abhaile – nó ar a laghad na gnéithe thar lear de ghnólachtaí baile a scaipeadh chuig breis tíortha agus chuig tíortha níos gaire de bhaile. Áitíonn roinnt anailísithe go bhfágfadh córas trádála idirnáisiúnta atá faoi réir gréasán éagobhsaí rialuithe náisiúnta go mbeidh sé níos deacra ar na tíortha sa Domhan Theas 'teacht suas' le tíortha eile agus go mbeidh earraí agus seirbhísí níos costasaí sa Domhan Thuaidh. Áitíonn siad nach trí shlabhraí soláthair a thabhairt ar ais abhaile is féidir cur leis an teacht aniar a bhíonn iontu, ach trí éagsúlú a dhéanamh orthu, mar go bhfágann an tabhairt abhaile go mbíonn siad i mbaol má théann cúrsaí cearr, agus nach féidir leas a bhaint as barainneacht scála. Ó thaobh na hinbhuanaitheachta de, deir tráchtairí gur chóir slabhraí soláthair a ghiorrú, agus gur cheart an táirgeadh a bheith níos gaire don tomhaltas, rud a laghdódh an drochthionchar ar an gcomhshaol.

Is é an argóint atá acu ná go mbeadh sé de bhuntáiste ag an tsamhail sin gur lú an baol a bheadh ann go gcuirfí isteach ar an slabhra soláthar dá dtarlódh eachtra thubaisteach gan choinne, ar nós COVID-19.

Le linn tréimhsí dianghlasála, dúnadh monarchana, siopaí agus oifigí, tháinig laghdú mór ar an éileamh ar earraí agus bhí go leor soláthraithe ann nár éirigh leo a gcuid earraí a chur ar fáil do na custaiméirí. Má chuirtear isteach ar chuid amháin den slabhra soláthair, is féidir leis sin dochar mór a dhéanamh do chodanna eile den slabhra céanna. Imríodh drochthionchar ar thíortha agus daoine a bhíonn ag brath ar an turasóireacht, ar sheoltáin idirnáisiúnta (aistrithe airgid ó dhaoine a chuaigh ar imirce thar lear chuig cairde agus daoine muinteartha leo ina dtír dhúchais), agus ar an gcúnamh forbartha oifigiúil. Mar shampla, thit an tóin as cúrsaí taistil idirnáisiúnta mar gheall ar COVID-19, rud a fhágann i mbaol an obair chaomhnaithe in áiteanna cosúil leis an Namaib, ós rud é gur chuidigh ioncam ón turasóireacht leis an tír sin sa Domhan Theas limistéir ollmhóra faoi chosaint a chothabháil don phobal is mó srónbheannach dubh ar domhan. Deir an Banc Domhanda go gceaptar go dtiocfaidh laghdú timpeall is 14% ar an sreabhadh seoltán faoi 2021. Beidh drochthionchar aige sin ar theaghlaigh agus ar phobail sna tíortha ina bhfaightear iad agus is mór an dochar a dhéanfar d'fhoinse thábhachtach ioncaim agus cánach nuair is mó an gá a bheidh ag na tíortha sin leis an airgead.

Tá dochar á dhéanamh don sreabhadh caipitil freisin mar go bhfuil tionchar ag COVID-19 ar leibhéil infheistíochta fadtéarmaí. Tá an phaindéim ag athrú an mheoin atá ag tíortha i dtaobh cé na sócmhainní náisiúnta atá ríthábhachtach. San Iodáil, tá údarás ag an rialtas anois lena chosc go ndéanfar infheistíocht choigríche fhiúntach in aon ghnólacht a bhíonn ag plé le leictreachas, uisce, sláinte, na meáin, bailiú sonraí, aeraspás, córais toghcháin, bainc, árachas, róbataic, nó biteicneolaíocht. Tá imní ar lucht tionscail na hIodáile agus deir siad gur tuilleadh caipitil ó thar lear a theastaíonn ó gheilleagar a dtíre, seachas níos lú, chun teacht slán ón ngéarchéim seo.

De réir mar a dhéanann rialtais iarracht a gcuid fiacha nua a íoc ar ais trí cháin a ghearradh ar ghnólachtaí agus ar infheisteoirí, d'fhéadfadh fonn a bheith ar roinnt tíortha srian eile fós a chur ar shreabhadh caipitil thar theorainneacha. Meastar go laghdóidh an infheistíocht dhíreach choigríche i margaí atá ag teacht chun cinn sa Domhan Theas – lena n-íoctar as droichid, bóithre, monarchana agus calafoirt nua – go leibhéil nach bhfacthas ó bhí 2006 ann. Tá imní mhór ar thíortha sa Domhan Theas go bhféadfaí ciorrú a dhéanamh ar an infheistíocht ón tSín, atá ar cheann de na príomhrudaí a spreagann tionscadail bhonneagair i margaí atá ag teacht chun cinn. Is cúis mhór imní é sin do thíortha san Afraic, ós rud é gurb í an tSín an comhpháirtí trádála is mó atá ag an Afraic, agus an creidiúnaí déthaobhach is mó atá aici.

Beidh téarnamh le feiceáil sa trádáil agus san infheistíocht de bharr athoscailt na ngeilleagar, ach ní fios fós cén cruth a bheidh ar an téarnamh sin sa deireadh thiar.

GLUAISEACHT DAOINE

Is féidir le gluaiseacht daoine cur leis an saibhreas agus an rath sa saol eacnamaíoch, polaitiúil, eolaíoch agus cultúrtha. Ach ceapann roinnt daoine gur rud diúltach í an imirce, agus gur bagairt iad na himircigh ar phoist, ar shlándáil, ar chultúr agus/nó ar shláinte an phobail. D'úsáid roinnt ceannairí polaitiúla dúnadh teorainneacha náisiúnta le linn COVID-19 chun eachtrannaigh, turasóirí agus imircigh a choinneáil amach, agus chun tarraingt ar mheon na seineafóibe agus an chiníochais a bhí ann cheana agus an meon sin a chothú. Creideann go leor tráchtairí go ndéanfaidh COVID-19 cnámh spairne polaitíochta arís eile den taisteal agus den imirce mar gheall ar an gclaonadh i dtreo cosantais agus féinmhuiníne a bheith ag dul i dtreise.

D'fhág babhtaí dianghlasála i dtíortha éagsúla go leor oibrithe imirceacha sáinnithe sna tíortha ina raibh siad ag an am. Sa tréimhse tar éis don tsochaí athoscailt, cuireadh le déine na srianta víosa i gcás go leor imirceach a chaill a bpost agus b'éigean dóibh dul ar ais abhaile, rud a chuir tuilleadh brú ar a dtíortha féin. Ina theannta sin, bhí tionchar ag srianta COVID-19 ar thaisteal ar an sreabhadh neamhrialta daoine gan cháipéisí thar theorainneacha. Is dócha gur éifeachtaí sealadacha a bheidh iontu sin. I roinnt tíortha, meastar gur mó an baol a bhaineann le neamhshlándáil an tsoláthair bia ná na contúirtí a bhaineann le teorainneacha a thrasnú le linn paindéime. D'fhéadfadh sé go deimhin go dtiocfadh méadú ar an sreabhadh neamhrialta daoine de réir mar a chuirtear le castacht na mbealaí imirce dlíthiúla mar gheall ar COVID-19.

FAISNÉIS AGUS SMAOINTE

Léirigh an phaindéim dúinn an chumhacht a bhíonn ag uirlisí cumarsáide digití, uirlisí a d'éascaigh don fhoghlaim agus don obair ón mbaile le linn na mbabhtaí dianghlasála agus na srianta a bhaineann le COVID-19. Mar sin féin, tá an deighilt dhigiteach níos suntasaí anois ná riamh, agus fós féin níl rochtain ag na céadta milliún duine ar fud an domhain ar idirlíon leathanbhanda ar féidir leo brath air. Iad siúd a bhfuil rochtain ar an idirlíon acu, bíonn siad ag gearán go mothaíonn siad uathu an chumarsáid neamhbhriathartha agus nach mbíonn an deis acu píosa comhrá neamhfhoirmiúil a dhéanamh, rud a bhíonn drochthionchar aige ar leibhéil chumarsáide, ar chomhroinnt eispéireas cultúrtha, agus ar an gcumas a bhíonn acu smaointe a chothú agus fadhbanna a réiteach.

Dar leis an náisiúnach diongbháilte, léirigh an phaindéim gur ar an domhandú atá an milleán ní hamháin as leathadh tapa COVID-19, ach as an gcaoi ar cuireadh isteach ar shlabhraí soláthair, agus as feisteáin tástála agus trealamh cosanta pearsanta a bheith gann. Mar sin féin, bíonn costais agus teorainneacha ag baint leis an aistriú ón domhandú i dtreo an dídomhandaithe. Má chuirtear bac ar allmhairí, is féidir leis sin boilsciú a spreagadh, rogha níos lú a fhágáil ag na tomhaltóirí, luas na cruthaitheachta agus na nuálaíochta a mhoilliú, agus fonn a chur ar thíortha eile cur ina gcoinne trí shrianta dá gcuid féin a chur ar allmhairí. Má chuirtear bac ar ghluaiseacht daoine, is féidir sochaithe a fhágáil gan a ndóthain daoine tréitheacha ná oibrithe riachtanacha, agus cur leis an gcruachás ina mbíonn daoine a chaithfidh teitheadh mar gheall ar ghéarleanúint pholaitiúil nó reiligiúnach, cogadh, ocras nó mar gheall ar an athrú aeráide. Má chuirtear bac ar smaointe, múchtar an chruthaitheacht agus an nuálaíocht agus cuirtear bac ar bheartais úrnua éifeachtacha, ar cheartú beartas lochtach, agus ar idirspleáchas úr ar domhan.

> *Is féidir le [COVID-19] leathadh go tapa ós rud é go mbíonn dlúthcheangal eadrainn anois. Mar sin, tá míbhuntáiste againn a bhfuil baint aige leis an domhandú [...] Ach tá sé de bhuntáiste againn teicneolaíochtaí níos fearr a bheith againn.*
>
> **An Dr Tedros Adhanom Ghebreyesus, Ard-Stiúrthóir, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte**

Ar fud an speictrim pholaitiúil, tá an phaindéim tar éis fonn a chur ar go leor daoine ceisteanna a chur faoi shamhail an domhandaithe a bhí againn roimh COVID-19. Tá sé ag teacht chun solais de réir a chéile anois gur dócha go bhfuil athrú buan tagtha ar an gcaoi a mbímid ag taisteal, ag obair, ag ceannach, ag infheistiú, ag idirghníomhú, ag dul ar imirce, ag iarraidh rath a bheith orainn agus ag comhoibriú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda. Is é an cheist a chaithfimid go léir a chur anois ná conas is féidir linn teacht aniar a léiriú agus ár bhfolláine féin agus folláine na sochaí a chur in oiriúint don am atá le teacht ionas go mbeidh an domhan in ann ag rudaí tubaisteacha ar nós paindéimí nó éifeachtaí an athraithe aeráide.

Foinsí: féach an leabharliosta atá ag **https://www.worldwiseschools.ie/resource-library2/**

> *Tá an oiread á dhéanamh againn in ainm an domhandaithe agus muid ar thóir an ruda dhiamhair sin a dtugann daoine fás eacnamaíoch air. Measaim gur urchóid seachas fás é sin, toisc gurb é atá á dhéanamh aige ná cleachtais neamh-inbhuanaithe a spreagadh maidir leis an gcaoi a mbainistímid pobail, an chaoi a mbainistímid forbairt, agus an chaoi a mbainistímid an rathúnas.... Teastaíonn domhan uainn atá níos inbhuanaithe, áit nach gcuirtear brabús chun tosaigh ar leas an phobail. Teastaíonn domhan uainn ina bhfaighfear réidh leis an spleáchas ar an bhfás eacnamaíoch. Teastaíonn fás inbhuanaithe inár bpobail. Teastaíonn slite beatha inbhuanaithe ó na daoine.*
>
> **Mike Ryan, Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chláir Éigeandálaí Sláinte,**
> **An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte**

Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...

- **Sprioc 3:** Saol sláintiúil a chinntiú agus an fholláine a chur chun cinn do chách, beag beann ar aois
- **Sprioc 8:** Cur chun cinn a dhéanamh ar fhás eacnamaíoch atá seasta, cuimsitheach agus inbhuanaithe, ar lánfhostaíocht tháirgiúil agus ar obair chuibhiúil do chách
- **Sprioc 9:** Bonneagar a bhfuil teacht aniar ann a thógáil, tionsclaíocht chuimsitheach, inbhuanaithe a chur chun cinn agus an nuálaíocht a chothú
- **Sprioc 10:** An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha
- **Sprioc 11:** A chinntiú go mbeidh cathracha agus lonnaíochtaí daoine cuimsitheach agus sábháilte, go mbeidh teacht aniar iontu agus go mbeidh siad inbhuanaithe
- **Sprioc 12:** A chinntiú go mbeidh patrúin tomhaltais agus táirgeachta inbhuanaithe i réim
- **Sprioc 13:** Beart práinneach a dhéanamh chun cur i gcoinne an athraithe aeráide agus a chuid iarmhairtí
- **Sprioc 14:** Na haigéin, na farraigí agus na hacmhainní mara a chaomhnú agus a úsáid ar shlí inbhuanaithe ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe
- **Sprioc 15:** Éiceachórais talún a chosaint, a athshlánú agus a n-úsáid inbhuanaithe a chur chun cinn, foraoisí a bhainistiú ar shlí inbhuanaithe, cur i gcoinne fairsingiú fásaigh, díghrádú talún a stopadh agus a chur ar gcúl agus deireadh a chur le caillteanas bithéagsúlachta
- **Sprioc 17:** Neartú a dhéanamh ar na modhanna feidhmithe agus athbheochan a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht dhomhanda don fhorbairt inbhuanaithe

Gníomhaíochtaí traschuraclaim SAMPLACHA teagaisc agus foghlama

Amlíne an domhandaithe

Cruthaigh 'amlíne an domhandaithe' le dátaí tábhachtacha agus eolas faoi dhaoine, saincheisteanna agus imeachtaí. Lean ar aghaidh ag obair ar an amlíne ar feadh tréimhse a shocróidh an rang, á leasú nó ag cur dátaí agus sonraí leis a foghlaimíodh sa rang staire nó in ábhair nó gearrchúrsaí eile.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 2.1; Béarla TF OL4, W1, W3, W4 & W6; Stair TF 1.4, 1.9, 1.10, 1.11 & 3.14

Clibeanna a chur leis an Domhandú
Úsáid Pinterest, Instagram, Flickr (nó a leithéid) chun teacht ar íomhánna de shaothair ealaíne a bhfuil baint acu leis an domhandú. Cuir rogha de na híomhánna sin i láthair sa rang, agus mínigh cén fáth a gceapann tú go bhféadfaí clib a chur leo mar íomhánna a bhfuil baint acu leis an domhandú dá roinnfí ar líne iad.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 2.1; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 2.3; Béarla TF OL1, OL3, OL5 & OL7; Amharc-ealaín TF 1.1

Gluais Téarmaí a bhaineann leis an Domhandú
Úsáid acmhainní teanga (foclóir, teasáras agus acmhainní ar líne) chun gluais a chur le chéile ina bhfuil eochairfhocail a bhaineann leis an domhandú sna saolta seo, cosúil le cosantas, saorthrádáil, corparáidí trasnáisiúnta, slabhraí soláthair, suaitheadh eisiginiúil, seoltáin idirnáisiúnta, cúnamh forbartha thar lear, teicneolaíocht, gluaiseacht daoine, idirspleáchas.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): Staidéar Gnó TF 1.10, 3.7 & 3.10; OSSP TF 2.1; Béarla TF R10, W3 & W4; Tíreolaíocht TF 3.9

Ráitis faoin Domhandú
Úsáid inneall cuardaigh ar líne chun teacht ar ráitis faoin domhandú ó dhaoine atá i mbéal an phobail (údair nó polaiteoirí, mar shampla).

Eagraigh na ráitis sin ina dtrí chatagóir: (1) ar son an domhandaithe; (2) in aghaidh an domhandaithe; agus (3) d'fhéadfadh an ráiteas a bheith ar son nó in aghaidh an domhandaithe

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 2.1 & 2.9; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 2.3; Béarla TF R1, R2 & R3

Drochrud nó dea-rud?
Léigh na ráitis thíos faoin domhandú. Roghnaigh 'Aontaím', 'Ní aontaím' nó 'Níl mé cinnte' maidir le gach ceann acu.

Maidir leis an domhandú:
- cuidíonn sé le tíortha bochta a ngeilleagair a fhorbairt
- cuidíonn sé le corparáidí trasnáisiúnta gan cánacha a íoc, caitheamh go dona lena gcuid oibrithe agus dochar a dhéanamh don chomhshaol
- is féidir leis cuid de na fadhbanna móra i saol an lae inniu a réiteach, cosúil leis an mbochtaineacht, ocras, athrú aeráide agus paindéimí
- cruthaíonn sé naisc úra idir tíortha
- is fearr an saol atá againne mar gheall air ná an saol a bhí ag ár dtuismitheoirí agus ár seantuismitheoirí
- cuireann sé le baol sláinte toisc gur féidir le daoine galair a iompar ó áit amháin go háit eile agus iad ag gluaiseacht
- mothaím dá bharr go bhfuil ceangal níos mó ann idir mé féin agus daoine nach bhfuil aithne phearsanta agam orthu
- fágann sé gur féidir le níos mó daoine a bheith ag obair agus ag foghlaim ón mbaile ar ghléasanna leictreonacha
- fágann sé go mbíonn níos lú cumhachta ag rialtais ar shaol na saoránach
- fágann sé rogha níos mó ag na tomhaltóirí ó thaobh earraí agus seirbhísí

Agus sibh ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí beaga, déanaigí comparáid idir na freagraí a thug sibh ar na ráitis faoin domhandú.
Pléigí an ráiteas dearfach nó ráiteas diúltach é gach ceann acu, agus déanaigí iarracht a chinneadh an drochrud nó dea-rud é an domhandú tríd is tríd.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): Staidéar Gnó TF 1.10, 3.7 & 3.10; OSSP TF 2.1 & 2.9; Béarla TF OL1, OL2 & OL3; Tíreolaíocht TF 3.2, 3.6 & 3.9

Spriocanna Domhanda (nó Spriocanna Domhandaithe)
Roghnaigh ceann amháin de na gnéithe seo a leanas den domhandú i saol an lae inniu. Leid: bunaigh do rogha ar an ngné is mó a bhfuil spéis agat féin inti.

- Trádáil agus infheistíocht
- Gluaiseacht daoine
- Faisnéis agus smaointe

Téigh ar líne agus faigh dhá Sprioc Dhomhanda nó níos mó a bhfuil baint acu leis an ngné atá roghnaithe agat (féach na Naisc thíos).

Leid: tá cuspóirí ag gabháil le gach Sprioc agus b'fhéidir gur ansin a gheofá na naisc a bhaineann leis an ngné atá roghnaithe agat den domhandú. Chun dul chuig cuspóirí na Spriocanna tríd an nasc a chuirtear ar fáil, cliceáil ar Sprioc Dhomhanda éigin agus scrollaigh síos.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): Staidéar Gnó TF 1.10 & 3.7; OSSP TF 2.1; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 2.3; Béarla TF R1, R2 & R3; Tíreolaíocht TF 3.2, 3.6 & 3.9

Tomhaltachas

Cuir agallamh ar chairde agus ar dhaoine muinteartha leat maidir leis an úsáid a bhain siad as an teicneolaíocht chun siopadóireacht a dhéanamh roimh, le linn agus tar éis na dtréimhsí dianghlasála a bhí ann mar gheall ar COVID-19.

Cuir ceisteanna orthu faoi na haipeanna nó na suímh ghréasáin a d'úsáid siad; tír thionscnaimh na n-earraí a cheannaigh siad; cad a rinne siad murar tháinig na hearraí nó mura raibh siad sásúil; na difríochtaí idir a bheith ag siopadóireacht ar líne agus ag ceannach sna siopaí; cén t-eolas atá acu, más eolas ar bith, faoi dhálaí oibre na ndaoine a rinne na hearraí a cheannaigh siad; tionchar na paindéime ar a leibhéal foriomlán tomhaltais agus a ndearcadh i leith earraí Éireannacha a cheannach; cén tionchar a cheapann siad a bheidh ag an teicneolaíocht amach anseo ar an rogha a bhíonn ag tomhaltóirí agus ar an gcaoi a n-iompraíonn siad iad féin, agus tionchar na teicneolaíochta ar an bhforbairt inbhuanaithe.

Úsáid do chuid torthaí chun teacht ar do chonclúid maidir le cé acu an tionchar dearfach nó tionchar diúltach a bhí ag COVID-19 ar thomhaltachas agus mínigh do fhreagra.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): Teicneolaíocht Fheidhmeach TF 3.8 & 3.9; Staidéar Gnó TF 1.1, 1.7, 1.9 & 1.10; OSSP TF 1.1, 2.1 & 2.4; Béarla TF OL1 & OL4; Eacnamaíocht Bhaile TF 2.9 & 2.11

Lorg éiceolaíochta

Is bealach úsáideach é an lorg éiceolaíochta trínar féidir le lucht tionsclaíochta, rialtais agus daoine aonair a fháil amach cad a chaithfimid a dhéanamh ionas nach sáróimid cumas an domhain ó thaobh na hacmhainne athghiniúna atá aige.

Aimsigh físeán YouTube ina dtugtar míniú maith ar lorg éiceolaíochta, dar leat. Breathnaigh ar an bhfíseán sin, ansin ríomh do lorg éiceolaíochta féin le háireamhán ar líne (féach na Naisc thíos i gcomhair moladh maidir le ceann maith).

Taispeáin an físeán sin do dhuine nó beirt de do chairde nó do dhaoine muinteartha leat (b'fhéidir duine ar chuir tú agallamh air nó uirthi mar chuid den ghníomhaíocht Tomhaltachais thuas). Labhair leo faoi conas mar a d'éirigh leat agus áireamhán an loirg éiceolaíoch á úsáid agat, agus ansin iarr orthu an rud céanna a dhéanamh.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1, 2.1, 2.4, 2.9 & 2.10; Béarla TF OL1, OL5, OL7, R1, R2, R3 & W3; Tíreolaíocht TF 2.2, 2.6 & 2.9; Eolaíocht TF 2.7, 4.8 & 5.10

Buntáistí agus míbhuntáistí

Úsáid Google Forms, Microsoft Forms, Survey Monkey nó a leithéid chun ceist a chur ar scoláirí a dhéanann Staidéar Gnó sa tsraith shóisearach agus/nó scoláirí a dhéanann Eacnamaíocht don ardteistiméireacht cad a shíleann siad iad na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le COVID-19 maidir le gné na heacnamaíochta den domhandú.

Ullmhaigh achoimre ar shonraí an tsuirbhé agus pléigh sa rang í.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): Staidéar Gnó TF 3.7 & 3.10; OSSP TF 2.1; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 4.5; Béarla TF OL1, OL3, OL5, W3 & W11; Tíreolaíocht TF 3.6 & 3.9; Matamaitic TF U6 & N4

Díospóireacht faoin domhandú

Samhlaigh go mbeidh díospóireacht ranga ann ar an rún seo a leanas: 'Is léiriú é COVID-19 go bhfuil an domhandú imithe ó smacht'.

Smaoinigh ar dhá argóint nó níos mó i bhfabhar an rúin agus dhá argóint nó níos mó ina choinne.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): Staidéar Gnó TF 3.7 & 3.10; OSSP TF 2.1; Tíreolaíocht TF 3.9

Forbairt idirnáisiúnta

I mí Feabhra 2018, sheol Cúnamh Éireann, an clár oifigiúil atá ag Rialtas na hÉireann maidir leis an gcomhar forbartha, beartas nua don fhorbairt idirnáisiúnta dar teideal 'Domhan Níos Fearr'.

Léigh faoi na tionscnaimh nua atá beartaithe ag Cúnamh Éireann faoin straitéis sin (leathanach vi – féach na Naisc thíos), agus tabhair suntas dóibh siúd a bhaineann leis an domhandú eacnamaíoch.

Ón liosta sin, roghnaigh na trí cinn is ábhartha dar leat féin, i bhfianaise an mhéid atá tarlaithe ó foilsíodh an straitéis.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1, 2.1 & 2.9; Béarla TF R1, R2 & R3; Tíreolaíocht TF 3.6 & 3.8

Meon an náisiúnachais nó an iltaobhachais i leith na vacsaíne

In aitheasc a thug sé ar an 4 Meán Fómhair 2020, dúirt an Dr Tedros Adhanon Ghebreyesus, Ard-Stiúrthóir na hEagraíochta Domhanda Sláinte, gur dócha gur soláthar teoranta a bheadh ann de vacsaín a bheadh éifeachtach in aghaidh COVID-19, agus sa chomhthéacs sin gur ghá béim a leagan ar vacsaíní a thabhairt do dhaoine áirithe.

I mí na Nollag 2020, agus na chéad vacsaíní i gcoinne COVID-19 á dtabhairt do dhaoine, rinne an Dr Mike Ryan (atá ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar chlár éigeandálaí sláinte na hEagraíochta Domhanda Sláinte) agus an Pápa Proinsias (sa teachtaireacht bhliantúil Nollag uaidh) athdhearbhú ar theachtaireachtaí faoin tábhacht a bhaineann le chur chuige eiticiúil, cothrom maidir le vacsaíní a chur ar fáil.

Ag tarraingt ar a bhfuil ar eolas agat faoin domhandú i gcomhthéacs COVID-19, déan liosta de na daoine ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh le haghaidh vacsaín a thabhairt dóibh in aghaidh COVID-19.

Féach ar 'Dr Tedros talks about the threat of vaccine nationalism' (1.25 nóiméad) (Féach na Naisc thíos).

Cuir do liosta féin i gcomparáid leis an liosta daoine a gceapann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh maidir le vacsaíniú in aghaidh COVID-19.

Déanaigí iarracht an cinneadh comhaontaithe a bhunú ar phlé iomlán faoi na himpleachtaí maidir le gnéithe den domhandú, cosúil le trádáil agus infheistíocht, gluaiseacht daoine, faisnéise agus

smaointe, agus é a bhunú freisin ar mhachnamh ar impleachtaí morálta na roghanna éagsúla atá faoi chaibidil agaibh.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): Staidéar Gnó TF 1.10 & 3.10; OSSP TF 1.1, 2.1, 2.9 & 3.5; Béarla OL2, OL8 & W3; Tíreolaíocht TF 3.2, 3.6 & 3.9; Fealsúnacht TF 7.1-7.6; Oideachas Reiligiúnach TF 3.2, 3.6 & 3.9; Eolaíocht TF 1.10

Focal dearfach

Is minic a dhéanann eolaithe cumarsáid lena chéile ar leibhéal idirnáisiúnta, agus i gcomhthéacs COVID-19 is tábhachtaí na naisc sin ná riamh. Bíonn eolaithe agus gairmithe sláinte poiblí ar fud an domhain i dteagmháil le chéile i gcónaí, ag caint le chéile agus ag faire ar fhoilseacháin ina mbíonn taighde faoi COVID-19. Chuir tíortha trealamh agus baill foirne leighis éigeandála ar fáil dá chéile.

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:
Na daoine a bhíonn ag obair mar ghairmithe sláinte poiblí, bíonn sábháilteacht an phobail á cosaint acu agus sláinte an phobail á feabhsú acu trí oideachas, déanamh beartas agus taighde faoi ghalair a thagann ar dhaoine agus faoi ghortuithe a bhaintear dóibh.

Scríobh an ceannteideal seo a leanas ar bharr leathanaigh: “Focal dearfach”

Tarraing bolgán mór cainte thíos faoi.

Aimsigh triúr ar féidir leo rud éigin dearfach a rá faoin domhan idirnasctha seo i gcomhthéacs COVID-19.

Scríobh an rud is dearfaí atá le rá acu i do bholgán cainte.

Cuir an bolgán cainte ar taispeáint ar bhalla an tseomra ranga, ar an doras, nó amuigh sa halla.

*Junior cycle relevance (SAMPLE ONLY): **CSPE** LOs 1.1 & 2.1; **Science** LOs 1.7, 1.10 & 5.6; **SPHE** LO 4.8*

Cothrom le dáta

Scrúdaigh tuairiscí nuachta a foilsíodh le déanaí faoin tionchar a bhí ag COVID-19 ar an domhandú.

Déan colláis nó póstaer le ceannlínte ina ndéantar achoimre ar rudaí ábhartha a tharla le déanaí.

Taispeáin an cholláis nó an póstaer don rang. Leid: B’fhéidir gur mhaith leat teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun an cholláis nó an póstaer a chur le chéile.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): Staidéar Gnó TF 1.10, 3.7 & 3.10; OSSP TF 2.1; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 2.5; Tíreolaíocht TF 3.6 & 3.9; Amharc-ealaín TF 1.11 & 1.14

T-léine nó mála?

Fógair comórtas don bhliainghrúpa nó don scoil go léir féachaint cé aige nó aici a bheidh an mana is fearr faoin domhandú. Leid: b’fhéidir gur mhaith leat a mhíniú ar dtús céard is brí leis an domhandú!

Úsáid na scileanna atá foghlamtha agat san Amharc-ealaín agus/nó san Eacnamaíocht Bhaile chun na manaí is fearr a chur ar mhála nó t-léine.

Cuir na t-léinte nó na málaí (agus ainmneacha na mbuaiteoirí) ar taispeáint i limistéar fáiltithe na scoile.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 2.1; Eacnamaíocht Bhaile TF 3.1, 3.2 & 3.3; Amharc-ealaín TF 1.11 & 1.14

Scríobh, taifead, cruthaigh nó déan

Rinne Arundhati Roy, údar Indiach agus gníomhaí polaitiúil, cur síos ar an bpaindéim COVID-19 mar 'portal, a gateway between one world and the next'. Scríobh sí go bhféadfadh COVID-19 an deis a thabhairt dúinn domhan úrnua a shamhlú ach an meon sin a bheith againn.

Ag tarraingt ar an méid atá ar eolas agat faoin domhandú agus faoin tionchar a bhí ag COVID-19 orainn, scríobh, taifead, cruthaigh nó déan d'fhís féin de shaol níos fearr a d'fhéadfadh a bheith againn amach anseo, saol a shíleann tú ar chóir dúinn uile a bheith sásta troid ar a son.

Glac grianghraf de do shaothar agus scaip é trí ardáin ábhartha na meán sóisialta agus an haischlib #DomhanNíosFearr in éineacht leis.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1 & 2.1; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 4.5; Fealsúnacht TF 7.1-7.6 & 8.1-8.6; OSPS TF 4.8

Cuir ar sos

Is éard atá sa tsiombail 'Cuir ar sos' ná ciorcal ina bhfuil dhá dhronuilleog, mar a léirítear anseo.

Tóg píosa páipéir, agus é casta ina thírdhreach.

Cóipeáil an tsiombail 'Cuir ar sos' ar an mbileog pháipéir agus í chomh mór agus is féidir.

Samhlaigh go gcuimsíonn an ciorcal sa tsiombail sin gach rud atá foghlamtha agat sa rannán seo faoin domhandú. D'fhéadfadh rud nua a bheith foghlamtha agat, nó d'fhéadfadh sé gur tháinig feabhas ar scil a bhí agat cheana, nó d'fhéadfadh sé gur tháinig athrú ar mheon nó tuairim a bhí agat; d'fhéadfadh sé gur ceisteanna nua atá agat de bharr na foghlama nó go bhfuil a fhios agat anois cé na scileanna is mian leat a fhoghlaim, nó go bhfuil athrú iompraíochta éigin atá fonn ort a bhaint amach nó gníomhaíocht ar mhaith leat tabhairt fúithi. Is iomaí rud a d'fhéadfadh a bheith foghlamtha agat!

Úsáid an dá dhronuilleog sa chnaipe sosa chun cúpla focal a scríobh faoin dá rud is tábhachtaí atá foghlamtha agat faoin domhandú, faoin dearcadh atá agat ina leith agus faoi céard is féidir leat a dhéanamh faoi.

Tá an machnamh ábhartha i leith shonraíochtaí uile na sraithe sóisearaí agus baineann sé go háirithe leis na príomhscileanna i dtaobh bainistíocht a dhéanamh ort féin agus bainistíocht a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar an smaointeoireacht.

Naisc Úsáideacha

Spriocanna Domhanda (nó Spriocanna Domhandaithe)

- 17 Sprioc Dhomhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe agus cuspóirí i leith gach Sprice: **www.globalgoals.org**

Lorg éiceolaíochta

- Global Footprint Network: **https://www.footprintcalculator.org/**
- Áireamhán loirg WWF: **https://footprint.wwf.org.uk/#/**

Forbairt idirnáisiúnta

- Cúnamh Éireann (An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála) (2018). Domhan Níos Fearr: Beartas na hÉireann maidir le forbairt idirnáisiúnta: **www.irishaid.ie**

Meon an náisiúnachais nó an iltaobhachais i leith na vacsaíne

- An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (2020), 'Dr Tedros talks about the threat of vaccine nationalism' (1.25 nóiméad): **https://www.youtube.com/watch?v=LUAsKbH7yeY**

SAINCHEIST A BHAINEANN LEIS AN OIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA **BOCHTAINEACHT AGUS NEAMHIONANNAS**

EOLAS DO MHÚINTEOIRÍ: COSAINT AGUS CÚRAM LE LINN COVID-19

Bhí na chéad tuairiscí faoi COVID-19 dírithe ar chathair Wuhan sa tSín, áit a gceaptar gur thosaigh an víreas, agus ar na rátaí ionfhabhtaithe a bhí ag ardú go tréan in áiteanna mar an Iodáil, an Spáinn agus na Stáit Aontaithe. Sna míonna ina dhiaidh sin, bhí aird na meán sa Domhan Thuaidh dírithe go mór ar a réigiún féin fiú agus an phaindéim ag dul i bhfeidhm ar an domhan go léir. Cuid den chúis a bhí leis sin ná gur thuairiscigh tíortha sa Domhan Thuaidh an méid ba mhó cásanna coróinvíris agus básanna dá bharr. Ach creideann an comhlacht domhanda faoisimh dhaonnúil, an Coiste Tarrthála Idirnáisiúnta, go bhféadfadh sé nach dtuigtear fíorscála na paindéime sa Domhan Theas mar gheall ar easpa tástála agus deacrachtaí ó thaobh sonraí.



Fíor 4: Cumas an chórais sláinte.
Foinse: UNDP, 2020. COVID-19 agus forbairt an duine: Ullmhacht agus leochaileacht dhomhanda a iniúchadh.

Ní dhéanann COVID-19 idirdhealú ó thaobh cé a bhuaileann sé agus conas a théann sé i bhfeidhm orthu, ach ní sa bhád céanna a bhíonn gach duine leis. Cé go bhféadfadh an phaindéim seo duine ar bith a bhualadh ar shlí éigin, is measa i bhfad a bhuailtear roinnt daoine agus roinnt grúpaí daoine ná a chéile ó thaobh na sláinte de nó is féidir leo a bheith níos mó faoi mhíbhuntáiste ar bhealaí eile. Ar bhealach, dhírigh an phaindéim seo aird ar an dochar mór atá san éagothroime ollmhór ó thaobh saibhris, acmhainní, agus cumhachta idir an Domhan Thuaidh agus an Domhan Theas. Mar shampla, de réir Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP), i gcás tír ina bhfuil leibhéal ard forbartha bíonn 55 leaba ospidéil ar an meán aici, os cionn 30 lia, agus 81 altra in aghaidh gach 10,000 duine, i gcomparáid le 7 leaba ospidéil, 2.5 lia agus 6 altra i dtír atá rangaithe mar cheann íseal san innéacs um fhorbairt an duine. In ainneoin dul chun cinn a tuairiscíodh le déanaí maidir le laghdú na bochtaineachta, tá thart ar dhuine amháin as gach ceathrar fós bocht ar an iomaí bealach nó i mbaol a bheith amhlaidh, agus tá níos mó ná 40 faoin gcéad de mhuintir an domhain gan aon choimirce shóisialta.

Tá cumais éagsúla ag stáit aonair freagairt do shuaití ar nós COVID-19 agus tacú lena bpobail, go háirithe de réir mar a stopann stráicí móra de mhargaí saothair ag obair. Bíonn an cumas freagartha bunaithe freisin ar bheartais agus staid airgeadais éagsúla, agus ar leibhéil leachtachta. Mar aon leis na héifeachtaí díreacha a bhíonn aige ar an tsláinte, cuireann COVID-19 isteach go hindíreach ar shaol pobal faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar an tionchar a bhíonn aige ar chúrsaí eacnamaíochta. I gcás go leor daoine sa Domhan Theas, go háirithe iad siúd nach bhfuil airgead i dtaisce acu nó a bhíonn ag obair sa gheilleagar neamhfhoirmiúil, is féidir le tionchar eacnamaíoch indíreach an víris a bheith marfach. I dtuarascáil ó Mhná na Náisiún Aontaithe, From Insights to Action: Gender equality in the wake of COVID-19, sonraíodh go bhfágfaidh an phaindéim go mbeidh 96 milliún duine beo bocht faoi 2021, agus gur mná agus cailíní iad 47 milliún díobh sin.

Fágfaidh sé sin go mbeidh 435 milliún bean agus cailín beo bocht ar fud an domhain agus léiríonn réamh-mheastacháin nach bhfeicfimid na leibhéil réamhphaindéime arís go dtí 2030.

I dtíortha a bhfuil geilleagar an-neamhfhoirmiúil acu, ina bhfuil an choimirce shóisialta lag nó gan coimirce shóisialta ar bith ar fáil, is rí-dheacair an rud é scaradh sóisialta agus coraintín nó féinleithlisiú a chur i bhfeidhm i gcás daoine a ndearnadh tástáil dhearfach orthu le haghaidh COVID-19 (nó a bhfuil comharthaí an víris orthu) – is deacair príomhbhearta sláinte poiblí a mholann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte a chur i bhfeidhm.

Ina lán cathracha sa Domhan Theas, cosúil le Nairobi sa Chéinia, tá an daonra dlúth, tá na cosáin cúng agus bíonn na seirbhísí iompair phoiblí plódaithe. Thairis sin, níl sé d'acmhainn ag na daoine sna cathracha sin a bheith dífhostaithe. Roinneann a lán daoine an seomra folctha céanna, an spás maireachtála céanna agus seomraí leapa le daoine muinteartha leo agus le daoine nach bhfuil dlúthghaol acu leo. Níl ann ach líon beag daoine a bhfuil d'acmhainn acu an scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm ar an gcaoi a moltar.



Figure 5: COVID-19, cities and communities
Source: https://www.un.org/sustainabledevelopment/

Dúshláin mhóra is ea an scaradh sóisialta agus an féinleithlisiú freisin cibé áit a bhfuil pobail mhóra ar cuireadh iallach orthu imeacht as a dtithe. Tá daoine a ndearnadh easáitiú ina dtír féin orthu ina lán tíortha sa Domhan Theas - sin daoine arbh éigean dóibh dteitheadh óna dtithe mar gheall ar fhoréigean, coimhlint pholaitiúil, achrann sóisialta, iomaíocht le haghaidh acmhainní, cliseadh aeráide nó dúshláin chomhshaoil eile. Murab ionann agus dídeanaithe, fanann na daoine sin ina dtíortha féin. In 2019, thuairiscigh UNHCR, gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um dhídeanaithe, go raibh 45.7 milliún duine easáitithe ina dtír féin ar fud an domhain. Níl cóiríocht bhuan dá gcuid féin ag na daoine sin, agus is minic a bhíonn orthu cur fúthu i gcampaí nó i lonnaíochtaí plódaithe, áit nach féidir an scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm. Chothaigh COVID-19 rioscaí nua do na pobail sin a bhí faoi mhíbhuntáiste cheana féin agus chuir sé in olcas na cúinsí a dhíbir na daoine óna n-áiteanna cónaithe an chéad lá riamh.

Sa Nigéir, mar shampla, tharla easáitiú daoine mar gheall ar an gcoinbhleacht leis an ngrúpa míleatach Boko Haram, iomaíocht idir tréadaithe agus feirmeoirí, agus tubaistí nádúrtha ar nós tuilte séasúracha. Tarlaíonn na tuilte sin mar gheall ar dhrochphleanáil uirbeach, uirbiú tapa, agus an bháisteach a bheith ag dul i méid de bharr an aeráid a bheith ag athrú. Tá na daoine atá easáitithe sa Nigéir ag cur fúthu i gcampaí móra atá ann le fada, ar nós campa Gubio in oirthuaisceart na Nigéire, áit phlódaithe ina bhfuil cónaí ar thart ar 38,000 duine. Bíonn sé an-deacair scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm i gcampa Gubio agus i gcampaí cosúil leis.

In 2019, mheas UNHRC go raibh 26 milliún dídeanaí ar fud an domhain. Tá an-chuid dídeanaithe i dtíortha mar an Tuirc, an Cholóim, an Phacastáin agus Uganda. Ceann de na campaí dídeanaithe is mó agus is dlúthphlódaithe ar domhan is ea Cox's Bazar sa Bhanglaidéis, áit a bhfuil cónaí ar 859,000 dídeanaí a theith ó Mhaenmar in 2017. Tá timpeall is 40,000 duine in aghaidh an chiliméadair chearnaigh ansin agus iad ina gcónaí i scáthláin phlaisteacha atá brúite le chéile.

In 2018, mheas na Náisiúin Aontaithe go raibh 24% de na daoine (828 milliún duine) i gceantair uirbeacha ina gcónaí i slumaí. Tá cónaí ar fhormhór na ndaoine sna slumaí i dtrí réigiún: an Áise Thoir agus Thoir-Theas, an Áise Láir agus Theas agus an Afraic fho-Shahárach. In Favela de Rocinha sa Bhrasaíl, an sluma is mó in Rio de Janeiro, tá timpeall is 250,000 duine ina gcónaí sa mhullach ar a chéile. Tá na háiteanna cónaithe plódaithe, mar is gnách níos mó ná teaghlach amháin a bheith ag cónaí le chéile. Níl uisce reatha ag an gcuid is mó de na tithe agus ní furasta na lámha a ní go rialta le gallúnach agus uisce glan. Má dhéantar tástáil dhearfach i leith an víris ar dhuine a chónaíonn i favela sa Bhrasaíl nó má bhíonn comharthaí an víris air nó uirthi, gach seans nach mbeidh aon áit ann dó nó di chun féinleithlisiú a dhéanamh.

I dtéarmaí domhanda, tá athruithe radacacha ag teastáil chomh maith le freagra iltaobhach níos comhtháite ar na géarchéimeanna ilghnéitheacha atá ag tarlú faoi láthair. Gan tacaíocht idirnáisiúnta, beidh sé deacair ar thíortha sa Domhan Theas teacht slán ón ngéarchéim seo. D'iarr Ceartas Airgeadais Éireann, i dteannta le heagraíochtaí neamhrialtasacha eile atá lonnaithe in Éirinn agus in áiteanna eile, ar rialtais agus eagraíochtaí idirnáisiúnta cosúil leis an mBanc Domhanda agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta fiacha atá ar thíortha ar ioncam íseal a chur ar ceal mar bhealach chun dul i ngleic le géarchéim COVID-19. D'áitigh siad go gcuirfeadh cealú na n-íocaíochtaí go léir a bhí dlite do rialtais eile, d'institiúidí iltaobhacha agus d'iasachtóirí príobháideacha suas le $25.5 billiún (airgeadra na Stát Aontaithe) ar fáil do na tíortha sin in 2020. Dá gcuirfí ar ceal na híocaíochtaí a bhí dlite in 2021, bheadh $24.9 billiún eile ar fáil chun daoine a thabhairt slán anois agus amach anseo.

De réir mar a bhíonn tíortha ag obair le chéile chun vacsaíní a chur i bhfeidhm agus a ngeilleagair a dhaingniú, ní mór don domhan aird a thabhairt freisin ar na deacrachtaí ar leith atá le sárú sa Domhan Theas agus iarracht a dhéanamh teacht ar réitigh chuimsitheacha orthu. Tá comhar idirnáisiúnta de dhíth chuige sin, agus comhar airgeadais san áireamh, agus fágann sé freisin, inár gcás féin a bhfuil sé d'ádh orainn a bheith in ann déanamh de réir na comhairle is fearr ó ghníomhaireachtaí sláinte poiblí gradamacha maidir le conas leathadh COVID-19 a sheachaint, go bhfuil sé de fhreagracht orainn é sin a dhéanamh.

Sources: see bibliography available **https://www.worldwiseschools.ie/resource-library2/**



Fíor 6: Faisnéis faoi COVID-19

Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist....

- **Sprioc 1:** Deireadh a chur le gach cineál bochtaineachta, cibé cén áit a bhfuil sí
- **Sprioc 2:** Deireadh a chur leis an ocras, slándáil bia agus cothú feabhsaithe a bhaint amach agus an talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn
- **Sprioc 3:** Saol sláintiúil a chinntiú agus an fholláine a chur chun cinn do chách, beag beann ar aois
- **Sprioc 5:** Comhionannas inscne a bhaint amach agus cumhacht a thabhairt do gach bean agus gach cailín
- **Sprioc 6:** A chinntiú go mbeidh fáil ag gach duine ar uisce agus sláintíocht agus go ndéanfar bainistíocht inbhuanaithe orthu
- **Sprioc 8:** Cur chun cinn a dhéanamh ar fhás geilleagrach atá seasta, cuimsitheach agus inbhuanaithe, ar lánfhostaíocht tháirgiúil agus ar obair chuibhiúil do chách
- **Sprioc 10:** An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha
- **Sprioc 17:** Neartú a dhéanamh ar na modhanna feidhmithe agus athbheochan a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht dhomhanda don fhorbairt inbhuanaithe

Gníomhaíochtaí traschuraclaim SAMPLACHA teagaisc agus foghlama

Feicim, sílim, fiafraím

I mí an Mhárta 2020, scríobh an Dr Jagadish J. Hiremath, dochtúir Indiach atá i mbun ospidéal i limistéar tionsclaíoch de Bangalore, snáithe Twitter a scaipeadh go rábach.

Dúirt go leor tráchtairí gur thug a chuid tvuíteanna léargas domhanda ar thionchar COVID-19 agus gur mheabhraigh siad dúinn an neamhionannas ar domhan

Léigh an snáithe Twitter a scríobh an Dr Hiremath agus críochnaigh na habairtí seo a leanas:

Feicim…

Sílim…

Fiafraím…

Pléigh do chuid abairtí féin le duine amháin eile.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1, 2.1, 2.5, 2.9 & 2.10; Béarla TF OL1, OL2, R1, R2, R3, W3; Fealsúnacht TF 8.1, 8.2 & 8.3



Fíor 7: Snáithe Twitter leis an Dr Jagadish J. Hiremath, Márta 2020

Pribhléid

Déan liosta de thrí fhocal nó níos mó a bhfuil an bhrí ceann leo is atá le 'pribhléid'.

Úsáid ceann de na focail sin in abairt faoin tionchar a bhí ag COVID-19 ar dhuine atá faoi phribhléid, agus ceann eile chun cur síos a dhéanamh ar an tionchar a bhí aige ar dhuine bocht, mar a luaigh an Dr Hiremath sa snáithe Twitter.

Anois, déan liosta de thrí fhrithchiallach nó níos mó don fhocal 'pribhléid'.

An uair seo bain úsáid as ceann de do chuid frithchiallach in abairt faoin tionchar a bhí ag COVID-19 ar dhuine atá faoi phribhléid, agus ceann eile chun cur síos a dhéanamh ar an tionchar a bhí aige ar dhuine bocht.

Déan machnamh ar na rudaí a déarfadh na daoine a bhí ar intinn agat agus na habairtí sin á scríobh agat, dá léifidís na cheithre abairt a scríobh tusa.

Más gá, téigh siar ar do chuid abairtí chun iad a chur in oiriúint don chaoi a gceapann tú a scríobhfadh na daoine eile iad.

Déan machnamh ar an tionchar a bhí ag COVID-19 ort féin i gcomparáid le daoine atá faoi phribhléid agus daoine bochta.

Pléigh do chuid abairtí féin le duine amháin eile.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1, 1.11, 2.1, 2.5, 2.9, 2.10 & 2.12; Béarla TF W1, W3, W4, W7 & W10; Fealsúnacht TF 8.2

Sainmhíniú

Tabhair sainmhíniú (de do chuid féin) ar na rudaí seo a leanas:

- Duine atá easáitithe ina thír féin
- Dídeanaí
- Iarrthóir tearmainn

Téigh i bpáirt le duine amháin eile agus déanaigí comparáid idir na sainmhínithe atá agaibh. Agus sibh ag obair le chéile, roghnaígí an sainmhíniú is fearr ar gach ceann de na téarmaí.

Roinnigí na sainmhínithe sa rang – is féidir iad a phostáil ar Padlet (nó a leithéid) nó iad a thaispeáint ar chláir Show-Me.

Cuardaigh suíomh gréasáin UNHCR le haghaidh sainmhínithe ar na trí théarma sin, agus ansin athraígí bhur sainmhínithe féin más mian libh (féach na Naisc thíos).

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 2.9; Béarla OL1, OL2, OL3 & W3; Tíreolaíocht TF 3.2

Laistigh

In Éirinn, ar nós tíortha eile, tá grúpaí áirithe níos leochailí ná a chéile ó thaobh éifeachtaí sláinte COVID-19 agus/nó faoi mhíbhuntáiste níos mó ná a chéile de bharr éifeachtaí tánaisteacha na paindéime.

Déan taighde ar an tionchar a bhí ag COVID-19 de cheann de na grúpaí daoine seo a leanas (nó

grúpa eile daoine a bhfuil suim agat iontu):

- Fostaithe i ngléasra feola
- Daoine a bhfuil cónaí orthu in ionaid soláthair dhírigh
- Páistí agus daoine óga i dteaghlaigh atá ar leibhéal íseal ar an scála socheacnamaíoch
- Daoine scothaosta i dtithe altranais
- Daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair uirbeacha

Inis do chuid torthaí don chuid eile den rang, agus luaigh na cúiseanna a ndeachaigh an phaindéim i gcion go díréireach ar an ngrúpa a ndearna tú taighde air. Sonraigh na Spriocanna Domhanda a chuideodh, dá mbainfí amach iad, le feabhas a chur ar shaol na ndaoine sa ghrúpa a ndearna tú taighde air.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 2.5, 2.8 & 2.9; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 2.3; Béarla TF R2; Tíreolaíocht TF 3.5

Slán

"Níl aon duine againn sábháilte go dtí go mbeidh gach duine againn sábháilte."

António Guterres, Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, Bealtaine 2020.

Faigh marcóirí nó criáin agus píosa páipéir A4.

Cas an leathanach ar a thaobh (treoshuíomh tírdhreacha).

Scríobh an focal slán, nó an focal céanna i dteanga eile, i lár an leathanaigh.

Úsáid línte nó brainsí daite ag teacht amach ón bhfocal sa lár chun nasc a dhéanamh le focail nó frásaí eile a ritheann leat agus tú ag smaoineamh ar an méid a dúirt António Guterres agus ar bhrí an fhocail slán i gcomhthéacs COVID-19.

Má tá an fonn sin ort, b'fhéidir gur mhaith leat do mheabhairmhapa a phlé le scoláirí eile sa rang.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1, 1.11, 2.1 & 2.12; Béarla TF OL3 & W3; OSPS TF 2.4

Dochtúirí na plá

Léigh 'Why plague doctors wore those strange beaked masks' nó féach air (féach na Naisc thíos).

Déan taighde faoin 'trealamh cosanta pearsanta' a chaitheadh dochtúirí le linn ráigeanna den phlá bhúbónach.

Dírigh go háirithe ar an mbunús agus ar an gcúis a bhí le maisc aghaidhe den stíl sin a bheith á gcaitheamh ag na dochtúirí, agus ar na rudaí a bhí istigh sna maisc (luibheanna, bláthanna triomaithe srl).

Déan taighde ar an gcaoi a léirítear dochtúirí na plá i saothair ealaíne agus sceitseáil na maisc aghaidhe ghobacha agus na rudaí a bhíodh istigh iontu.

Scrúdaigh airíonna frithbhaictéaracha agus frithvíreasacha na luibheanna agus na mbláthanna sna maisc. Déan comparáid idir an eolaíocht is bonn leis an masc gobach agus fianaise eolaíoch an lae inniu faoi leathadh galar agus an úsáid a bhaintear as maisc aghaidhe.

Úsáid torthaí do thaighde chun cabhrú leat ráiteas gairid a ullmhú faoi ról na healaíne agus/nó na heolaíochta maidir le cuidiú le Sprioc Dhomhanda 3 (Sláinte mhaith agus folláine) a bhaint amach.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): Béarla TF R2, R3, W3 & W4; Stair TF 1.1, 1.11, 3.6 & 3.14; Eolaíocht TF 1.1, 1.10 & 5.6; Amharc-ealaín TF 1.4 & 1.7

Dhá fhírinne agus sleamhnán

Aimsigh fíric amháin (nó níos mó) atá bunaithe ar fhianaise faoin tionchar a bhíonn ag maisc aghaidhe aon úsáide ar an gcomhshaol (féach na Naisc thíos).

Aimsigh sampla amháin nó níos mó de ghnólacht, fiontar sóisialta nó eagraíocht dheonach a rinne masc aghaidh inbhuanaithe (féach na Naisc thíos).

Ullmhaigh agus cuir i láthair sleamhnán amháin PowerPoint ar a bhfuil íomhánna agus téacs, chun na torthaí taighde is suntasaí a léiriú.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): Staidéar Gnó TF 2.1; OSSP TF 1.1, 2.1, 2.8 & 2.9; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 2.3; Béarla TF R2 & R3; Tíreolaíocht TF 2.6; Eolaíocht TF 5.6 & 2.7

Fógra i gcomhair masc aghaidhe

Féach ar an bhfógra ó Chumann na Croise Deirge le linn phaindéim fliú na bliana 1918 (ar dheis) agus úsáid an teicneolaíocht agus an t-eolas atá agat ar COVID-19 chun fógra nua-aimseartha a ullmhú chun cairde agus daoine muinteartha leat a spreagadh iad féin agus daoine eile a chosaint trí mhaisc aghaidh éifeachtacha, inbhuanaithe a chaitheamh.

B'fhéidir gur mhaith leat d'fhógra a fhoilsiú ar líne ar ardáin ábhartha na meán sóisialta.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP 1.1, 2.1, 2.9 & 2.10; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 4.5; Béarla TF R1, R2, W3 & W4; Stair TF 1.1, 1.11 & 3.14; Eacnamaíocht Bhaile TF 2.7; Amharc-ealaín TF 1.14

WEAR A MASK
and Save Your Life!
The Emergency That Now Confronts Our City
Is Beyond the Facilities of the Health Department
The RED CROSS
has come to the assistance of the Board of Health. Doctors and nurses can not be obtained to take care of the afflicted. You must wear a mask, not only to protect yourself but your children and your neighbor from influenza, pneumonia and death.
A GAUZE MASK IS 99% PROOF AGAINST INFLUENZA
Doctors wear them. Those who do not wear them get sick. The man or woman or child who will not wear a mask now is a dangerous slacker.
WEAR MASKS
GOING TO WORK
AT WORK
GOING HOME
AT HOME

Fíor 8: Fógra i gcomhair maisc aghaidh ó Chumann na Croise Deirge, 1918

3-T ar líne

Déan píosa taighde faoi scéalta faoi scoláirí agus múinteoirí dara leibhéal in Éirinn a d'úsáid printéirí 3-T sna scoileanna chun trealamh cosanta pearsanta (TCP) a tháirgeadh d'oibrithe túslíne le linn na paindéime COVID-19.

Cuir do chuid torthaí i láthair sa seomra ranga faoin na ceannteidil seo a leanas:

- Na cúiseanna gur shocraigh scoláirí/múinteoirí trealamh cosanta pearsanta a tháirgeadh le printéirí 3-T
- Na hábhair agus an teicneolaíocht a úsáideadh
- Tionchar na sochaí agus aiseolas ó oibrithe túslíne agus úsáideoirí eile

Glac páirt i bplé ranga faoi acmhainneacht atá ag daoine óga agus múinteoirí an teicneolaíocht atá sna scoileanna a úsáid chun freagairt do dhúshláin a bhaineann leis an bpaindéim agus na Spriocanna Domhanda a chur chun cinn (féach an Nasc thíos).

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): Grafaic Fheidhmeach TF 1.5, 3.3, 3.5, 3.8 & 3.9; OSSP TF 1.1, 1.5, 2.8, 2.9 & 2.10; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 4.5; Grafaic TF 2.4; Béarla TF OL1, OL2 & OL5; Fealsúnacht Snáithe 6

Laoch a bhfuil masc air nó uirthi

Déan taighde féachaint cé na maisc aghaidhe is fearr is féidir a dhéanamh sa bhaile, ar cinn iad is féidir a úsáid arís agus arís eile (féach na Naisc thíos).

Aimsigh nó ullmhaigh treoracha chun masc aghaidh in-athúsáidte a dhéanamh as táirgí inbhuanaithe (mar shampla, le hábhar is furasta a fháil sa teach).

Déan an masc mar bhronntanas nó mar thabhartas do dhuine eile nó d'eagraíocht agus bíodh sé sách mór do pháiste nó do dhuine fásta de réir mar is cuí.



Fíor 9: "Talking Heads". Íomhá Taighde na Bliana de chuid Fhondúireacht Eolaíochta na hÉireann 2020. © Niall Smith, Steven Darby, Krishna Chullipaliyalil agus Danielle Wilcox, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Cuir isteach leis an mbronntanas nó leis an tabhartas eolas faoin eolaíocht is bonn leis an masc, treoracha maidir le masc a dhéanamh, a láimhseáil agus aire a thabhairt dó, agus teachtaireacht dóchais don té a bheidh á chaitheamh.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1, 2.1, 2.9 & 2.10; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 2.3; Béarla TF R1, R2, R3, W3 & W4; Eacnamaíocht Bhaile TF 2.7, 3.1, 3.2, 3.3, 3.6, 3.8 & 3.9; Matamaitic U6; Eolaíocht TF 1.3 & 5.6; OSPS TF 4.8 & 4.9

Gallúnach Inbhuanaithe

Cuardaigh ceacht ar líne faoi conas leacht gallúnaí frithvíreasach a dhéanamh sa bhaile.

Déan an ghallúnach agus cuir i mbuidéal gloine í. Dear lipéad i gcomhair do bhuidéil gallúnaí agus greamaigh dó é.

Agus tú ag baint úsáid as do tháirge, múin do dheartháireacha nó deirfiúracha óga leat nó do chairde leat conas a lámha a ní i gceart, agus mínigh cén fáth go bhfuil sé sin tábhachtach i ré COVID-19.

Déan comparáid idir do leacht gallúnaí frithvíreasach agus táirge tráchtála atá ar fáil go héasca sna siopaí agus na critéir seo a leanas á n-úsáid agat: costas, boladh/conas a airíonn sé, tionchar ar an gcraiceann, áisiúlacht (an t-am a thógann sé é a dhéanamh, mar shampla, seachas dul chuig an siopa agus é a cheannach), tionchar ar an tsochaí, ar an ngeilleagar agus ar an gcomhshaol.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1, 2.1, 2.9 & 2.10; Eacnamaíocht Bhaile TF 2.4, 2.5 & 2.7; Eolaíocht TF 5.6; OSPS TF 4.8 & 4.9; Amharc-ealaín TF 3.4, 3.5 & 3.6

Dhá mhéadar

Is é 2 mhéadar nó 6 troithe go leith an fad achair a mholann Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte mar fhad achair sábháilte idir daoine chun iad a chosaint i gcoinne leathadh COVID-19.

Déan suirbhé ar scoláirí i do rang, do bhliain nó sa scoil le fáil amach cé mhéad acu atá in ann 2 mhéadar (6 troithe go leith) a thomhas i gceart. Léirigh torthaí an tsuirbhé ar ghraf.

Eagraigh clár cluichí 2 mhéadar le linn am lóin nó sa rang corpoideachais, ar nós gníomhaíochtaí chun feiceáil cé atá in ann léim, liathróid a chaitheamh, nó rud trom a tharraingt 2 mhéadar nó iolraithe de 2 mhéadar.

Déan an suirbhé arís agus léirigh na torthaí i ngraif.

Déan comparáid idir an dá ghraf (roimh na gníomhaíochtaí agus ina ndiaidh) féachaint cén tionchar, más tionchar ar bith, a bhí ag na cluichí ar an gcumas a bhí ag daoine 2 mhéadar a thomhas.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1, 2.1, 2.9 & 2.10; Matamaitic U4, U6 & N4; Corpoideachas TF 1.4 & 1.6; OSPS TF 4.8 & 4.9

Cothromaíocht

Déan iniúchadh ar na meáin áitiúla agus náisiúnta ar feadh tréimhse 2-4 seachtaine maidir leis an tuairisciú a dhéanann siad ar thionchar COVID-19 i dtíortha sa Domhan Theas le hais tíortha sa Domhan Thuaidh.

Úsáid torthaí d'iniúchta chun stocaireacht a dhéanamh ar bhealaí meán ar son tuairisciú cothrom geo-pholaitiúil ar thionchar COVID-19 agus ar fhadhbanna domhanda eile.

Más ag stocaireacht ar ardáin ar líne atá tú, cuir isteach haischlibeanna ar nós #lechéile #ansaolnua agus #linnféinlechéile

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1, 2.1, 2.9 & 3.13; Béarla TF R1, R2, R3, W3 & W4; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 2.3, 2.4 & 3.4

Réitigh úrnua

Bunaithe ar do thaithí féin agus ar do chuid foghlama féin, glac páirt i ndíospóireacht faoi na dúshláin a bhaineann le COVID-19 i ndomhan atá éagothrom.

Téigí ag obair le chéile ina mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga chun teacht ar réitigh chruthaitheacha ar na dúshláin sin. Leid: Bígí chomh samhlaíoch agus is féidir libh agus sibh ag smaoineamh.

Cuirigí an dá smaoineamh is fearr ó do bheirt nó do ghrúpa féin i láthair an ranga. Is féidir é sin a dhéanamh ó bhéal nó trí Padlet, Menti nó a leithéid a úsáid.

Mar rang, pléigí an bealach is fearr chun rangú a dhéanamh ar smaointe an ranga. Leid: samplaí de bhealaí chun rangú a dhéanamh ar na smaointe is ea de réir na dóchúlachta go dtarlóidh an rud ar smaoinigh sibh air, de réir mhéid an tionchair, agus de réir a éasca a bheadh sé ag daoine óga cuidiú an smaoineamh a chur i bhfeidhm.

Déanadh gach beirt nó gach grúpa rangú ar smaointe an ranga ar bhonn dhá chritéar nó níos mó, agus tugaigí faoi deara an chaoi a n-athraíonn an rangú de réir mar a athraítear na critéir.

Pléadh an rang an luach agus an tábhacht a bhaineann le gníomh a dhéanamh ó thaobh ghné na folláine aonair agus na folláine comhchoitinne.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1, 2.1, 2.9 & 2.10; Béarla TF OL1 & OL2; OSPS TF 4.2, 4.8 & 4.9

Lá Idirnáisiúnta na Bochtaineachta

Is é an 17 Deireadh Fómhair gach bliain Lá Idirnáisiúnta na Bochtaineachta de chuid na Náisiún Aontaithe. Gach bliain, bíonn téama difriúil ag an lá seo. In 2020, ba é an téama “Ag gníomhú le chéile chun ceartas sóisialta agus comhshaoil a bhaint amach do chách”.

Féach ar theachtaireacht (nó éist léi) ó dhuine amháin nó níos mó de na daoine seo a leanas chun Lá Idirnáisiúnta na Bochtaineachta, an 17 Deireadh Fómhair 2020, a cheiliúradh:

- António Guterres, Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe
- Micheál D. Ó hUigínn, Uachtarán na hÉireann

Agus tú ag déanamh staidéar ar do rogha teachtaireacht, breac síos na Spriocanna Domhanda a bhfuil baint acu leis an méid atá faoi chaibidil (féach na Naisc thíos).

Samhlaigh gur iarradh ort páirt a ghlacadh i Lá Idirnáisiúnta na Bochtaineachta ar an 17 Deireadh Fómhair 2030, an bhliain faoina bhfuil na Spriocanna Domhanda le baint amach. Is féidir leat ceann acu seo a leanas a roghnú:

- Socraigh cén téama a bheith i gceist, agus ullmhaigh alt gearr nó cur i láthair ó bhéal á mhíniú
- Scríobh teachtaireacht ghearr

Cuir do théama nó do theachtaireacht chuig eagraíocht atá ag obair chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht in Éirinn nó thar lear.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP 1.1, 2.1, 2.5, 2.6 & 2.9; Béarla TF R1, R2, R3, W3 & W4

Ardghiúmar

Léigh '75 reasons to be cheerful – by Mary McAleese, Chris de Burgh, Sinéad O'Connor and more' nó éist leis (Nasc thíos).

Coinnigh dialann bhuíochais i cibé teanga is maith leat, agus breac síos trí chúis nó níos mó le bheith in ardghiúmar gach lá ar feadh coicís ar a laghad. Leid: Mura bhfuil fonn ort dialann scríofa a choinneáil, smaoinigh ar thaifeadadh físe nó taifeadadh gutha.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 2.9; Béarla TF R1, R2, R3, W3, W4 & W9; OSPS TF 4.8 & 4.9

Machnamh i bhfoirm néil

> *Is é an rud a d'fhoghlaim mé uaidh seo ná go bhfuil daoine an-chliste, go bhfuil croí mór maith i ndaoine i ndáiríre, agus go bhfuil daoine ag iarraidh an rud ceart a dhéanamh. Ach uaireanta ní thugtar de chumhacht dóibh é sin a dhéanamh. Ní thugtar na hacmhainní dóibh chun an rud ceart a dhéanamh. Caithfimid aghaidh a thabhairt ar chuid den neamhionannas córasach sin inár sochaithe. Caithfimid aghaidh a thabhairt ar chuid de na saincheisteanna eiseacha seo atá le sárú againn ós rud nach bhfuil sa phaindéim seo i ndáiríre ach rabhadh faoin gcaoi a bhfuil an pláinéad á bhainistiú againn, agus an chaoi a bhfuil ár sochaithe á mbainistiú againn.*
> An Dr Mike Ryan, Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chláir Éigeandálaí Sláinte, An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte

Tarraing néal (scamall) ina bhfuil focail agus frásaí a thagann chun cuimhne agus tú ag smaoineamh ar an sliocht sin ón Dr Mike Ryan, ar an méid atá foghlamtha agat ón bpaindéim, agus ar na gníomhaíochtaí sa rannán seo.

Tá an machnamh ábhartha i leith sonraíochtaí uile na sraithe sóisearaí agus baineann sé go háirithe leis na príomhscileanna i dtaobh bainistíocht a dhéanamh ort féin agus bainistíocht a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar an smaointeoireacht.

Naisc Úsáideacha

Sainmhíniú

- UNHCR, 'Internally displaced people': **https://www.unhcr.org/sy/internally-displaced-people**
- UNHCR (2017), 'Who is an internally displaced person?': **https://www.youtube.com/watch?time_continue=9&v=DCzpVQkencw&feature=emb_logo**
- UNHCR, 'What is an asylum seeker': **https://www.unhcr.org/en-ie/asylum-seekers.html**
- UNHCR, 'What is a refugee?': **https://www.unhcr.org/en-ie/what-is-a-refugee.html**

Dochtúirí na plá

- National Geographic 'Why plague doctors wore those strange beaked masks': **https://www.nationalgeographic.com/history/reference/european-history/plague-doctors-beaked-masks-coronavirus/**

Dhá fhírinne agus sleamhnán

- Strasser, Bruno, J. & Schlich, Thomas. 'A history of the medical mask and the rise of throwaway culture,' The Lancet, May 2020: **https://www.thelancet.com/journals/lancet/article/PIIS0140-6736(20)31207-1/fulltext**
- Kassam, A. "More masks than jellyfish': coronavirus waste ends up in ocean,' The Guardian, 8 June 2020: **https://www.theguardian.com/environment/2020/jun/08/more-masks-than-jellyfish-coronavirus-waste-ends-up-in-ocean**
- An Fóram Eacnamaíoch Domhanda 'This French firm is making biodegradable face masks using hemp': **https://www.weforum.org/agenda/2020/09/hemp-france-face-masks-coronavirus-covid-pandemic**
- McMullan, D. 'We love these Irish face masks made from recycled ocean plastic, and so does Leonardo DiCaprio,' an iris Image, Bealtaine 2020: **https://www.image.ie/life/an-irish-company-has-launched-reusable-face-masks-backed-by-leonardo-dicaprio-made-from-recycled-ocean-plastic-198664**

Laoch a bhfuil masc air nó uirthi

- An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte – faisnéis faoi mhaisc aghaidh: **https://www.who.int/emergencies/diseases/novel-coronavirus-2019/advice-for-public/when-and-how-to-use-masks**

  https://www.independent.ie/world-news/coronavirus/coronavirus-ireland-how-to-make-a-face-mask-with-our-step-by-step-tutorial-39209252.html

Lá Idirnáisiúnta na Bochtaineachta

- Aitheasc ó António Guterres, Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, chun Lá Idirnáisiúnta na Bochtaineachta 2020 a cheiliúradh: **https://www.un.org/en/observances/day-for-eradicating-poverty/messages**
- Teachtaireacht ó Mhicheál D. Ó hUigínn, Uachtarán na hÉireann chun Lá Idirnáisiúnta na Bochtaineachta 2020 a cheiliúradh: **https://president.ie/en/diary/details/president-marks-un-day-for-the-eradication-of-extreme-poverty**
- Na Spriocanna Domhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe: **www.globalgoals.org**

Ardghiúmarl

- '75 reasons to be cheerful – by Mary McAleese, Chris de Burgh, Sinéad O'Connor and more,' Irish Times, Deireadh Fómhair 2020: **https://www.irishtimes.com/life-and-style/75-reasons-to-be-cheerful-by-mary-mcaleese-chris-de-burgh-sin%C3%A9ad-o-connor-and-more-1.4380675?mode=amp&s=03**

Ní gníomh carthanais é an bhochtaineacht a shárú. Is gníomh ceartais é. Seasann sé le ceann de chearta bunúsacha an duine, an ceart chun na dínite agus chun saol cuibhiúil. A fhad is go bhfuil daoine bocht fós ann, níl aon saoirse ann i ndáiríre.

Nelson Mandela (1918-2013), gníomhaí in aghaidh na críochdheighilte agus iarUachtarán ar an Afraic Theas

EOLAS DO MHÚINTEOIRÍ: AN CEART CHUN OIDEACHAIS AGUS COVID-19

1. **Tá ag gach uile dhuine an ceart ar oideachas. Beidh an t-oideachas in aisce, sna céimeanna tosaigh agus bunaidh ar a laghad. Beidh an bunoideachas éigeantach. Cuirfear an t-oideachas teicniúil agus gairmiúil ar fáil go ginearálta; beidh comhrochtain do chách ar an ard-oideachas ar bhonn tuilleamais.**

2. **Beidh an t-oideachas dírithe ar lán-fhorbairt phearsantacht an duine agus ar urraim do chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a neartú. Cuirfidh sé an chomhthuiscint, an caoinfhulaing agus an cairdeas idir na náisiúin go léir agus na grúpaí cine agus creidimh ar fad chun cinn, agus cuirfidh sé ar aghaidh gníomhartha na Náisiún Aontuithe ar mhaithe le caomhnú na síochána.**

3. **Tá réamhcheart ag tuismitheoirí rogha a dhéanamh maidir leis an gcineál oideachais a thabharfar dá gclann. Airteagal 26, An Dearbhú Uilechoiteann ar Chearta an Duine**

Is leas coiteann domhanda é an t-oideachas, rud a fhágann nach féidir sochaithe atá táirgiúil, síochánta agus a bhfuil rath orthu a choinneáil ag imeacht má chliseann ar chórais oideachais. Is ceart bunúsach daonna é an t-oideachas freisin. Is ceart cumasaithe é, rud a chiallaíonn gur féidir leis cabhrú linn gach ceart eile atá ag an duine a bhaint amach. Ar an gcaoi chéanna, spreagann oideachas ardchaighdeáin dul chun cinn ar fud na 17 Sprioc Dhomhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe. Roimh COVID-19, bhí 258 milliún páiste agus duine óg ar fud an domhain nach raibh ag dul ar scoil. Ach chuir an phaindéim isteach ar chórais oideachais níos mó ná aon rud eile a tharla riamh roimhe sin, agus chuaigh sí i bhfeidhm ar bheagnach 1.6 billiún foghlaimeoir i níos mó ná 190 tír agus ar gach mór-roinn.



Fíor 10: Dúnadh scoileanna agus foghlaimeoirí a raibh tionchar aige sin orthu ar an 1 Aibreán 2020.
Is é an 1 Aibreán an dáta in 2020 a raibh an líon ba mhó foghlaimeoirí buailte ag dúnadh scoileanna

Nóta: Cuimsítear sna figiúirí líon na bhfoghlaimeoirí atá cláraithe ar leibhéil réamhscoile, bunscoile, meánscoile ísle agus meánscoile uachtaraí [leibhéil ISCED 0 go 3], chomh maith leis an oideachas treasach [leibhéil ISCED 5 go 8]. Tá na figiúirí a bhaineann le líon na ndaoine ar an rolla bunaithe ar shonraí ó Institiúid Staidrimh UNESCO.

De bharr taighde a rinne an ERSI in Éirinn, fuarthas go mbeidh tionchar éigin ag an bpaindéim ar thorthaí do gach páiste, ach gur dóigh go leathnóidh sí an bhearna idir na daoine faoi bhuntáiste agus iad siúd faoi mhíbhuntáiste le himeacht ama, mar go mbeidh sé níos deacra ar na grúpaí is imeallaithe (teaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, iad siúd ina bhfuil páistí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu, imircigh, dídeanaithe agus daoine eile) teacht suas leis na páistí eile. Mar sin tá an ghéarchéim ag cur leis an neamhionannas atá san oideachas cheana in Éirinn agus ar fud an domhain, trí laghdú a dhéanamh ar na deiseanna a bhíonn ag a lán de na páistí, na daoine óga agus na daoine fásta is leochailí chun leanúint dá gcuid foghlama. Ar fud an domhain, tá an chuma air go rachaidh caillteanais foghlama ar aghaidh chuig an chéad ghlúin eile agus go scriosfar an dul chun cinn a rinneadh le blianta fada anuas, go háirithe maidir le tacú leis an bhfáil a bhíonn ag cailíní agus mná óga ar oideachas leanúnach.

Fíor 11: Obair chúraim gan phá ar fud an domhain. Foinse: Mná na Náisiún Aontaithe.

Taispeántar i dtaighde a rinne Amnesty gur ar mhná agus cailíní a thit an t-ualach ba mhó den obair chúraim agus den obair tí gan phá nuair a bhí na scoileanna dúnta. D'fhág sé sin, in éineacht le deighilt dhigiteach inscne a bhí ag dul in olcas, gur lú an seans go leanfadh cailíní orthu leis an bhfoghlaim nuair a bhí na scoileanna dúnta ar fud an domhain mar gheall ar COVID-19. Is mór an dúshlán go háirithe iad na constaicí oideachais atá ar chailíní a bhfuil cónaí orthu i gcampaí dídeanaithe nó iad siúd atá easáitithe ina dtír féin (cailíní nár fhág a dtír féin, murab ionann agus dídeanaithe). Tá an rud céanna fíor i gcás cailíní a ndearnadh foréigean inscnebhunaithe orthu nó a chonaic é sin ag tarlú le linn na srianta paindéime.

Ní go dtí anois atáimid ag teacht ar thuiscint éigin ar a chasta atá iarmhairtí eacnamaíocha COVID-19, ach tá a fhios againn gur éifeachtaí tubaisteacha a bhí aige ar an ngeilleagar foirmiúil agus ar an ngeilleagar neamhfhoirmiúil araon. Sa Domhan Theas, áit nach bhfuil ach bearta teoranta coimirce sóisialta i bhfeidhm, beidh tionchar ag an gcruatan eacnamaíochta de bharr na géarchéime ar theaghlaigh agus iad ag smaoineamh ar na cúinsí airgid agus eile a bhaineann le hoideachas a chur ar a bpáistí. I mí Lúnasa 2020, mheas na Náisiúin Aontaithe go bhféadfadh thart ar 23.8 milliún duine breise, idir pháistí agus daoine óga (ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéal), stopadh ag dul ar scoil nó gan fáil a bheith acu ar scolaíocht in 2020/21 mar gheall ar thionchar eacnamaíoch na paindéime amháin. De réir Chiste Malala, bhí 767 milliún cailín ann arbh éigean dóibh fanacht sa bhaile ón scoil tamall, agus tá an baol ann nach bhfillfidh 10 milliún acu sin ar an scoil choíche.

> *Tá an baol ann go mbeidh sé ina thoradh ar COVID-19 go dtarlóidh paindéim oideachais anuas ar phaindéim shláinte; tá gá le gníomh práinneach domhanda maidir le hoideachas a chur ar chailíní sna déaga.*
> **Mary Robinson (1944 -), Cathaoirleach na Seanóirí, iarArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe agus iarUachtarán na hÉireann**

Bíonn éifeacht mhór eile ag an gcur isteach ar an oideachas seachas an fhoghlaim féin. Bhí tionchar ag dúnadh scoileanna agus ionad foghlama eile ar sheirbhísí riachtanacha do pháistí agus do phobail, ar nós fáil a bheith ag daoine ar bhia cothaitheach agus an cumas a bhí ag a lán tuismitheoirí obair a dhéanamh. Is fada a mhairfidh tionchar na paindéime ar airgeadas poiblí. Agus brú níos mó ag teacht ar bhuiséid rialtais, is dócha go mbeidh brú ar an maoiniú le haghaidh comhar agus cúnamh forbartha thar lear agus d'fhéadfadh sé cur leis na bearnaí ollmhóra a bhí ann i dtaobh mhaoiniú an oideachais fiú roimh COVID-19.



Fíor 12: Dúnadh scoileanna mar gheall ar COVID-19. Foinse: Mná na Náisiún Aontaithe.

Ach ní drochscéal ar fad é. Glactar leis go ginearálta ar an leibhéal idirnáisiúnta gur mór is fiú airgead a chaitheamh ar an oideachas, agus go háirithe ar oideachas a chur ar chailíní. Má chuirtear oideachas ar chailíní, is lú an seans go bpósfaidh siad agus iad fós óg, agus is mó an seans go mbeidh saol sláintiúil táirgiúil acu. Tuilleann siad ioncam níos airde, glacann siad páirt sna cinntí is mó a théann i bhfeidhm orthu féin, agus cuidíonn siad le saol níos fearr a bhaint amach dóibh féin agus dá dteaghlach. An t-oideachas a chuirtear ar chailíní, neartaíonn sé geilleagair agus laghdaíonn sé an neamhionannas.

Tá COVID-19 tar éis nuálaíocht a spreagadh san earnáil oideachais agus dlús a chur léi. Ar fud an domhain, chonaiceamar bearta nuálacha chun tacú le leanúnachas oideachais agus oiliúna: cuidíodh leis an bhfoghlaim ón mbaile le gléasanna ar líne, craoltaí poiblí agus pacáistí foghlama le tabhairt abhaile. Forbraíodh nó cuireadh i bhfeidhm réitigh chianfhoghlama a bhuíochas le freagraí tapa ó mhúinteoirí agus scoileanna, rialtais, agus comhpháirtithe eile. Mar shampla, chuaigh Ambasáid na hÉireann in Freetown i bpáirt le Rialtas Siarra Leon agus le Women in Crisis, eagraíocht neamhrialtasach in Siarra Leon, chun trealamh dínit agus raidiónna a chur ar fáil do pháistí nuair a bhí na scoileanna dúnta mar gheall ar COVID-19. D'fhág sé sin go bhféadfadh páistí éisteacht le ceachtanna á gcraoladh fad a bhí a gcuid scoileanna dúnta. Chuir an phaindéim i gcuimhne dúinn ról riachtanach na scoileanna, agus go bhfuil dualgas cúraim leanúnach ar rialtais agus ar phríomhpháirtithe eile i leith múinteoirí.

Fíor 13: Cailíní i Siarra Leon le raidiónna a ceannaíodh le maoiniú ó Chúnamh Éireann, an Roinn Gnóthaí Eachtracha. © Women in Crisis/Cúnamh Éireann

Thug na hathruithe nuálacha seo chun suntais nach féidir an ceangal a bhriseadh idir bealaí nua foghlama agus na hathruithe tapa atá ag teacht ar mhodhanna chun oideachas ardchaighdeáin a sholáthar, ar lámh amháin, agus an gealltanas idirnáisiúnta a leagtar amach sna Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe gan aon duine a fhágáil inár ndiaidh, ar an lámh eile. Tá sé sin fíor i gcás páistí agus daoine óga nach bhfuil an fháil chéanna le daoine eile acu ar acmhainní, nó nach bhfuil i dtimpeallacht inar féidir leo tabhairt faoin bhfoghlaim. Tá sé fíor i gcás múinteoirí, dream a bhfuil gá acu le tacaíocht agus oiliúint níos fearr ó thaobh modhanna nua oideachais. Ar deireadh, tá sé fíor i gcás an phobail oideachais i gcoitinne, agus pobail áitiúla ina measc, a mbraitheann leanúnachas oideachais orthu le linn géarchéime agus atá ríthábhachtach don téarnamh tar éis COVID-19. Na hiarrachtaí ollmhóra a rinneadh i mbeagán ama déileáil leis an gcur isteach millteanach ar chórais oideachais, meabhraíonn siad dúinn gur féidir athruithe a bhaint amach.

Cé go mbaineann go leor dúshlán leis an bpaindéim COVID-19, is deis í freisin chun córais oideachais a athrú ó bhonn ar fud an domhain ionas go mbeidh siad níos cuimsithí, gur fearr an teacht aniar a bheidh iontu agus go dtabharfar aghaidh ar cheisteanna inscne iontu.

Foinsí: féach an leabharliosta atá ag **https://www.worldwiseschools.ie/resource-library2/**

Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...

- **Sprioc 1:** Deireadh a chur le gach cineál bochtaineachta, cibé cén áit a bhfuil sí
- **Sprioc 3:** Saol sláintiúil a chinntiú agus an fholláine a chur chun cinn do chách, beag beann ar aois
- **Sprioc 4:** A chinntiú go mbeidh oideachas ardchaighdeán, atá cuimsitheach agus cothrom, ar fáil agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil do chách a chur chun cinn
- **Sprioc 5:** Comhionannas inscne a bhaint amach agus cumhacht a thabhairt do gach bean agus gach cailín
- **Sprioc 8:** Cur chun cinn a dhéanamh ar fhás eacnamaíoch atá seasta, cuimsitheach agus inbhuanaithe, ar lánfhostaíocht tháirgiúil agus ar obair chuibhiúil do chách
- **Sprioc 10:** An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha
- **Sprioc 17:** Neartú a dhéanamh ar na modhanna feidhmithe agus athbheochan a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht dhomhanda don fhorbairt inbhuanaithe

Gníomhaíochtaí traschuraclaim SAMPLACHA teagaisc agus foghlama

Scoil scairte

Tarraing Léaráid Venn mhór, ina bhfuil dhá chiorcal fhorluiteacha, mar a léirítear thíos:

Saintréithe na foghlama sa bhaile nuair a bhíonn na scoileanna dúnta



Saintréithe na foghlama ar scoil le linn shrianta COVID-19

Smaoinigh ar shaintréithe na foghlama sa bhaile nuair a bhíonn na scoileanna dúnta, agus ar shaintréithe na foghlama ar scoil le linn shrianta COVID-19 (rudaí cosúil le ról an mhúinteora agus na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí, na hábhair atá ar fáil, na hábhair nó na topaicí a chlúdaítear, measúnú – tionscadail, trialacha nó scrúduithe, do dhearcadh i leith na foghlama, deiseanna foghlama aonair agus deiseanna chun foghlaim óna chéile srl.).

Líon isteach gach ciorcal i do Léaráid Venn agus más ionann tréithe na foghlama sa bhaile nuair a bhíonn na scoileanna dúnta agus na foghlama ar scoil le linn shrianta COVID-19, cuir isteach iad sa spás idir an dá chiorcal.

Déan taighde ar na saintréithe a bhíodh ag baint le 'Scoil Scairte' (scoil chois claí), an cineál scoile a bhíodh coitianta in Éirinn san ochtú haois déag agus sa naoú haois déag.

Socraigh cé acu de na ciorcail sa Léaráid Venn ar mó an chosúlacht idir é agus an chaoi a mbíodh na Scoileanna Scairte ag feidhmiú. Déan é sin a phlé le scoláire eile, agus luaigh ar a laghad foinse staire iontaofa amháin a d'úsáid tú.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 2.3 & 4.6; Béarla TF OL1, OL2, OL7, R2, R3 & W3; Stair TF 1.4, 1.8, 1.11, 2.10 & 3.14

Ualach oibre an lae

Ar fud an domhain déanann cailíní agus mná níos mó den obair chúraim agus den obair tí gan phá ná mar a dhéanann buachaillí agus fir. Chuir an phaindéim agus dúnadh na scoileanna dá bharr leis an ualach sin a bhí ar chailíní agus mná. A lán de na cailíní ar chuir COVID-19 isteach ar a gcuid oideachais ar scoil, ní fhillfidh siad ar an scoil go brách.

Fiafraigh d'fhear nó buachaill amháin nó níos mó agus do bhean nó cailíní amháin nó níos mó i measc do mhuintire is do chairde an é an t-ualach oibre céanna (obair chúraim agus obair tí) nach n-íoctar aisti a bhíonn ar na fír is na buachaillí agus ar na mná is na cailíní.

Fíor 14: COVID-19 agus obair chúraim agus obair tí gan phá Foinse: Mná na Náisiún Aontaithe

Spreag iad chun tabhairt faoin tráth na gceist idirghníomhach 'Daily load' atá ag Mná na Náisiún Aontaithe (féach na Naisc thíos).

Pléigí na torthaí ó thráth na gceist agus iarr orthu machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu uaidh.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1; Béarla TF OL1 & OL7; Eacnamaíocht Bhaile TF 2.2

Schools out for summer

Éist leis an amhrán cáiliúil a chas Alice Cooper in 1972 'Schools out for summer' (Féach na Naisc thíos). Athscríobh na liricí a ghabhann le 'Schools out for summer' trí shúile duine óig atá ar comhaois leat féin, nár fhill ar an scoil tar éis na mbabhtaí dianghlasála ar fud an domhain. Samhlaigh go ndéanfar an t-amhrán a thaifeadadh, agus do liricí féin ann. Dear an íomhá a bheadh in éineacht le d'amhrán ar aipeanna ceoil ar nós Spotify nó iTunes.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1, 1.9 & 2.9; Béarla OL8, W1, W3, W4, W5 & W6; Ceol TF 2.2; Amharc-ealaín TF 1.5, 1.12 & 1.14

Leave no one behind

- Cad faoi thithe daoine óga? Cén tionchar a bheadh ag an rochtain ar do liosta teicneolaíochta ó thaobh costais, ama, spáis, caidrimh srl. sa bhaile?
- Cad iad na costais agus na tairbhí don tsochaí nó don chomhshaol, más ann dóibh?

Breathnaigh siar ar do liosta agus ná coinnigh ann ach na míreanna trealaimh agus na feidhmchláir a bhfuil gá leo i ndáiríre.

Leis an té atá ag obair leat, déan píosa plé faoi cad a chaithfeadh tarlú chun na rudaí ar an liosta sin a chur ar fáil do gach duine óg, idir bhuachaillí agus chailíní, i do phobal féin, i do thír féin agus ar fud an domhain.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): Staidéar Gnó TF 1.1 & 2.6; Códú TF 1.1; OSSP TF 1.3 & 2.9; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 1.1 & 1.2; Béarla TF OL1, OL3, W3, W5 & W6; Eacnamaíocht Bhaile TF 2.2, 2.3 & 2.9

Cé is measa atá buailte?

"… bhí páistí agus daoine óga ina measc siúd ar mhó a ghoill paindéim COVID-19 orthu"

Glac páirt i bplé ranga faoin ráiteas seo a rinne Roderic O'Gorman, T.D., an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Le linn an phlé, tacaigh le do phointí féin agus tagairt á déanamh agat do cheann amháin díobh seo a leanas: an Dearbhú Uilechoiteann um Chearta an Duine, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, Bunreacht na hÉireann nó Spriocanna Domhanda na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1, 1.7, 1.9 & 2.8; Béarla TF OL1, OL2 & OL7; Stair TF 3.8

Inis do scéal féin

Téigí ag obair le chéile chun scéalta nó tuairimí a bhailiú, i cibé teanga nó teangacha is mian libh féin, ón rang (agus na múinteoirí) faoi bheith ag foghlaim sa tréimhse nuair a bhí na scoileanna dúnta mar gheall ar COVID-19 agus faoi athruithe a rinneadh ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an scoil le linn na paindéime. Déanaigí iarracht an oiread is féidir athruithe agus tionchair dhearfacha ar an bhfoghlaim a chur san áireamh. Cruthaígí cartlann dhigiteach nó cartlann pháipéir de na scéalta agus na teistiméireachtaí/ráitis sin.

Déanaigí comparáid idir an tionchar a bhí ag an dúnadh scoile agus na hathruithe ar an scolaíocht oraibh féin agus ar dhaoine óga agus múinteoirí i dtíortha eile (féach na Naisc thíos). Leid: Más sa rang Nuatheangacha Iasachta atá an ghníomhaíocht seo ar bun agaibh, dírígí ar dhaoine óga agus ar mhúinteoirí i dtíortha ina labhraítear an teanga a bhfuil sibh á foghlaim.

Tabhair cóip den chartlann do mhúsaem, leabharlann, ionad oidhreachta, nó do chartlann eile mar thaifead staire ar eispéiris foghlama le linn na paindéime COVID-19.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 2.1; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 2.3 & 4.5; Béarla TF OL1, OL2, OL4, OL5 & OL7; Tíreolaíocht TF 3.7; Stair TF 1.8; Nuatheangacha Iasachta TF 1.2, 1.9, 1.10, 3.3, 3.4, 3. 7 & 3.8; OSPS TF 4.8, 4.9, 4.10 & 4.11

Scoil ar an aer

Go leor de na smaointe agus na seifteanna chun déileáil leis na dúshláin a bhí roimh chórais oideachais agus lena chinntiú go mbeadh an ceart chun oideachais ag páistí le linn COVID-19, bhí siad bunaithe ar ghéarchéimeanna sláinte roimhe seo agus an saol ina ndiaidh, géarchéimeanna amhail an ráig den ghalar víris Ebola a bhuail Iarthar na hAfraice in 2014-2016.

Féach ar an bhfíseán ón gComhpháirtíocht Dhomhanda um Oideachas (2020), 'Sierra Leone: The power of great teaching' (2.46 nóiméad) (Féach na Naisc thíos). Tabhair aird ar an gcaoi a ndearna na scoláirí cur síos ar an eispéireas foghlama a bhí acu nuair a bhí na scoileanna dúnta mar gheall ar Ebola.

Samhlaigh gur iarradh ortsa mír raidió 10 nóiméad (mír theagaisc) a dhéanamh ar an gceart chun oideachais. Pleanáil an giota sin, agus cuimhnigh go mbeidh stíleanna foghlama éagsúla i gceist i gcónaí in aon ghrúpa foghlaimeoirí. Smaoinigh ar an méid a theastaíonn uait a bheith ar eolas ag na foghlaimeoirí agus an méid ar mhaith leat a bheidís in ann a dhéanamh nuair a bheidh an clár raidió cloiste acu.

Úsáid an aip taifeadta gutha ar ghléas nó taifeadán gutha ar líne saor in aisce, cosúil le Vocaroo, chun do cheacht a thaifeadadh.

Iarr ar roinnt cairde leat éisteacht leis an gceacht agus aiseolas a thabhairt duit. Éist leis an aiseolas uathu agus déan taifeadadh ar an mír arís.

Ag brath ar do scoil féin, b'fhéidir gur mhaith leat fiafraí an bhféadfá do cheacht a chraoladh ar ghléas idirchumarsáide na scoile.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1 & 1.7; Béarla TF OL1, OL3, OL4, OL5, OL7, OL8, OL9 & OL10; Tíreolaíocht TF 3.7

Sprioc Dhomhanda 4, Cuspóir 4.7

Faoi 2030, a chinntiú go bhfaighidh gach foghlaimeoir an t-eolas agus na scileanna a theastaíonn chun an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear, i measc eile, trí oideachas ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe agus stíleanna maireachtála inbhuanaithe, cearta an duine, comhionannas inscne, cultúr na síochána agus an easpa foréigin a chur chun cinn, saoránacht dhomhanda agus meas ar ilchineálacht chultúrtha agus ar an gcion a dhéanann an cultúr i leith na forbartha inbhuanaithe.

Úsáid Word, Excel nó a leithéid chun tábla a dhéanamh ina bhfuil 7 gcolún. Cuir an lipéad 'ábhair/gearrchúrsaí' ar an gcéad cholún ar thaobh na láimhe clé agus lipéadaigh na colúin eile le gach ceann de na sé cheannteideal atá sa téacs i gcomhair Chuspóir 4.7 (féach Nóta do Mhúinteoirí – ar dheis).

Déan liosta de na hábhair/gearrchúrsaí a bhfuil tú ag déanamh staidéir orthu faoi láthair sna rónna faoin gcéad cheannteideal colún ('Ábhair/ gearrchúrsaí'). Smaoinigh ar an méid atá foghlamtha agat i ngach ceann de na hábhair/ gearrchúrsaí. Mar shampla, ar chlúdaigh tú ábhair nó ar fhoghlaim tú scileanna a bhaineann le forbairt inbhuanaithe sa Staidéar Gnó, OSSP, Tíreolaíocht nó san Eolaíocht? Má chlúdaigh nó má d'fhoghlaim, cuir tic sa cholún agus sa ró cuí.

Nuair a bheidh tú críochnaithe, smaoinigh ar na réimsí de Chuspóir 4.7 a raibh an deis agat foghlaim fúthu, na réimsí

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:
Tá 10 gcuspóir ag gabháil le Sprioc Dhomhanda 4. Is creat iad do na rialtais a gheall na Spriocanna Domhanda a bhaint amach, agus Éire ina measc, maidir le conas gníomhú lena chinntiú go mbeidh oideachas ar ardchaighdeán ann faoi 2030. Baineann Cuspóir 4.7 lena chinntiú go mbeidh deiseanna ag gach foghlaimeoir a bheith ar an eolas maidir le (1) forbairt inbhuanaithe, (2) cearta an duine, (3) comhionannas inscne, (4) síocháin agus neamhfhoréigean, (5) saoránacht dhomhanda, agus (6) éagsúlacht chultúrtha, maidir leis na nithe sin a chleachtadh agus maidir le haird a dhíriú

ina bhfuil bearnaí, agus na rudaí ar mhaith leat a fháil amach fúthu nó níos mó a dhéanamh fúthu, más rud ar bith.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 2.9 & 2.11; Béarla TF W3; Matamaitic TF AF.1(a)

Amchlár 4.7

Bunaithe ar an taithí atá agat féin ar an scoil, ar an tréimhse foghlama sa bhaile in 2020, agus ar an eolas atá agat ar na gnéithe de Chuspóir 4.7, cruthaigh amchlár scoile a d'fheilfeadh go mór duit féin.

Taispeáin d'amchlár do mhúinteoir nó múinteoirí agus iarr orthu a rá leat céard iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le do chuid smaointe.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1; Béarla TF W3; Matamaitic TF U6

Acadamh Equiterra

Samhlaigh scoil inar baineadh comhionannas inscne amach. Déarfaimid gur Acadamh Equiterra is ainm don scoil sin!

Tarraing léarscáil ón aer (amharc ón spéir) d'Acadamh Equiterra. Úsáid siombailí (e.g. líníocht bheag de rothar chun rothar-raon a thaispeáint), giorrúcháin (e.g. 'sr' i gcomhair seomra ranga), dathanna agus línte éagsúla chun cosáin, limistéir ghlasa, gnéithe uisce srl. a thaispeáint. Mínigh cad a chiallaíonn do chuid siombailí, giorrúchán, dathanna agus línte faoin gceannteideal 'Eochair na siombailí' in aice leis an léarscáil.

Cuir an léarscáil ar ardáin chuí na meán sóisialta leis an haischlib #oideachasinscne. B'fhéidir gur mhaith leat eagraíocht ábhartha a chlibeáil, cosúil le Mná na Náisiún Aontaithe (UN Women).

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1, 1.5 & 2.9; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 4.5; Tíreolaíocht – scileanna geografacha

---

Litir chuig ceannairí

Beidh tionchar buan ag an bpaindéim seo ar an oideachas. Is faoinár gceannairí atá sé a chinneadh cén cineál tionchair a bheidh ann. - Maryam Adam, mac léinn, agus gníomhaí i gcomhair Chiste Malala

Scríobh litir nó ríomhphost chuig duine a mheasann tú a bhfuil sé de chumhacht aige nó aici athrú chun feabhais a dhéanamh ar chóras oideachais. Mar shampla, d'fhéadfá scríobh chuig Teachta Dála i do cheantar féin, chuig an Aire Oideachais agus Scileanna, chuig duine atá ag obair i do scoil féin, duine cáiliúil, nó gníomhaí ar nós Malala Yousafzai.

Caithfidh na nithe seo a leanas a bheith i do litir/ríomhphost: an dáta; beannacht, cúpla abairt ina gcuirfidh tú thú féin in aithne; an chúis go bhfuil tú ag scríobh agus an rud a shíleann tú a d'fhéadfaidís nó ar cheart dóibh a dhéanamh chun feabhas a chur ar an bhfoghlaim nó ar an gcóras oideachais in Éirinn nó ar fud an domhain; críoch agus buíochas as an litir/ríomhphost uait a léamh. Déan cinnte de struchtúr na n-abairtí a sheiceáil sula seolfaidh tú an litir nó an ríomhphost, agus leagan amach na n-alt, an ghramadach agus an litriú!

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 2.8; Béarla TF W1, W3, W4, W10 & W11

Smaointe fíorúla

Féach ar 'Scoil Mhuire Clarinbridge' (1.59 nóiméad) (féach na Naisc thíos) chun sampla a fheiceáil den chaoi ar bhain bunscoil amháin in Éirinn úsáid chruthaitheach as an teicneolaíocht nuair a bhí na scoileanna dúnta.

Faigh spreagadh ó lá fíorúil Scoil Mhuire do sheantuismitheoirí chun teagmháil a dhéanamh le múinteoir, le scoláire eile, nó le duine muinteartha leat a thug tacaíocht duit nó a choinnigh cuideachta fhíorúil leat (Zoom, Skype, Whatsapp, teileafón, ríomhphost, litir srl.) le linn na paindéime COVID-19 agus inis don té sin go bhfuil tú ag smaoineamh air nó uirthi.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 1.1; OSPS TF 4.8, 4.9 & 4.13

Fotheideal faoi chúrsaí oideachais

Aimsigh trí íomhá nó níos mó ó fhoinsí nuachta ar líne (ar féidir brath orthu) a léiríonn duit céard a bhí ag tarlú le 3-6 mhí anuas maidir leis an gceart chun oideachais. Bíodh íomhá amháin ar a laghad ina measc a bhaineann leis an méid a tharla le déanaí i dtír sa Domhan Theas agus íomhá amháin a bhaineann leis an méid a tharla in Éirinn.

Scríobh fotheidil ghearra do gach íomhá. Cuir an íomhá agus an fotheideal is fearr leat i láthair sa seomra ranga, agus mínigh cén bhaint atá ag an íomhá sin leis an saol le tamall anuas.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 2.3; OSSP TF 2.1 & 2.9; Béarla TF OL1, OL5, W3 & W4; Tíreolaíocht TF 3.7

Cad a chaill mé?

Ullmhaigh achoimre ó bhéal nó i scríbhinn ar an méid a chlúdaigh tú sa rannán seo do scoláire eile i do rang a bhí imithe ón seomra ranga (i gcuid eile den scoil nó sa bhaile) agus a chaill cuid de na gníomhaíochtaí nó iad go léir.

Caithfidh na nithe seo a leanas a bheith san achoimre: cur síos gairid ar ghníomhaíocht amháin ar a laghad; scil éigin a d'fhoghlaim tú nó ar chuir tú snas uirthi; agus trí cheist le cur ar an scoláire eile faoin eolas a thug tú san achoimre (ba chóir go gcuideodh freagraí na gceisteanna sin leat féachaint ar thuig an scoláire eile an rud a chaill sé nó sí, agus cé chomh héifeachtach a bhí an achoimre a d'ullmhaigh tusa).

Tá an machnamh ábhartha i leith sonraíochtaí uile na sraithe sóisearaí agus baineann sé go háirithe leis na príomhscileanna i dtaobh bainistíocht a dhéanamh ort féin agus bainistíocht a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar an smaointeoireacht.

Ní fhoghlaimímid ón taithí...

Foghlaimímid ó mhachnamh a dhéanamh ar thaithí.

John Dewey (1859-1952), fealsamh Meiriceánach, síceolaí, agus leasaitheoir oideachais

Naisc Úsáideacha

Ualach oibre an lae

- Tráth na gceist idirghníomhach 'Daily load' ó Mhná na Náisiún Aontaithe: **https://interactive.unwomen.org/multimedia/explainer/unpaidcare/en/index.htmll**

'Schools out for summer'

- Alice Cooper (1972), 'Schools out for summer': **https://www.youtube.com/watch?v=2Oo8QzDHimQ**

Inis do scéal féin

- UNESCO 'How are you learning during the COVID-19 pandemic?' – físeáin ó pháistí, daoine óga agus múinteoirí ó thíortha ar fud an domhain ina n-insítear a scéalta féin: **https://en.unesco.org/covid19/educationresponse/learningneverstops/**

Scoil ar an aer

- GComhpháirtíocht Dhomhanda um Oideachas (2020), 'Sierra Leone: The power of great teaching' (2.46 nóiméad): **https://www.youtube.com/watch?v=AM1MVXCKN_w**

Focal dearfach

- Integrated Media Solutions (IMS) (2020), 'Scoil Mhuire Clarinbridge' (1.59 mins): **https://www.youtube.com/watch?time_continue=90&v=B68EUD4OJR8&feature=emb_logo**

Is é an t-oideachas an t-arm is cumhachtaí is féidir leat a úsáid chun an domhan a athrú.

Nelson Mandela, (1918-2013), gníomhaí in aghaidh na críochdheighilte agus iarUachtarán ar an Afraic Theas

Piocaimis suas ár leabhair agus ár bpinn luaidhe. Is iadsan an t-arm is cumhachtaí dá bhfuil againn.

Malala Yousafzai (1997 -), gníomhaí Pacastánach ar son an oideachais, a bhuaigh Duais Nobel na Síochána

SAINCHEIST A BHAINEANN LEIS AN OIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA
LITEARTHACHT SNA MEÁIN DHIGITEACHA

EOLAS DO MHÚINTEOIRÍ: MÍFHAISNÉIS,BRÉAGAISNÉIS, AGUS STIOGMA SÓISIALTA LE LINN COVID-19

Ní hé an víreas féin an namhaid is mó atá againn anois díreach. Is iad faitíos, ráflaí agus stiogma na naimhde is mó. Is iad na sócmhainní is fearr atá againn ná fíricí, réasún agus dlúthpháirtíocht.

An Dr Tedros Adhanom Ghebreyesus, Ard-Stiúrthóir, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), Ráiteas tosaigh ag cruinniú faisnéise na meán ar COVID-19, an 28 Feabhra 2020

Is éard atá i gceist le stiogma sóisialta i gcomhthéacs na sláinte ná an ceangal diúltach idir galar ar leith agus duine nó grúpa daoine a bhfuil tréithe áirithe acu. I gcás eipidéime nó paindéime, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí daoine a lipéadú nó a steiréitíopáil, go ndéanfaí leithcheal orthu, go ndéileálfaí leo ar bhealach ar leithligh, agus/nó go gcaillfidís stádas mar gheall ar cheangal éigin a bhraitheann daoine a bheith idir iad féin agus an galar. Is féidir leis sin drochthionchar a imirt orthu siúd a bhfuil an galar orthu, chomh maith lena lucht cúraim, daoine muinteartha agus cairde leo agus a bpobail. D'fhéadfadh sé go mbeifí anuas ar dhaoine nach bhfuil an galar orthu, ach a bhfuil ceangal éigin idir iad féin is an grúpa sin.



Fíor 15: #SolidarityNotStigma.
Foinse: An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte

Ar fud an domhain, spreag an ráig COVID-19 stiogma sóisialta agus iompraíocht leatromach i gcoinne daoine ó chúlraí eitneacha áirithe, agus i gcoinne aon duine a ceapadh a bhí i dteagmháil leis an víreas.

Ní rud nua é an stiogma sóisialta i ngéarchéim sláinte poiblí. Tá neart fianaise i gcuntais antraipeolaíochta agus i gcuntais staire ar eipidéimí roimhe seo maidir le 'dlisteanú' a bheith á dhéanamh ar leithcheal a dhéantar in aghaidh mionlach agus daoine a bhfuil an dearcadh ann ina leith gur 'ón taobh amuigh' iad. Mar shampla, cé go bhfuil an lobhra (galar Hansen) ag gabháil thart le fada, tharla paindéim den ghalar sin san Eoraip san 11ú haois. Ag an am, creideadh go forleathan go raibh lobhra ina pionós ó Dhia mar gheall ar na peacaí a rinne daoine.Chuir an dearcadh sin leis an gcaoi ar caitheadh le daoine a raibh an galar orthu – thug an pobal cúl droma dóibh féin agus dá dteaghlaigh. Le linn eipidéim an fhiabhrais bhuí in 1853 i Meiriceá, cuireadh an milleán faoin ngalar ar inimircigh ó Éirinn agus ón nGearmáin.

I Nua Eabhrac, in 1892, cuireadh an milleán faoi ráigeanna tífis agus calair ar imircigh Ghiúdacha a bhí tagtha le déanaí ón Rúis. In 1900, fuarthas imirceach Síneach marbh i San Francisco agus an chuma air go raibh an phlá bhúbónach air. Ghníomhaigh údaráis na cathrach trí áitiú ar dhaoine geala a raibh cónaí orthu in Chinatown imeacht as agus ansin coraintín a chur i bhfeidhm sa cheantar ar feadh roinnt laethanta. Ina dhiaidh sin bhí trácht ag na meáin ar na Sínigh go léir a dhíbirt as an tír. Mar thoradh ar ráig mhór phóilió in 1916 i gCathair Nua Eabhrac, cuireadh i leith inimircigh ón Iodáil gurbh iad a thug an eipidéim go dtí na Stáit Aontaithe. Le linn an Dara Cogadh Domhanda, léirigh bolscaireacht na Naitsithe na Giúdaigh mar dhaoine a scaip galair, mar sheift chun cur le tacaíocht an phobail do na geiteonna.

Cé nach ionann an phróifíl atá ag íospartaigh an leithcheala le linn COVID-19 ó thír go tír, is cosúil go bhfuil patrún coitianta le feiceáil: níos minice ná a mhalairt is é an sprioc go ginearálta ná daoine atá, nó a mheastar a bheith, ó thír eile, nó iad siúd a bhaineann le mionlaigh eitneacha nó mionlaigh chultúrtha. Nuair a thosaigh an

phaindéim COVID-19 ar dtús, ba iad na daoine a d'fhulaing an leithcheal ba mheasa ná Áisigh agus daoine de shliocht na hÁise. I measc eachtraí leatromacha a tuairiscíodh ar fud na hEorpa bhí ionsaithe ó bhéal in áiteanna poiblí, feachtais mhaslacha ar na meáin shóisialta, baghcat ar ghníomhaíochtaí gnó agus, i gcásanna áirithe, deacrachtaí maidir le freastal ar institiúidí oideachais.

D'fhág an mhífhaisnéis agus an bhréagaisnéis sna meáin, go háirithe na meáin shóisialta, gur in olcas a chuaigh an leithcheal a bhí á dhéanamh ar imircigh agus dídeanaithe agus an náiriú a rinneadh orthu, agus Áisigh nó daoine de shliocht na hÁise ina measc. Ar an 16 Márta 2020, chuir Donald Trump, a bhí ina uachtarán ar na Stáit Aontaithe, amach an tvuít "The United States will be powerfully supporting those industries...that are particularly affected by the Chinese Virus...". I gcomhthéacs fáil a bheidh ar ainmneacha eolaíocha ar nós 'coróinvíreas' nó 'COVID-19', measadh gur seineafóibe agus náiriú a bhí á léiriú leis an tvuít sin ó Trump. Rinne taighdeoirí as Ollscoil Alabama comparáid idir tvuíteanna ina raibh an téarma 'Chinese virus' sna Stáit Aontaithe sular úsáid Trump an téarma sin agus ina dhiaidh sin. Fuair siad amach gur úsáideadh deich n-oiread chomh minic ar an leibhéal náisiúnta é.

Is cosúil gur fianaise iad na scéalta a thuairiscítear in ailt nuachtáin agus ar na meáin shóisialta gur feiniméan domhanda a ghabhann le COVID-19 é an leithcheal atá bunaithe ar chine agus eitneachas. Sa Phacastáin, cuireadh an milleán as leathadh COVID-19 ar mhionlach Hazara Shia, dream atá imeallaithe cheana féin, agus rinneadh leithcheal córasach orthu dá bharr sin. Rinneadh ionsaithe agus cineálacha eile leithcheala ar phobail Mhoslamacha san India – an mionlach is mó sa tír. Tuairiscíonn UNESCO gur díríodh ar phobail Romach i dtuaisceart na Spáinne toisc go dúradh fúthu gurb iad na chéad daoine a tholg COVID-19.

Meastar gur trí mhórchúis atá leis an leibhéal leithcheala agus náirithe sin a bhaineann leis an bpaindéim COVID-19:

1. Is galar nua é a bhfuil a lán le foghlaim againn faoi fós.
2. Is minic a bhíonn eagla ar dhaoine roimh an rud nach bhfuil aithne acu air
3. Is furasta an eagla sin a cheangal leo siúd a mheastar gur daoine iad nach dár gcuid féin.

D'éirigh le grúpaí frithimirceacha, grúpaí atá i bhfad amach ar an eite dheas agus grúpaí fuatha leas a bhaint as an bpaindéim, agus teoiricí comhcheilge á scaipeadh acu faoi bhunús agus leathadh an víris agus cóir leighis ina choinne. Tá an phaindéim faisnéise – an iomarca nuachta, idir fhíricí, ráflaí agus nuacht bhréige – ag cur go mór leis an stiogma sóisialta atá ann mar gheall ar COVID-19. Is féidir le hiarmhairtí marfacha a bheith ag teoiricí comhcheilge gur bitharm é COVID-19, nó go bhfuil sé á leathadh trí nascacht 5G nó trí imircigh, nó gurbh é Bill Gates a chur tús leis an eipidéim chun vacsaíní a dhíol le muintir an domhain. Chomh maith leis sin, is féidir le hiarmhairtí marfacha a bheith ag cóireálacha bréagacha in aghaidh an ghalair a chuirtear chun cinn ar na meáin shóisialta, mar shampla gur féidir cur i gcoinne COVID-19 trí ghairleog a ithe nó tuarthóir a ól.

Cuireann bréagaisneis agus mífhaisnéis faoi COVID-19, go háirithe ar na meáin shóisialta, leis an náiriú a bhfuil drochthionchar aige ar chomhtháthú sóisialta agus ar mheabhairshláinte agus folláine daoine, go háirithe iad siúd a bhfuiltear anuas orthu. D'fhéadfadh fadhbanna sláinte níos measa agus deacrachtaí maidir leis an ngalar a rialú a bheith ina dtoradh air sin. Is féidir leis an náiriú nó an stiogma a bhaineann le géarchéim sláinte poiblí:

- Fonn a chur ar dhaoine an tinneas a cheilt ionas nach ndéanfar leithcheal orthu
- Daoine a stopadh ó chúram sláinte a lorg láithreach
- Daoine a stopadh ó rudaí a dhéanamh a chuirfeadh lena bhfolláine

Tá cumarsáid chruinn faoi COVID-19 ríthábhachtach chun tacú le daoine gníomhú go héifeachtach agus iad ag cur i gcoinne COVID-19 agus chun leathadh eagla agus stiogma a sheachaint. Tá ról tábhachtach ag na meáin chun faisnéis bharántúil fhírinneach a chur ar fáil agus chun cur i gcoinne bréagaisnéis agus mífhaisnéis a bhaineann le COVID-19. Is ardán riachtanach í an iriseoireacht phríomhshrutha le haghaidh ardú feasachta, clúdach fíor-ama agus scéalta a insint ar na meáin dhigiteacha. Mar shampla, bhí scéalta ag meáin chumarsáide ar fud an domhain faoin gcaoi a bhfuil imircigh, agus dídeanaithe ina measc, ag tacú le pobail atá buailte ag an ngalar. Agus cé gur úsáideadh na meáin shóisialta chun imní agus gráin a scaipeadh, spás a bhí iontu freisin chun cur i gcoinne an náirithe agus an leithcheala agus chun dlúthpháirtíocht a léiriú. Nuair a chuir meáin phríomhshrutha agus polaiteoirí brú mór ar Facebook agus YouTube, d'aontaigh siadsan céimeanna réamhghníomhacha a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar theoiricí comhcheilge faoi COVID-19 agus ar bhréagaisneis faoi chúrsaí sláinte.

Is féidir leis na meáin shóisialta faisnéis a bhaineann leis an tsláinte a chur ar a súile do líon mór daoine ar chostas réasúnta íseal. In 2014, mar shampla, d'éirigh leis an Nigéir smacht a chur ar an ráig Ebola a chuaigh i bhfeidhm ar thíortha eile in Iarthar na hAfraice nuair a bhain sí leas as feachtais spriocdhírithe ar na meáin shóisialta inar tugadh faisnéis chruinn agus inar ceartaíodh teachtaireachtaí bréagacha a bhí á scaipeadh ar Twitter agus Facebook. Bhí an-éifeacht ag an mbeart sin toisc gur bhain eagraíochtaí neamhrialtasacha idirnáisiúnta, lucht tionchair na meán sóisialta, daoine cáiliúla agus blagairí úsáid as a n-ardáin fhairsinge chun faisnéis chruinn faoi shláinte phoiblí a scaipeadh agus a chomhroinnt.

Le linn COVID-19 bhí haischlibeanna áirithe ag scaipeadh go rábach ar na meáin shóisialta. I mí Eanáir 2020, chum pobal Áiseach na Fraince an haischlib #JeNeSuisPasUnVirus ar Twitter mar fhreagairt ar ráig ionsaithe a bhí á spreagadh ag an gciníochas. Níorbh fhada gur aistríodh an haischlib sin go Béarla, Gearmáinis, Iodáilis, Spáinnis agus go raibh sí le feiceáil ar fud ardáin éagsúla. Chuir an ceoltóir Téavánach-Spáinneach Chenta Tsai pictiúr ar Instagram ina raibh an haischlib sin scríofa ar a chabhail agus é ar an ardán taispeána le linn Sheachtain Faisin Mhaidrid.

Figure 16: Chenta Tsai
'I am not a virus'

Ina lán tíortha, sheol údaráis náisiúnta, Údaráis áitiúla agus an tsochaí shibhialta feachtais ollmheán, ag iarraidh ar na saoránaigh dlúthpháirtíocht a léiriú agus ag iarraidh dul i bhfeidhm ar mheon daoine i leith grúpaí atá i mbaol leithcheala i ré COVID-19.

Tá ról ríthábhachtach ag líonraí tacaíochta agus líonraí dlúthpháirtíochta atá faoi stiúir ag saoránaigh maidir le stop nó teorainn a chur leis na héifeachtaí a bhíonn ag stiogma sóisialta agus leithcheal ar bhonn cúlra eitneach i ré an víris. Bíonn an tsláinte ag brath ar chóras sláinte dea-fheidhmiúil ina bhfuil clúdach uilíoch, ach bíonn sí ag brath freisin ar chuimsiú sóisialta, ceartas agus dlúthpháirtíocht.

Foinsí: féach an leabharliosta atá https://www.worldwiseschools.ie/resource-library2/

Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...

- **Sprioc 3:** Saol sláintiúil a chinntiú agus an fholláine a chur chun cinn do chách, beag beann ar aois
- **Sprioc 4:** A chinntiú go mbeidh oideachas ardchaighdeán, atá cuimsitheach agus cothrom, ar fáil agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil do chách a chur chun cinn
- **Sprioc 10:** An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha
- **Sprioc 16:** Sochaithe inbhuanaithe, síochánta a chur chun cinn ina gcuirtear gach duine san áireamh, rochtain ar cheartas a bheith ag cách agus institiúidí atá éifeachtach, cuntasach, agus cuimsitheach a chothú ar gach leibhéal
- **Sprioc 17:** Neartú a dhéanamh ar na modhanna feidhmithe agus athbheochan a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht dhomhanda don fhorbairt inbhuanaithe

Gníomhaíochtaí traschuraclaim SAMPLACHA teagaisc agus foghlama

Mífhaisnéis

Breathnaigh ar 'Why people fall for misinformation – Joseph Isaac' (5.15 nóiméad) (féach na Naisc thíos). Agus tú ag breathnú air, éist le haghaidh sainmhínithe ar an bhfocal 'mífhaisnéis'.

Ina dhiaidh sin, pléigí céard is brí le 'mífhaisnéis' agus le 'bréagaisnéis'; agus insígí roinnt samplaí dá chéile (seachas na cinn a luaitear san fhíseán).

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): Staidéar Gnó TF 3.10; OSSP TF 2.9 & 3.12; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 3.4 & 3.7; Béarla TF OL8, R7 & W8; Stair TF 1.5 & 1.6; Tíreolaíocht (CBA1 Tíreolaíocht sa nuacht); Nuatheangacha Iasachta TF 3.6; OSPS TF 2.2 & 4.9; Eolaíocht TF 1.8

Stop an scaipeadh

Pléigh céard is féidir leat a dhéanamh má thagann tú ar mhífhaisnéis nó ar bhréagaisnéis faoi COVID-19 ar líne.

Roinnigí an rang ina sheacht ngrúpa, agus leagaigí amach ceann amháin de na hardáin seo a leanas i gcomhair gach grúpa: Facebook; YouTube; Twitter; Instagram; WhatsApp; LinkedIn; TikTok.

Déan taighde ar a bhfuil le rá ar an gceann a leagadh amach duitse maidir le conas mífhaisnéis/bréagaisnéis a thuairisciú.

Roinn do chuid torthaí le duine a rinne taighde ar ardán meán sóisialta difriúil.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1 & 1.10; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 1.7, 2.3, 3.4 & 4.13; Béarla TF OL1, OL2, OL4, OL5, OL7, R1, R2 & R3; Eacnamaíocht Bhaile TF 2.5; Staidéar Giúdach TF 1.7; Oideachas Reiligiúnach TF 1.7; OSPS TF 1.8, 1.9, 2.10 & 4.8

Próifíl phaindéime

Roghnaigh ceann de na paindéimí ón tábla thuas.

Déan taighde ar an bpaindéim sin trí bhreathnú ar fhoinsí iontaofa. Bailigh faisnéis faoi na ceannteidil seo a leanas: ainm na paindéime; tréimhse na géarchéime sláinte poiblí; leathadh geografach; bearta coisctheacha, vacsaíní agus an chóir leighis a cuireadh ar dhaoine; samplaí de mhífhaisnéis agus de bhréagaisnéis (cuid acu a bhaineann le náiriú grúpaí daoine ar leith, más ábhartha); fíricí agus sonraí suimiúla. Déan iarracht íomhánna a bhailiú freisin, agus smaoinigh nach mór duit cloí leis an gcóipcheart trí aitheantas a thabhairt do na foinsí.

Cuir do phróifíl phaindéime le chéile agus cuir i láthair an ranga í.

Glac páirt i bplé ranga faoi na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá idir paindéimí i dtréimhsí éagsúla sa stair.

AINM	Tréimhse ama	An líon daoine a cheaptar a fuair bás
Plá Antonine	165-180	5M
Eipidéim na bolgaí sa tSeapáin	735-737	1M
Plá Justinian	541-542	30-50M
An Phlá Mhór	1347-1351	200M
Ráig Bholgaí an Domhain Nua	1520 – onwards	56M
Plá Mhór Londan	1665	100,000
An Phlá 'Iodáileach'	1629-1631	1M
Paindéimí Calair 1-6	1817-1923	1M+
An Tríú Plá	1885	12M (an tSín agus an India)
Fiabhras Buí	Deireadh na 1800idí	100,000-150,000 (Stáit Aontaithe Mheiriceá)
An Fliú 'Rúiseach'	1889-1890	1M
An Fliú 'Spáinneach'	1918-1919	40-50M
An Fliú 'Áiseach'	1957-1958	1.1M
Fliú 'Hong Cong'	1968-1970	1M
VEID/SEIF	1981 i leith	25-35M
Fliú na Muc	2009-2010	200,000
SARS	2002-2003	770
Galar Víris Ebola	2014-2016	11,000
MERS	2015-Present	850
COVID-19	2019 i leith	2,612,360 (Meastachán ó Ollscoil John Hopkins amhail an 10 Márta 2021)

Curtha in oiriúint ó: https://www.visualcapitalist.com/history-of-pandemics-deadliest/

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.9; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 1.4, 2.3 & 4.6; Béarla TF OL1, OL4, OL5, OL7, R1, R2, R3 & W3; Stair TF 1.9, 1.11, 3.1, 3.2, 3.6, & 3.14; Staidéar Giúdach TF 1.1 & 1.7; Oideachas Reiligiúnach TF 1.7; Eolaíocht TF 1.1 & 1.9; OSPS TF 1.8, 1.9, 2.10 & 4.8

Déan agus Ná Déan

Roinn an rang ina dhá ghrúpa – (1) déan agus (2) ná déan.

Féach ar fhíseán ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 'What can you do to fight stigma associated with COVID-19?' (1.32 nóiméad) (féach na Naisc thíos).

Agus tú ag féachaint air, scríobh síos rud amháin ar a laghad a deir an cailín san fhíseán ar cheart duit é a dhéanamh (má tá tú i ngrúpa 1) nó nár cheart é a dhéanamh (má tá tú i ngrúpa 2).

Caithigí tamall ag glaoch amach na moltaí a chuala sibh, agus scríobhaigí síos na moltaí a chuala daoine eile sa ghrúpa ach nár chuala sibh féin.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.10, 2.10 & 3.12; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 1.7, 2.4, 3.4, 4.1 & 4.4; Béarla TF OL1, OL2, OL4, OL8, W3 & W6; Eacnamaíocht Bhaile TF 2.5; OSPS TF 1.9, 2.2, 2.3 & 4.8

Éist

Éist leis an agallamh raidió le Xuedan (Shelley) Xiong, Síneach mná a bhfuil cónaí uirthi i gCaisleán Cnuacha, a líomhnaítear a ndearnadh mí-úsáid chiníoch uirthi i mí Lúnasa 2020, nuair a dúradh gur 'coróinvíreas' í agus a brúdh isteach sa Chanáil Ríoga i mBaile Átha Cliath í (5.14 nóiméad) (féach na Naisc thíos).

Agus tú ag éisteacht, déan liosta de na haidiachtaí (focail lena ndéantar cur síos) a úsáidtear chun na mothúcháin a bhí ag Xuedan a chur in iúl le linn na heachtra sin agus ina diaidh.

Anois, scríobh síos dhá aidiacht nó níos mó chun cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a mbraitheann tú faoin rud a tharla, agus scríobh alt gearr ina míneoidh tú cén fáth gur mar sin a bhraitheann tú.

Fiafraigh díot féin cén difríocht, más difríocht ar bith, a dhéanfadh sé do dhaoine a dtugtar íde béil dóibh ar bhonn ciníoch nó a ndéantar ionsaithe ciníocha orthu má dhéanann daoine eile atá thart ar an áit rud éigin chun cuidiú leo.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1, 1.9, 1.10, 2.9 & 2.10; Béarla TF OL1, OL4, OL8 & W3; Eacnamaíocht Bhaile TF 2.5; Staidéar Giúdach TF 1.7 & 1.8; Oideachas Reiligiúnach TF 1.7 & 1.8; OSPS TF 1.8, 1.9, 2.3, 2.10, 2.11, 4.8, 4.9, 4.11 & 4.13

Ring a Ring a Rosie

Is rann do pháistí é "Ring a Ring a Rosie" nó "Ring Around Roses" agus tá sé faoin nGalar Dubh nó faoin bPlá Mhór, paindéim a bhí ag réabadh ar fud na hEorpa sna 1340idí agus na 1350idí. Meastar go bhfuair 200 milliún duine bás mar gheall ar an bpaindéim sin. Líne 1: Tá na focail "Ring a ring a Rosie" ag cur síos ar an ngríos dearg ar nós fáinne a bhíodh ar chraiceann na ndaoine a bhí buailte ag an ngalar. Líne 2: Tagraíonn "a pocket full of posies" do na bláthanna nó na luibheanna a bhí ag gabháil thart leo ag daoine ag súil go dtabharfaidís slán ón ngalar iad. Líne 3: Is é "A-tisooh A-tisooh!" sraothartach an té a bhfuil an galar air nó uirthi. Líne 4: Baineann "We all fall down", an chuid den rann ina gcaitheann na páistí iad féin go talamh, leis an mbás de bharr an Ghalair Dhuibh.

Smaoinigh ar an gcaoi ar mhothaigh daoine a ndearnadh náiriú orthu le linn COVID-19. Scríobh rann, dán, nó rap de do chuid féin faoin tionchar a bhíonn ag an náiriú agus é ina chuspóir agat daoine a chur ag smaoineamh arís sula ndéanfaidh siad mífhaisnéis agus bréagaisnéis faoi ghrúpaí áirithe daoine a chomhroinnt nó a scaipeadh.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1 & 1.9; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 1.2, 3.7, 4.1 & 4.4; Béarla TF W1, W3, W5, W6 & W9; Stair TF 1.11, 3.6 & 3.14; Staidéar Giúdach TF 1.7 & 1.8; Ceol TF 2.2; Oideachas Reiligiúnach TF 1.7 & 1.8; OSPS TF 1.8, 1.9, 2.3, 4.10 & 4.11

Tionchar Angelina Jolie

In 2013, cuireadh an t-aisteoir Angelina Jolie faoi obráid – maisteachtóimem dhúbailte – nuair a thug tástáil ghéiniteach le fios go bhféadfadh sí a bheith i mbaol ailse chíche. Ina dhiaidh sin chum taighdeoirí cumarsáide sláinte poiblí an téarma 'tionchar Angelina Jolie' chun chur síos ar an méadú mór a tháinig ar líon na gcuardach ar líne faoi ghéineolaíocht ailse cíche agus tástáil i gcomhair ailse chíche nuair a foilsíodh na scéalta faoin obráid a cuireadh ar Jolie. Tugann an 'tionchar' le tuiscint gur féidir le tacaíocht ó dhaoine cáiliúla d'fhoinsí iontaofa daoine a spreagadh chun faisnéis agus eolas a lorg faoi chúrsaí sláinte.

Déan liosta de dhaoine cáiliúla nó lucht tionchair na meán sóisialta a d'fhéadfadh faisnéis faoi COVID-19 atá cruinn agus cothrom le dáta a scaipeadh go héifeachtach nó stop a chur le mífhaisnéis agus bréagaisnéis.

Téigh i dteagmháil le cuid de na daoine sin (nó iad go léir) ar líne, agus iarr orthu labhairt amach chun seasamh le faisnéis sláinte poiblí faoi COVID-19 a thagann ó fhoinsí iontaofa (Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte, mar shampla).

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.10 & 2.8; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 2.3 & 4.5; Béarla TF R2, R3, W3 & W4; Eolaíocht TF 1.6; OSPS TF 1.8 & 1.9

#IAmNotAVirustt

Féach ar 'We are more powerful when we don't discriminate' (1.03 nóiméad) (féach na Naisc thíos). Aimsigh samplaí de dhea-scéala i mblaganna, i bhfíseáin agus in ailt faoi dhaoine aonair nó grúpaí a mbítear anuas orthu go minic i gcomhthéacs COVID-19, nó blaganna, físeáin agus ailt a scríobh nó a rinne na daoine sin iad féin. Mar shampla, scéalta faoi dhaoine a tháinig slán ón ngalar; scéalta faoi dhaoine de shliocht na hÁise nó dídeanaithe a chuidigh le daoine eile le linn na paindéime (féach na Naisc le haghaidh roinnt samplaí).

Scaip na scéalta sin ar scoil agus sa bhaile, mar bhealach chun béim a chur air gur daoine cosúil linn féin iad siúd atá i gceist agus maolú a dhéanamh ar stiogma a bhaineann leis an víreas a tholgadh nó a bheith ceangailte le grúpaí a mbíonn an dearcadh éagórach ann ina leith go bhfuil iad freagrach as tionscnamh nó leathadh COVID-19.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1, 1.5, 2.8 & 2.9; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 2.3; Béarla TF OL1, OL2, R1, R2 & R3; OSPS TF 1.1, 1.9, 2.3 & 4.8

Cód onóra

Scríobh cód onóra, treoir-rialacha nó prionsabail mhorálta do dhaoine ar mian leo a bheith ina laochra sa lá atá inniu ann. Faigh spreagadh uathu siúd a chabhraigh le daoine eile ina bpobal le linn na paindéime COVID-19 – iad siúd a thug aire do dhaoine muinteartha agus comharsana scothaosta leo, iad siúd atá ag obair leis na seirbhísí riachtanacha srl.

Más sna Clasaicí atá an ghníomhaíocht seo ar bun agat, scríobh do chód onóra féin agus aird agat ar an meon a bhí ag Aichill agus príomhcharachtair eile san Íliad – is é sin, fonn a bheith orthu barr feabhais, onóir agus clú agus cáil a bhaint amach, ach, os a choinne sin, an gá a bhí le dínit agus comhbhá agus le haitheantas a thabhairt don fhulaingt, don drochthionchar ar dhaoine agus don bhás atá i ndán do gach duine.

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ

Sa dráma a cheaptar atá ar an gcéad saothar i litríocht an Iarthair, an Íliad a scríobh Homer, is éard a spreagann an scéal ná na saincheisteanna eiticiúla a d'eascair as plá. Gar do thús An Íliad, guíonn an sagart Chryses ar Apolló plá a chur ar na Gréagaigh chun díoltas a bhaint amach mar gur gabhadh a iníon, Chryseis.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): Clasaicí TF 2.10; OSSP TF 1.1, 1.10 & 2.10; Béarla TF OL8, W1, W3 & W5; Eacnamaíocht Bhaile TF 2.5; Oideachas Reiligiúnach TF 3.9; OSPS TF 1.9, 2.3 & 4.8

Ag cur i gcoinne na Mífhaisnéise agus na Bréagaisnéise

Déan taighde ar an mífhaisnéis agus ar an mbréagaisnéis (agus teoiricí comhcheilge san áireamh) faoi COVID-19 agus ar na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith acu sin (féach na Naisc thíos). Mar shampla, de réir mar a cuireadh babhtaí dianghlasála i bhfeidhm i roinnt tíortha, chothaigh ráflaí faoi ghanntanas bia scaoll agus ollcheannach agus cnuasach earraí a d'fhág go raibh na hearraí sin gann.

Samhlaigh go bhfuil tú páirteach i máirseáil fhíorúil ag cur in aghaidh scaipeadh mífhaisnéise nó bréagaisnéise a bhaineann le COVID-19.

Déan an comhartha a chrochfá in airde agus tú ag máirseáil. Ní mór do chomhartha a bheith dírithe ar dhaoine eile a chur ar an eolas faoin teoiric chomhcheilge atá roghnaithe agat féin; ba chóir téacs agus íomhá amháin nó níos mó a bheith air, agus ní mór a chinntiú gur furasta ag an lucht féachana an comhartha a fheiceáil agus a léamh.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.10, 2.10 & 3.12; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 2.3, 2.4, 2.7 & 3.1; Béarla TF R1, R3 & W3; Eolaíocht TF 1.6 & 1.8; OSPS TF 1.9, 2.2, 2.8 & 4.8; Amharc-ealaín TF 1.5, 1.12 & 1.14

Stop, Smaoinigh, Seiceáil

Lena chinntiú gur faisnéis fhírinneach í an fhaisnéis a léimid, a fheicimid agus a chloisimid, ba cheard dúinn an nós a bheith againn stopadh, smaoineamh agus í a sheiceáil.

Faigh trí mhír nuachta le déanaí ó ardáin meán sóisialta nó ó na meáin thraidisiúnta faoi COVID-19 agus cuir an treoir 'stop, smaoinigh, seiceáil' i bhfeidhm orthu. Leid: Gheobhaidh tú acmhainní chun cabhrú leat leis an tasc seo sna Naisc thíos.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.10, 2.10 & 3.12; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 1.7, 2.4, 2.6, 3.4, 4.1 & 4.4; Béarla TF OL8, R1, R2, R3, R7 & R12; Eacnamaíocht Bhaile TF 2.5; OSPS TF 2.2 & 4.8

Taobh amuigh den bhoth macallaí

Is féidir le faisnéis teacht ó go leor foinsí agus a bheith bunaithe ar a lán meonta éagsúla. Nuair a chloiseann tú na meonta agus na tuairimí céanna i gcónaí, b'fhéidir go bhfuil tú i rud ar a dtugtar both macallaí nó echo chamber. Tar éis bhás George Floyd ar an 25 Bealtaine 2020, agus nuair a cuireadh dlús leis an ngluaiseacht 'Black Lives Matter' ar fud an domhain, d'úsáid gníomhaithe frithchiníochais haischlibeanna a bhain le tráchtairí coimeádacha d'aon ghnó chun ábhar #BLM a scaipeadh orthu siúd a bhí taobh amuigh dá mbothanna macallaí.

Déan píosa taighde ar straitéisí a d'úsáid daoine a raibh baint acu le gníomhaíochas ar líne le déanaí chun athruithe dearfacha a chur ar bun ar domhan, mar shampla: Black Lives Matter; Gníomhaíocht ar son na hAeráide; Comhionannas Inscne srl.

Déan leathanach Facebook, cuntas Instagram, nó cuntas Snapchat don rang chun na smaointe is fearr maidir le gníomhaíochas ar líne ar tháinig sibh orthu a fhoilsiú. Ná déanaigí dearmad bhur gcuid foinsí a lua agus tagairt chuí a dhéanamh dóibh.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 2.8, 2.10 & 3.13; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 2.3, 3.6, 3.7, 4.5 & 4.6; Béarla TF R1, R2, R3 & W3; OSPS TF 4.8

Is éard atá ag teastáil ón domhan anois...

> *'Is éard atá ag teastáil ón domhan anois ná dlúthpháirtíocht. Is le dlúthpháirtíocht amháin is féidir linn an ceann is fearr a fháil ar COVID-19 agus saol níos fearr a chur romhainn'.*
> António Guterres, Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe

Déan físeán TikTok lena thaispeáint cén sórt saol a d'fhéadfadh a bheith againn i ndomhan níos fearr amach anseo, domhan ina mbeadh gach duine ag obair as lámha a chéile.

Ná déan dearmad: Is féidir le físeán TikTok a bheith suas le 15 shoicind ar fhad, ach is féidir gearrthóga éagsúla a nascadh le chéile ionas go mbeidh físeán suas le 60 soicind agat san iomlán. Ná déan dearmad a bheith cúramach leis na socruithe príobháideachais!

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1 & 2.1; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 4.3 & 4.4; Fealsúnacht TF 7.1-7.6 & 8.1-8.6; OSPS TF 4.8

Mé Féinín

Tóg pictiúr díot féin (féinín).

Cuir an pictiúr in eagar, agus cuir straoiseoga, greamáin srl. leis a léiríonn céard a cheapann tú faoin méid a d'fhoghlaim tú ón eolas agus na gníomhaíochtaí sa rannán seo.

Cuir fotheideal le d'fhéinín ina bhfuil an teachtaireacht is tábhachtaí atá foghlamtha agat ón rannán seo.

Nuair a bheidh sé críochnaithe, taispeáin an pictiúr do dhuine amháin eile sa rang nó seol chuig an té sin é.

Tá an machnamh ábhartha i leith sonraíochtaí uile na sraithe sóisearaí agus baineann sé go háirithe leis na príomhscileanna i dtaobh bainistíocht a dhéanamh ort féin agus bainistíocht a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar an smaointeoireacht.

Naisc Úsáideacha

Mífhaisnéis

- TedEd (2020), 'Why people fall for misinformation - Joseph Isaac' (5.15 nóiméad): **https://www.youtube.com/watch?v=hz6GULbowAk**

Stop an scaipeadh

- An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS): Conas mífhaisnéis a thuairisciú ar líne - **https://www.who.int/campaigns/connecting-the-world-to-combat-coronavirus/how-to-report-misinformation-online**

Déan agus Ná Déan

- What can you do to fight stigma associated with COVID-19?: **https://www.youtube.com/watch?time_continue=92&v=vinh0lIG1p0&feature=emb_logo**

Éist

- Agallamh raidió de chuid RTÉ le Xuedan (Shelley) Xiong (5.14 nóiméad): **https://www.rte.ie/news/2020/0816/1159483-shelley-xiong-dublin-royal-canal/**

#IAmNotAVirus

- #IAmNotAVirus (2020), 'We are more powerful when we don't discriminate', (1.03 nóiméad): **https://www.youtube.com/watch?time_continue=61&v=_YHIpLwadS4&feature=emb_logo**
- An Institiúid um Fhorbairt Thar Lear. 'Key workers: Migrant contributions to the COVID-19 response': **https://www.odi.org/migrant-key-workers-covid-19/**
- UNHCR (2020). 'Seven refugees making a difference during the time of COVID-19': **https://www.unhcr.org/en-ie/news/stories/2020/6/5eeb78b84/seven-refugees-making-difference-during-time-covid-19.html**

Cód onóra

- Físeán a rinne Google, video (2.05 mins): **https://www.youtube.com/watch?v=ZRCdORJiUgU**

Ag cur i gcoinne na Mífhaisnéise agus na Bréagaisnéise

- Comhairle don phobal faoin gcoróinvíreas (COVID-19) ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte: MythBusters: **https://www.who.int/emergencies/diseases/novel-coronavirus-2019/advice-for-public/myth-busters**

Stop, Smaoinigh, Seiceáil

- Be Media Smart: h**ttps://www.bemediasmart.ie/**
- Webwise: **https://www.webwise.ie/parents/false-information-advice-for-parents/**
- Webwise Connected: An introduction to Digital Media Literacy (Modúl 2 go háirithe): **https://www.webwise.ie/connected/**

SAINCHEIST A BHAINEANN LEIS AN OIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA
RIALACHAS IDIRNÁISIÚNTA

EOLAS DO MHÚINTEOIRÍ: MEASÚNÚ RIOSCA,AN EAGRAÍOCHT DHOMHANDA SLÁINTE AGUS COVID-19

Meabhraíonn COVID-19 dúinn an gá atá ann daoine a chosaint ar rioscaí sistéamacha domhanda. Nochtann an phaindéim an teannas atá ann idir éiceachóras fíorchasta an domhain agus an chaoi a bhfuil an domhan eagraithe ó thaobh na polaitíochta ina chóras ilroinnte ina bhfuil a lán stáit cheannasacha. Dhírigh Buckminster Fuller (1895-1983), ailtire agus teoiriceoir Meiriceánach, aird ar an teannas sin beagnach 40 bliain ó shin:

We have today, in fact, 150 supreme admirals and only one ship – Spaceship Earth. We have the 150 admirals in their 150 staterooms each trying to run their respective stateroom as if it were a separate ship.

San fhianaise atá ag teacht chun cinn faoi na freagraí ar an bpaindéim is fearr ar éirigh leo i roinnt tíortha agus réigiún, is díol suntais é an tábhacht a bhaineann leis an gcumas atá ag na stáit earraí poiblí bunúsacha a chur ar fáil, ar nós cúram sláinte, go háirithe nuair a bhíonn géarchéim ag tarlú. Tá sé tábhachtach freisin iniúchadh a dhéanamh ar a neamhréitithe a bhí a lán tíortha i gcomhair paindéime agus freisin ar réimsí ina bhfuil an comhar idirnáisiúnta lag nó easnamhach.



Fíor 17: Innéacs maidir le déine freagartha na rialtas. Foinse: OurWorldInData.org

Nuair a thosaigh an ráig COVID-19, chuir formhór na dtíortha ar domhan leibhéal éigin coraintín i bhfeidhm lena chinntiú nach gclisfeadh ar na córais sláinte. Freagra a bhí ann i bpáirt ar easpa aerálaithe agus easpa trealamh cosanta, dúshlán a bhí ann ainneoin aitheantas ar an leibhéil náisiúnta ina lán tíortha go gcuireann galar tógálach an tsláinte phoiblí go mór i mbaol.

Luaitear paindéimí sa ghnáthchúrsa ar na cláir rioscaí náisiúnta agus domhanda a ullmhaíonn rialtais agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ar nós an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda. Is uirlisí riaracháin iad na cláir rioscaí sin, ina ndírítear aird ar na rudaí is dóichí a tharlóidh agus is mó tionchair ar shochaithe sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma.

In ainneoin na tréaniarrachta a dhéantar agus cláir rioscaí náisiúnta á gcur le chéile, níor éirigh go maith le rialtais ar fud an domhain, agus Éire ina measc, teacht chun tosaigh ar an riosca a bhaineann le galair thógálacha. Is cosúil nach bhfacthas práinne na faidhbe, sa Domhan Thuaidh ar a laghad ar bith. Is dócha go bhfuil roinnt cúiseanna leis sin:

- Is roimh ár ré féin a tharla ráigeanna atá inchomparáide le COVID-19 agus ní cuimhin linn iad. Ba é an uair dheireanach a tharla aon rud cosúil le seo in Éirinn ná 1918-19, nuair a bhuail an fliú "Spáinneach" an tír. Bhásaigh timpeall 23,000 duine, daoine óga den chuid ba mhó, ar fud na tíre dá bharr.
- I gcás eipidéimí le déanaí cosúil le SARS, fliú na n-éan, fliú na muc agus fiú Ebola, cuireadh faoi smacht iad agus dá bhrí sin bhí an meon ann go mbeadh cógais nua-aimseartha in ann ag an mbagairt, i dtíortha an Domhain Thuaidh ar a laghad.
- Ríomhtar cláir rioscaí ar bhonn go leor toimhdí, agus mar sin d'fhéadfadh roinnt polaiteoirí an dearcadh a bheith acu nach bhfuil iontu ach tuairimíocht agus nach dtarlóidh na rudaí a luaitear.



Fíor 18: Scaipghram ina léirítear an dóchúlacht a ghabhann le rioscaí féideartha agus a dtionchar Foinse: Tuarascáil maidir le Rioscaí Domhanda 2020 ón bhFóram Eacnamaíoch Domhanda

- Bíonn na timthriallta toghcháin gearr, agus is gnách go mbíonn tosaíocht níos ísle ag baint le réimsí beartais phoiblí a dteastaíonn infheistíocht fhadtéarmach uathu, go háirithe rudaí doláimhsithe ar nós pleanáil anachaine.
- Bíonn fonn ar dhaoine aird a thabhairt ar an scéal nuair a aimsítear réiteach ar fhadhbanna, ach ní thugtar an aird chéanna air nuair a sheachnaítear fadhbanna. Dá bharr sin, is gnách go mbíonn rialtais ag díriú ar thubaistí atá tarlaithe cheana.

In ainneoin a thábhachtaí atá an acmhainn náisiúnta, tá ról lárnach fós ann don chomhar domhanda maidir le saincheisteanna éagsúla, agus cúrsaí sláinte ina measc. Sa Chlár Rioscaí Domhanda 2020, a d'fhoilsigh an Fóram Eacnamaíoch Domhanda, dúradh gur bhagair suaitheadh geopholaitiúil agus cúlú ón iltaobhachas nach mbeadh an domhan in ann déileáil le rioscaí criticiúla a théann i

bhfeidhm orainn go léir. Ba léir roimh COVID-19 go raibh an córas rialachais ar domhan ag éirí níos ilroinnte, agus measann roinnt daoine gur chuir an phaindéim leis an deighilt sin agus gur leag sí béim uirthi.

Fíor 19: Sliocht faoi chórais iltaobhacha. Foinse: An Fóram Eacnamaíoch Domhanda. 2020. Tuarascáil Rioscaí Domhanda.

Cuireadh tús leis an gcomhar sláinte domhanda leis an gcéad Chomhdháil Idirnáisiúnta Sláintíochta i bPáras, a osclaíodh ar an 23 Iúil 1851. Ba é cuspóir na comhdhála sin íoscheanglais maidir le coraintín muirí a chur i bhfeidhm ar fud tíortha éagsúla san Eoraip. An chomhdháil sin agus na Comhdhálacha Idirnáisiúnta Sláintíochta eile a eagraíodh ina diaidh, ba iad ba bhonn leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), gníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe a tháinig i bhfeidhm ar an 7 Aibreán 1948, an dáta a dhéantar Lá Domhanda na Sláinte a cheiliúradh chuile bhliain anois.

Ar an 31 Nollaig 2019, chonaic Oifig Tíre EDS i nDaon-Phoblacht na Síne ráiteas meán ó Choimisiún Sláinte Bardasach Wuhan faoi chásanna den 'niúmóine víreasach' in Wuhan. Rinneadh cáineadh ar an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ina dhiaidh sin toisc gur braitheadh go raibh moill uirthi ag fógairt gurb éard a bhí sa ráig ná éigeandáil sláinte poiblí ar chúis imní idirnáisiúnta í, toisc gur ghéill sí don tSín, agus toisc gur scaip sí mífhaisnéis ón tSín, i ngan fhios di féin, faoin mbaol a bhaineann le COVID-19. Deir tráchtairí de chuid EDS gurb é ba chúis le dearcadh ómósach na heagraíochta i leith na Síne (agus rialtais eile) ná spleáchas EDS ar bhallstáit na Náisiún Aontaithe. Mar shampla, níl sé de chumhacht ag EDS a leagan síos go ndéanfar faisnéis a chomhroinnt nó go gcaithfear ullmhú i gcomhair paindéime.

Tagann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte faoin tsamhail mhaoinithe chéanna le gníomhaireachtaí eile de chuid na Náisiún Aontaithe. Faigheann sí ranníocaíochtaí éigeantacha nó ranníocaíochtaí measúnaithe ó bhallstáit, agus Éire ina measc, a chinntear de réir leibhéal ioncaim agus daonra gach tíre. Is é comhlacht cinnteoireachta EDS – an Tionól Sláinte Domhanda, atá comhdhéanta de thoscaireachtaí ó na ballstáit go léir – a chinneann conas ranníocaíochtaí measúnaithe a úsáid. Mar sin féin, tá an maoiniú ó ranníocaíochtaí measúnaithe seasta ag laghdú, agus ní raibh i gceist leis ach 16% de bhuiséad iomlán EDS in 2018-19. Faigheann EDS ranníocaíochtaí deonacha freisin ó bhallstáit agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha. Cuid de na ranníocaíochtaí deonacha, is airgead iad nach bhfuil leagtha amach do chuspóir ar leith, agus cuid eile acu ní mór iad a chaitheamh ar ghníomhaíochtaí sonracha a chinnfidh na tíortha óna dtagann an t-airgead. Faoi 2019, airgead a bhí leagtha síos i gcomhair úsáid shonrach a bhí in 69% de bhuiséad iomlán EDS.

Roinntear cistí airgid EDS ar fud cláir éagsúla i sé chatagóir:

- Galair thógálacha
- Galair neamhthógalacha
- Sláinte a chur chun cinn ar feadh an tsaoil (go bunúsach, cláir shláinte do mháithreacha, do pháistí agus do dhaoine aosta)
- Córais sláinte
- Cláir éigeandálaí sláinte
- Seirbhísí corparáideacha, lena n-áirítear caiteachas ar rialachas, ceannaireacht agus bainistíocht clár a fheabhsú

Is annamh a chaitear buiséid EDS go díreach ar sheirbhísí nó ar chláir sláinte a chur ar fáil. Ina áit sin, is iondúil go n-úsáidtear an t-airgead chun comhairle eolaíoch agus comhairle theicniúil a chur ar rialtais. D'fhéadfadh oiliúint a bheith i gceist leis sin, nó cabhrú leo beartais sláinte a fhorbairt, nó sonraí a bhailiú agus a úsáid agus fianaise taighde eolaíoch eile a bhailiú agus a úsáid. Gné thábhachtach eile den obair a dhéanann EDS is ea treoirlínte a ullmhú maidir le cláir shláinte éagsúla a chur i bhfeidhm agus freagairt do mhórdhúshláin sláinte, agus treoirlínte maidir le faisnéis a chomhroinnt idir tíortha.

Meastar go dteastaíonn $3.4 billiún in aghaidh na bliana (airgeadra Stáit Aontaithe Mheiriceá) chun íoc as na feidhmeanna domhanda atá ag EDS maidir le hullmhacht i gcomhair paindéimí. Ach níl an oiread sin airgid sa chiste ag EDS, ná baol air. Níor thug tíortha riamh an neamhspleáchas, na cumhachtaí nó na hacmhainní don Eagraíocht Dhomhanda Sláinte a theastaíonn uaithi chun a misean a chomhlíonadh maidir le féachaint chuige go mbeidh gach duine i mbarr a shláinte nó a sláinte.

I staidéar a rinne eolaithe i Hong Cong in 2007, luadh an baol go dtosódh coróinvíreas cosúil le SARS ag leathadh arís. Ós rud é go bhfacthas an baol go dtarlódh paindéim, ba cheart go bhféadfaí an phaindéim sin a sheachaint, agus go teoiriciúil d'fhéadfadh ról níos lárnaí a bheith ag EDS maidir leis an bpaindéim COVID-19 a sheachaint agus a héifeachtaí a mhaolú. Ach tá an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte faoi bhrú mór – acmhainní teoranta atá aici agus is féidir le ballstáit bac a chur ar an obair a dhéanann sí. Níl mórán uirlisí éifeachtacha aici chun faireachán díreach a dhéanamh ar ráigeanna galar tógálach, comhordú a dhéanamh ar phleanáil i gcomhair paindéimí, acmhainní a leithdháileadh ar na tíortha is mó a dteastaíonn siad uathu, nó ullmhacht éifeachtach a chinntiú ar leibhéal na dtíortha.

I mí Aibreáin 2020, d'fhógair SAM go raibhsé chun stopadh ag íoc airgid le EDS a fhad is a dhéanfadh sé athbhreithniú ar fheidhmíocht na heagraíochta. Ag am nuair ba léir go raibh gá ag EDS le breis airgid chun cabhrú leis na tíortha is boichte ar domhan dul i ngleic le COVID-19 agus éigeandálaí sláinte eile, ba ba mhór an buille é sin. Ar an lámh eile, gheall rialtais eile, agus Éire ina measc, €7.4 billiún mar chuid de 'chomhghuaillíocht idirnáisiúnta' nua, a bhí á spreagadh ag an gCoimisiún Eorpach agus dreamanna eile, chun troid i gcoinne COVID-19.

Fíor 20: Comhrá ar Twitter in Aibreán 2020 idir an Dr Tedros Ghebreyesus (EDS) agus Simon Coveney (Aire Gnóthaí Eachtracha na hÉireann)

Cé gur shocraigh na Stáit Aontaithe, faoi uachtaránacht Joe Biden, cinneadh Trumpa a chur ar ceal agus gan imeacht as EDS, ní fios an leor na ranníocaíochtaí ó bhallstáit na Náisiún Aontaithe lena chinntiú gur féidir leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte feidhmiú i gceart mar ghníomhaireacht dhomhanda shofhreagrach, agus gur féidir léi stop a chur le COVID-19 agus le galair thógálacha eile agus a n-éifeachtaí a mhaolú.



Fíor 21: Bileog faoi na rúin i gcomhair dhíospóireachtaí Concern 2020-21. Foinse: Concern Worldwide

Níl a fhios againn fós an féidir eagraíochtaí rialachais dhomhanda atá ann cheana, ar nós EDS, a leasú ionas gur féidir leo dul i ngleic le rioscaí córasacha domhanda. I súile an té atá ar son comhar idirnáisiúnta, ós rud é go dtrasnaíonn an phaindéim línte náisiúnta, eitneacha agus eacnamaíocha (cé go bhfuil roinnt grúpaí níos leochailí agus níos mó faoi mhíbhuntáiste ná a chéile), is léir go mbaineann tábhacht ollmhór leis an iltaobhachas agus le comhar níos doimhne agus níos fearr. Áitíonn an té sin nach raibh stáit ullmhaithe i gcomhair rioscaí na paindéime agus nár éirigh go maith leo i gcónaí ina bhfreagra ar COVID-19. Deirtear go bhfuil cónaí orainn i ndomhan ina bhfuil na bagairtí is mó atá le sárú ag stáit aonair bunaithe ar dhúshláin atá beag beann ar theorainneacha náisiúnta: mar shampla, an ghéarchéim aeráide, éigeandáil na bithéagsúlachta, eamhionannas inscne agus paindéimí. Creideann idirnáisiúnaithe go mbeidh sé níos deacra aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin i ndomhan atá deighilte, agus go mbeidh sé níos deacra téarnamh eacnamaíoch a chinntiú agus vacsaín a fháil.

I dTuarascáil ar Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe a foilsíodh in 2020, COVID-19 and Human Development: Assessing the Crisis, Envisioning the Recovery, leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le gníomhú le chéile ar leibhéal an phobail, na tíre agus an domhain. Luadh sa tuarascáil gur léirigh an freagra ar COVID-19 an chaoi ar féidir le daoine ar fud an domhain a bheith ag obair le chéile. Ba é an sampla a tugadh ná an chaoi ar glacadh ar fud an domhain leis an scaradh sóisialta – iompraíocht ar tosaíodh uirthi in áiteanna fiú sular cuireadh beartais agus rialacháin fhoirmiúla i bhfeidhm. Braitheann an scaradh sóisialta ar chomhoibriú deonach na billiúin daoine. Ba é tátal na tuarascála gur cruthúnas í an chaoi ar glacadh leis an scaradh sóisialta agus cleachtais eile a chuireann moill ar leathadh COVID-19 ar an gcoincheap gur féidir leis an gcine daonna freagairt i dteannta a chéile do dhúshlán domhanda.

Foinsí: féach an leabharliosta atá ag **https://www.worldwiseschools.ie/resource-library2/**

Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...

- **Sprioc 3:** Saol sláintiúil a chinntiú agus an fholláine a chur chun cinn do chách, beag beann ar aois
- **Sprioc 10:** An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha
- **Sprioc 16:** Sochaithe inbhuanaithe, síochánta a chur chun cinn ina gcuirtear gach duine san áireamh, rochtain ar cheartas a bheith ag cách agus institiúidí atá éifeachtach, cuntasach, agus cuimsitheach a chothú ar gach leibhéal
- **Sprioc 17:** Neartú a dhéanamh ar na modhanna feidhmithe agus athbheochan a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht dhomhanda don fhorbairt inbhuanaithe

Gníomhaíochtaí traschuraclaim SAMPLACHA teagaisc agus foghlama

Eochairfhocail

Léigh na ceithre shainmhíniú ar eochairfhocail thíos, ansin socraigh cé acu de na ceithre íomhá is fearr a oireann do gach sainmhíniú.

Má tá galar eindéimeach (ón nGréigis: ciallaíonn en 'i' agus ciallaíonn demos 'daoine') bíonn sé seasta ag scaipeadh i bpobal, i dtimpeallacht nó i réigiún áirithe agus bíonn tionchar aige ar na daoine ar ráta atá réasúnta seasmhach agus réasúnta intuartha. Samplaí de ghalar eindéimeach is ea fiabhras deinge i réigiúin áirithe san Afraic, i Meiriceá Láir agus Meiriceá Theas, agus i Muir Chairib; nó maláire in áiteanna áirithe san Áise agus san Afraic.



Is éard atá i 'ráig' ná méadú níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis ar líon na gcásanna de ghalar eindéimeach. Is féidir an téarma 'ráig' a úsáid freisin nuair a tharlaíonn cás aonair gan choinne i limistéar nua.

Is éard atá i gceist le 'eipidéim' (ó epi na Gréigise, a chiallaíonn 'ar', agus demos, a chiallaíonn 'daoine') ná ráig a scaipeann ar fud limistéar geografach mór. Ní díreach i gcomhair galair thógálacha amháin a úsáidtear an téarma 'eipidéim'. Úsáidtear é freisin i gcás rud ar bith a chuireann leis na rioscaí sláinte sa tsochaí, ar nós murtaill.



Fógraítear go bhfuil paindéim (as pan na Gréigise a chiallaíonn ‘gach’ agus demos a chiallaíonn ‘daoine’) ann nuair a thagann fás easpónantúil ar líon na gcásanna galair i roinnt mór-ranna nó ar fud an domhain. Is léiriú níos mó é an téarma ‘paindéim’ ar cé chomh forleathan atá galar ná ar cé chomh marfach atá sé.



I measc saintréithe paindéime:

- • Téann sí i bhfeidhm ar limistéar geografach fairsing, agus go minic ar an domhan uile
- Tolgann líon an-mhór daoine an galar
- Is minic gur víreas nua nó cineál nua víris a bhí díomhaoin le blianta fada is cúis léi
- Scaipeann an galar go tapa i measc daoine mar nach bhfuil mórán imdhíonachta acu air, más imdhíonacht ar bith
- D’fhéadfadh a lán daoine bás a fháil de bharr an ghalair
- Mar gheall gur gá leathadh an ghalair a choinneáil faoi smacht, is minic a tharlaíonn suaitheadh sóisialta, corraíl agus caillteanas eacnamaíoch

Ceap sainmhínithe (le híomhánna, más mian leat) ar dhá cheann nó níos mó de na heochairfhocail agus na frásaí seo a leanas a úsáidtear go minic sa phlé faoin bpaindéim COVID-19: zónóiseach, srianadh, lorg teagmhálaithe, an cuar a mhaolú, scaradh sóisialta, vacsaín, cásanna dearbhaithe, dlúth-theagmhálaí, tras-seoladh pobail, sláinte phoiblí.

Iarr ar scoláire eile a sheiceáil an bhfuil do shainmhínithe soiléir. Athraigh na sainmhínithe a chum tú ar bhonn an aiseolais ón scoláire eile.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): Clasaicí TF 3.1; Béarla TF OL1, OL3, R1, R2, W3 & W6; Eolaíocht TF 5.6; Amharc-ealaín TF 1.5

Coraintíní

Tagann an focal ‘coraintín’ as quaranta giorni na hIodáilise, a chiallaíonn ‘40 lá’. Cuireadh daoine ar coraintín ó aimsir an Bhíobla, nuair a coinníodh daoine a raibh lobhra orthu scoite amach, ach tugadh an téarma féin isteach le linn an Ghalair Dhuibh san Eoraip sa 14ú haois, nuair a bhí ar longa ó chalafoirt ina raibh an galar suí ar ancaire ar feadh 40 lá sula dtiocfaidís chun duga.

Roinn an rang ina dhá leath. Ba cheart do leath an ranga taighde a dhéanamh ar an gcaoi ar cuireadh daoine ar coraintín san am atá thart (mar shampla, an Galar Dubh in Eoraip na meánaoise; stáisiúin coraintín i gcomhair inimircigh a bhí ag teacht go dtí na Stáit Aontaithe idir an t-ochtú haois déag agus an fichiú haois; an fliú ‘Spáinneach’ a tharla in 1918-19). Ba cheart don leath eile den rang taighde a dhéanamh ar an gcaoi ar cuireadh daoine ar coraintín le blianta beaga anuas (mar shampla, SARS sa tSín agus i gCeanada in 2003; fliú H1N1 in 2009; galar víris Ebola i Siarra Leon, sa Libéir agus sa Ghuine in 2013-2016; COVID-19 ó 2020 i leith).

Roinnigí bhur gcuid torthaí le chéile agus pléigí na bealaí éagsúla inar cuireadh daoine ar coraintín i dtréimhsí éagsúla.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1, 2.1 & 2.9; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 2.3; Béarla TF OL1-5 & R2; Stair TF 1.9, 1.11, 2.8, 3.4, 3.6 & 3.14; Nuatheangacha Iasachta (Iodáilis) TF 1.2; Eolaíocht TF 1.10 & 5.6

An phaindéim a ligeadh i ndearmad

Meastar go bhfuair idir 50 milliún agus 100 milliún duine ar fud an domhain bás leis an bhFliú 'Spáinneach' in 1918-19. Thagair an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn, ar bhásaigh uncail leis le linn na paindéime sin, don 'dí-chuimhne chomhchoiteann' in Éirinn faoi sin. Shroich an fliú 'Spáinneach' Éire agus trúpaí ag teacht abhaile ón gcogadh trí Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh. Tharla an chéad ráig a bhfuil a fhios againn fúithi ar USS Dixie, amach ó chósta an Chóibh, i mí na Bealtaine 1918. Réab an galar ar fud na hÉireann i dtrí ráig: ceann éadrom in earrach na bliana 1918; drochráig i bhfómhar na bliana 1918; agus ceann measartha dona go luath in 1919. Maraíodh thart ar 23,000 duine dá bharr.

Smaoinigh ar an ráiteas seo a leanas ón bhfealsamh Francach Paul Ricoeur, "má ligtear duine i ndearmad, faigheann sé bás faoi dhó."

Glac páirt i bplé ranga faoi: cén fáth a gcuimhnítear ar roinnt eachtraí staire agus a ndéantar iad a chomóradh agus a ligtear cuid eile i ndearmad nó nach mbactar leo; agus ról an staraí maidir le fianaise a chur i láthair faoi rudaí a tharla san am atá thart lena chinntiú go gcuimhneofar orthu go cruinn.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): Béarla TF OL1 & OL2; Stair TF 1.3, 1.5, 2.8, 2.11 & 3.4; Fealsúnacht TF 2.1-2.6

Riosca grafach

Thosaigh Rialtas na hÉireann ag tiomsú measúnuithe náisiúnta bliantúla ar rioscaí in 2017. Is é an cuspóir atá leo, mar a mhínigh Roinn an Taoisigh, ná féachaint cé na rioscaí straitéiseacha atá ann i dtaobh leas na hÉireann san am atá le teacht, forléargas a thabhairt ar na rioscaí is mó atá romhainn, agus feasacht a mhéadú agus creat a sholáthar do ranna rialtais chun gníomhaíochtaí agus pleananna a mheas.

Seo iad na catagóirí a mbaineann riosca gaolmhar leo a aithníodh sa Mheasúnú Riosca a rinne Rialtas na hÉireann in 2019:

Rioscaí geopholaitiúla:

- Imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach
- Éagobhsaíocht i dTuaisceart Éireann
- Treo agus cobhsaíocht an Aontais Eorpaigh amach anseo
- Athruithe ó thaobh tionchar domhanda agus bogadh ar shiúl ó chóras atá bunaithe ar rialacha
- Eachtraí sceimhlitheoireachta agus coinbhleachtaí armtha

Rioscaí eacnamaíocha:

- Tionchar eacnamaíoch de bharr an Bhreatimeachta
- An baol go mbeidh róbhorradh faoin ngeilleagar
- Brú ar chaiteachas poiblí
- Moilliú an gheilleagair ar domhan, agus athruithe ar an timpeallacht trádála idirnáisiúnta
- Athruithe ar chúrsaí cánach idirnáisiúnta
- Brath ró-mhór ar chorparáidí ilnáisiúnta agus ar earnálacha áirithe

Rioscaí sóisialta:

- Acmhainneacht an chórais ardoideachais agus breisoideachais
- Ganntanas oibrithe oilte
- Pobal atá ag dul in aois, dúshláin maidir le pinsin agus an córas sláinte
- Tionchar na meán sóisialta ar an díospóireacht phoiblí
- Comhtháthú sóisialta agus tuiscintí ar an mhíchothromaíocht sna réigiúin agus i gceantair thuaithe
- Imirce agus comhtháthú

Rioscaí comhshaoil:

- An t-athrú aeráide agus an bhithéagsúlacht
- Soláthar fuinnimh inacmhainne, inbhuanaithe agus éagsúil a chinntiú
- Bonneagar poiblí a chur ar fáil
- Sábháilteacht bia
- Soláthar agus inacmhainneacht tithíochta

Rioscaí teicneolaíochta:

- Cibearshlándáil
- Treochtaí maidir le teicneolaíocht shuaiteach
- Frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach
- Paindéimí móra
- Éilliú núicléach

Roghnaigh an chatagóir is mó a bhfuil suim agat inti: rioscaí geopholaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil nó teicneolaíochta.

Is é an riosca an chothromaíocht idir an dóchúlacht go dtarlóidh rud éigin agus tromchúis an tionchair má tharlaíonn sé. Tarraing graf le x-ais (cothrománach) agus y-ais (ingearach), áit arb í an x-ais an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí sa chatagóir atá roghnaithe agat, agus gurb í an y-ais tionchar na rioscaí sa chatagóir sin má tharlaíonn siad.

Cuir do ghraif i láthair sa rang agus pléigí é.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 2.1 & 2.9; Béarla TF OL1-5; Matamaitic TF U.6, AF.1 & GT.5

Ár lámha

> *"Na bealaí a scriosann daoine cuid mhaith den dúlra agus a dtéann siad i mbun feirmeoireacht mhonarchan, tá siad bunaithe ar an míthuiscint nach mbeidh drochtionchar ag méid ag an dochar a dhéanaimid don dúlra ar shláinte agus ar fholláine an duine. Léiríonn COVID-19 dúinn nach bhfuil sé sin fíor. Caithfimid athrú mór a dhéanamh ar an gcaoi a mairimid leis an dúlra, nó ullmhú i gcomhair na chéad paindéime eile. Is suas againn féin atá sé."*
> Sean MacDonagh, sagart Colmbánach, diagachtóir agus údar a bhfuil spéis aige sa chomhshaol

Roghnaigh ceann de na grúpaí seo a leanas:

- Daoine óga
- Teaghlaigh
- Scoileanna
- Údarás áitiúil
- Rialtas náisiúnta
- Grúpaí idirnáisiúnta, amhail an tAontas Eorpach nó na Náisiúin Aontaithe
- Gnólachtaí Éireannacha agus/nó fiontair shóisialta Éireannacha
- Corparáidí trasnáisiúnta
- Eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha

Tarraing líne thart ar do lámh cheannasach (an lámh is mó a mbaineann tú úsáid aisti).

Ar na méara, scríobh suas le cúig rud ba chóir don dream a roghnaigh tú a dhéanamh chun dul i bhfeidhm ar an gcaoi a gcaitheann daoine leis an dúlra.

Ar bhos do láimhe, scríobh síos bealach amháin nó níos mó ar féidir leat a chur ina luí orthu gníomhú.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.2, 1.10, 2.1, 2.9 & 2.10; Eacnamaíocht Bhaile TF 1.15; Fealsúnacht TF 7.1-7.6; Oideachas Reiligiúnach TF 3.8; Eolaíocht TF 5.6

Laghdú riosca

Baineann an deilbhín (thíos) le ceann de na cuspóirí a ghabhann leis na Spriocanna Domhanda.

Aimsigh uimhir an chuspóra agus an téacs a ghabhann leis an gcuspóir sin (féach na Naisc thíos).

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:
Is é seo an deilbhín i gcomhair Sprioc Dhomhanda 3 (Dea-shláinte agus folláine), cuspóir 3D: Faoi 2030... Córais luathrabhaidh a fheabhsú maidir le rioscaí sláinte domhanda: Cur leis an gcumas atá ag gach tír, go háirithe tíortha i mbéal forbartha, maidir le luathrabhadh, laghdú riosca agus bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí sláinte náisiúnta agus domhanda.

Ansin simpligh an téacs ionas gur fearr a thuigfidh páistí agus daoine óga é.

Seol an téacs simplithe, le míniú gairid ar na Spriocanna Domhanda, chuig duine amháin nó níos mó atá sa liosta teagmhála i d'fhón.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 2.1, 2.9 & 2.10; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 2.3; Béarla TF R1, R2, R3, W1 & W3

Eala dhubh?

Deir tráchtairí áirithe gur rud é COVID-19 ar a dtugtar 'eala dhubh'. Más 'eala dhubh' é rud a d'fhéadfadh tarlú (nó a tharlaíonn):

- Is rud é atá go mór as an ngnáth (ní bheimis ag súil leis ar chor ar bith toisc nár thug aon rud a tharla san am atá thart an leid dúinn go bhféadfadh sé tarlú)
- Bíonn tionchar an-mhór aige
- In ainneoin go gceapfadh daoine nach bhféadfaí a bheith ag súil go dtarlódh an rud sin, déanaimid é a mhíniú ar bhealach éigin tar dó tar éis dó tarlú, rud a fhágann go bhfuil ciall leis agus go bhféadfaí é a thuar

Ag tarraingt ar a bhfuil ar eolas agat faoi COVID-19 agus na critéir a ghabhann le rud ar 'eala dhubh' é (mar a mhínítear thuas), an 'eala dhubh' í an phaindéim nó nach ea?

Inis do fhreagra do dhuine amháin eile ar a laghad.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 2.1 & 2.9; Béarla TF OL1 & OL2

Barr na sláinte

Is é cuspóir na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) féachaint chuige go mbeidh gach duine i mbarr a shláinte nó a sláinte.

Iarr ar dhuine muinteartha leat luí siar ar bhileog mhór pháipéir agus tarraing líne timpeall air nó uirthi.

Úsáid an imlíne sin chun póstaer a dhearadh a bheidh dírithe ar dhaoine atá san aoisghrúpa céanna leis an duine muinteartha leat, chun spreagadh a thabhairt dóibh a bheith i mbarr a sláinte.

Cuir lipéid ar an imlíne le heolas ábhartha faoi na catagóirí seo a leanas: cothú agus aiste bia, gníomhaíocht choirp, an timpeallacht sa bhaile.

Cuirigí na póstaeir ar taispeáint ar Lá Domhanda na Sláinte – an 7 Aibreán.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): Eacnamaíocht Bhaile TF 1.8, 1.9, 1.10, 1.12 & 2.4; Corpoideachas TF 1.5; OSPS TF 2.1; Amharc-ealaín TF 1.4, 1.5 & 1.6

Grafaic faisnéise ina bhfuil dea-scéala

Aimsigh tuairisc nuachta ina bhfuil dea-scéala faoi dhul chun cinn maidir le ceann de na galair víreasacha seo a leanas: Galar víris Ebola, Heipitíteas B nó Póilió.

Anois, aimsigh sampla de dhea-scéala nó dul chun cinn maidir leis an gcomhar idirnáisiúnta mar fhreagairt ar COVID-19.

Cuir do thorthaí i láthair i ngrafaic faisnéis 'Dea-scéala' agus cuir ar taispeáint ar shuíomh gréasáin na scoile nó sa seomra ranga í. Leid: B'fhéidir gur mhaith leat leas a bhaint teicneolaíocht dhigiteach chun an ghrafaic faisnéise a ullmhú.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1, 2.1, 2.8 & 2.9; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 2.3 & 2.7; Béarla TF R1, R2, R3, W1, W3 & W4; Eolaíocht TF 1.9, 1.10 & 5.6

Comhpháirtíocht ar mhaithe leis na Spriocanna

Baineann Sprioc Dhomhanda 17 leis an gComhpháirtíocht ar mhaithe leis na Spriocanna. Ceann de na bealaí ar féidir le tíortha cur le hathbheochan na comhpháirtíochta domhanda maidir leis na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe is ea cloí leis na gealltanais oifigiúla a rinne siad faoin gcúnamh forbartha. Sa bhliain 2000, d'aontaigh Éire cloí le sprioc na Náisiún Aontaithe 0.7% den Ollioncam Náisiúnta (OIN) a chaitheamh ar chúnamh thar lear faoi dheireadh 2007. D'fhágfadh sé sin go rachadh €0.70 as gach €100 a tháirgeann Éire chun tacú le cúnamh thar lear. Rinneadh an gealltanas sin a athnuachan in 2018, agus leagadh amach méaduithe thar thréimhse 12 bhliain, mar atá sa tábla thíos, agus an sprioc le baint amach faoi 2030.

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:
Is iondúil le Cúnamh Éireann a thuarascáil bhliantúil a fhoilsiú gar do dheireadh na bliana dár gcionn. Mar shampla, foilsíodh tuarascáil na bliana 2019 i mí na Samhna 2020.

OIN Iarbhír in 2019:
0.32% (€869.87)

Faigh an oiread faisnéise agus is féidir faoin gcúnamh forbartha thar lear a tugadh (an méid féin agus mar chéatadán den OIN) i dtuarascáil bhliantúil nó tuarascálacha bliantúla atá foilsithe ag Cúnamh Éireann (An Roinn Gnóthaí Eachtracha) (féach na Naisc thíos). Cuir an fhaisnéis sin isteach sa tríú colún den tábla thíos.

Féach ar 'Ireland's Global Solidarity' (2.08 nóiméad) (féach na Naisc thíos).

I suirbhé a rinne Dóchas in 2018 ar dhearcadh an phobail in Éirinn i leith cúnamh thar lear, fuarthas gur cheap 94% de na freagróirí go raibh sé tábhachtach tacú le tíortha bochta agus gur chreid 85% acu go raibh an cúnamh éifeachtach chun feabhas a chur ar shaol daoine i dtíortha thar lear.

Pléigí torthaí an tsuirbhé sin sa rang.

BLIAIN	Sprioc maidir leis an % ONI	% ONI iarbhír
2019	0.30% (€817 milliún)	
2020	-	
2021	-	
2022	-	
2023	0.50% (€1,400 milliún)	
2024	-	
2025	0.57% (€1,800 milliún)	
2026	-	
2027	0.62% (€2,100 milliún)	
2028	-	
2029	-	
2030	0.70% (€2,500 milliún)	

Smaoinigh ar phostáil a chur suas ar líne ag tacú leis an ngealltanas an sprioc 0.7% de ONI a bhaint amach faoi 2030, leis an haischllib #IrishAidWorks, agus na teachtaí dála i do cheantar féin a chlibeáil inti.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): Staidéar Gnó TF 3.4 & 3.10; OSSP TF 1.1, 1.10, 2.1, 2.6, 2.8, 2.9 & 2.10; Béarla TF OL1, OL2 & OL8; Tíreolaíocht TF 3.8; Matamaitic TF U.6; Fealsúnacht TF 8.1-8.6

Anois an t-am

I mí an Mheithimh 2020, toghadh Éire chuig Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, a bhfuil 15 chomhalta uirthi, don tréimhse 2021-2022. Seo é an ceathrú huair a bhí post neamhbhuan ag Éirinn ar an gComhairle Slándála ó chuamar isteach sna Náisiúin Aontaithe in 1955.

Déan taighde ar theist taidhleoireachta na hÉireann agus ar éachtaí a rinne sí le linn ceann de na cheithre bhabhta ar an gComhairle Slándála: 1962, 1981-82, 2001-2001 nó 2021-2022. Leid: b'fhéidir gurbh fhiú duit an taighde a dhíriú ar shaincheist dhomhanda ar leith. Más ar an tréimhse 2021-2022 atá tú ag breathnú d'fhéadfá díriú ar cheann amháin nó níos mó de na saincheisteanna domhanda a luaigh an tUachtarán Ó hUigínn san óráid a thug sé i mí Mheán Fómhair 2020, tráth a raibh 75 bliain imithe tharainn ó bunaíodh na Náisiúin Aontaithe (féach na Naisc thíos).

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 2.8 & 2.9; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 2.3; Béarla OL8, R1, R2 & R3; Stair TF 1.7, 1.19, 2.12 & 3.12

Dlúthpháirtíocht ar mhaithe le saol níos fearr

> *"Is tríd an dlúthpháirtíocht amháin a chuirfimid deireadh le COVID-19."*
> An Dr Tedros Adhanom Ghebreyesus, Ard-Stiúrthóir EDS

Féach ar 'The Pandemic is A Portal by Arundhati Roy – A Future where the Global Goals are achieved' (2.04 nóiméad) (féach na Naisc thíos).

Déan liosta de na fadhbanna nó na dúshláin dhomhanda atá beag beann ar theorainneacha náisiúnta, agus dírigh ar na dúshláin ar mhaith leat a fhágáil inár ndiaidh agus domhan nua á shamhlú againn – 'we walk through lightly, with little luggage, ready to imagine another world'.

Cuir liosta chuig Comhairleoirí Contae, Teachtaí Dála nó Feisirí na Parlaiminte Eorpaí, agus spreag go láidir iad chun a bheith ag obair as lámha a chéile ar mhaithe leis an domhan sin atá á shamhlú agat a bhaint amach.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP 1.1, 2.1, 2.9, 2.10, 3.1 & 3.4; Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha TF 4.5; Béarla TF OL8, W1 & W3; Fealsúnacht TF 8.1-8.6; OSPS TF 4.8 & 4.9

#Bettertogether

Ó 1963 i leith, tá an tIonad um Thaighde ar Thubaistí de chuid Ollscoil Delaware tar éis beagnach 700 staidéar allamuigh a dhéanamh ar thuilte agus ar chreathanna talún agus tháinig sé ar an gconclúid go gcoinníonn formhór na ndaoine guaim orthu féin agus go gcuidíonn siad lena chéile i gcásanna géarchéime. Ó thosaigh an phaindéim COVID-19, luaigh daoine na bealaí éagsúla a raibh siad ag obair le chéile chun aire a thabhairt do dhaoine ina bpobal, páistí agus daoine óga ina measc. Is minic a d'úsáid siad an haischlib #bettertogether. Sa tSín spreag daoine a chéile leis an nath 'jiayou' ('ná géill'), agus san Iodáil baineadh leas as 'andra tutto bene' ('beidh chuile rud ceart').

Téigí ag obair le chéile chun teacht ar haischlibeanna san oiread teangacha agus is féidir chun an smaoineamh a chur in iúl nach é COVID-19 an t-aon rud atá ag scaipeadh – tá cineáltas, dóchas agus carthanas tógálach freisin.

Ábharthacht don tsraith shóisearach (NÍL ANSEO ACH SAMPLA): OSSP TF 1.1 & 2.1; Béarla TF OL1, OL2, W1, W3 & W4; Gaeilge (L1) TF 1.26 & 1.27 / (L2) TF 1.25; Nuatheangacha Iasachta TF 1.17; Fealsúnacht TF 7.1-7.6; OSPS TF 4.8 & 4.9

Scéal ina bhfuil 10 bhfocal

Scríobh scéal a bhfuil 10 bhfocal nó níos lú ann, faoin rud is suimiúla a d'fhoghlaim tú sa rannán seo.

Tá an machnamh ábhartha i leith sonraíochtaí uile na sraithe sóisearaí agus baineann sé go háirithe leis na príomhscileanna i dtaobh bainistíocht a dhéanamh ort féin agus bainistíocht a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar an smaointeoireacht.

Ba mhaith linn an domhan a bheith níos cothroime, ba mhaith linn a bheith in ann dul i ngleic leis an athrú aeráide agus muid go léir a bheith freagrach as teacht ar réitigh agus as na rudaí a theastóidh uainn sa saol atá amach romhainn.

An Dr Mike Ryan (1965-), Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chláir Éigeandálaí Sláinte, An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, an 22 Nollaig 2020

Naisc Úsáideacha

Ár Lámha

- MacDonagh, S. 'COVID-19 and the future', Aibreán 2020, suíomh gréasáin Chumann na gCaitliceach in Éireann: **https://acireland.ie/how-will-covid-19-shape-the-future-sean-mcdonagh-ssc/**

Comhpháirtíocht ar mhaithe leis na Spriocanna

- Líonra Dóchas (2020), 'Ireland's Global Solidarity' (2.08 nóiméad): **https://www.youtube.com/watch?time_continue=1&v=eTuZwX3utCo&feature=emb_logo**
- Aighneacht réamhbhuiséad 2020 ó Líonra Dóchas: **https://www.dochas.ie/assets/Files/Dochas_Budget_2020_Submission.pdf**
- Faigh amach cé hé nó cé hí do Theachta Dála féin: **https://www.whoismytd.com/**

Anois an t-am

- An Roinn Gnóthaí Eachtracha, 'Ireland United Nations Security Council, 2021-22', físeán (2.11 nóiméad): **https://twitter.com/dfatirl/status/1309793837024382977**
- Áras an Uachtaráin (2020), 'President Higgins addresses UN 75th anniversary event – September 2020': **https://www.youtube.com/watch?v=UbNwjltkmFk**

Dlúthpháirtíocht ar mhaithe le saol níos fearr

- Na Spriocanna Domhanda (2020), 'The Pandemic is A Portal by Arundhati Roy – A Future where the Global Goals are achieved' (2.04 nóiméad): **https://www.youtube.com/watch?v=ALN3UkxXA8g**

Hoping for the best, prepared for the worst, and unsurprised by anything in between.

Maya Angelou (1928-2014), File Afrai-Mheiriceánach agus gníomhaí ar son cearta sibhialta

I ndomhan atá idirnasctha, tá sé thar am againn fírinne shimplí a aithint: cuidíonn an dlúthpháirtíocht linn go léir. Mura dtuigimid é sin is muid uile a bheidh thíos leis.

António Guterres (1949 -), 9th Secretary-General of the United Nations, 22 September 2020

Bí Gníomhach/Glac Páirt

Tá acmhainní chun tacú le múineadh agus foghlaim na dtéamaí forbartha trí chineálacha cur chuige an oideachais forbartha ar fáil ó shuímh ghréasáin neamhrialtasacha áirithe nó ó ardáin cosúil le www.developmenteducation.ie

Tá cláir gradam éagsúla ann do scoláirí iar-bhunscoile atá ag gabháil don Oideachas Saoránachta Domhanda trí ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí. Is iad na cinn is ábhartha díobh siúd:

- Clár Ghradam an Phas Dhomhanda de chuid Scoileanna WorldWise – **https://www.worldwiseschools.ie/global-passport/**
- Eolaí Óg BT - **https://btyoungscientist.com/**
- Cóstaí Glana: Comórtas grianghrafadóireachta Love your coast - **http://www.cleancoasts.org**
- Conradh na Gaeilge: Comórtais Sheachtain na Gaeilge - **https://snag.ie/en/competitions/**
- Digital Schools of Distinction: **http://www.digitalschools.ie/**
- ECO-UNESCO: YGradam an Chomhshaolaí Óig – **http://www.ecounesco.ie**
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil: Comórtas The story of stuff – **http://www.thestoryofyourstuff.ie/**
- Comórtas Staire Dheich mBliana na gCuimhneachán – **https://www.education.ie/historycompetition**
- GROW2CEO - **https://giy.ie/get-involved/grow-at-school/grow2ceo/**
- Junk Couture - https://junkkouture.com/
- Tionscnamh Teangacha Iar-Bhunscoile (PPLI) – Languages Connect #ThinkLangauges – **https://languagesconnect.ie/**
- Líonra Oifigí Fiontair Áitiúla na hÉireann: Clár Fiontraíochta do Scoláirí: **https://www.studententerprise.ie/**
- SciFest - **https://scifest.ie/**
- Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), One Good Idea – **http://www.seai.ie**
- Comórtas de chuid Trócaire/Éigse Éireann: **https://www.poetryireland.ie/education/**
- Nuálaithe Sóisialta Óga: **https://www.youngsocialinnovators.ie/**

Tá Scoileanna Domhanda WorldWise buíoch as an gcúnamh agus an tacaíocht a fuair sé ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, ón tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí agus ón Dr Majella McSharry, Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

NÓTAÍ

Scoileanna Domhanda WorldWise (WWGS)

Is é Scoileanna Domhanda WorldWise an clár náisiúnta faoina dtacaítear leis an Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD) ar an leibhéal iar-bhunscoile. Is ann a gheofar maoiniú, acmhainní agus treoir d'iar-bhunscoileanna chun dul i mbun an Oideachais Saoránachta Domhanda. Tionscnamh de chuid Chúnamh Éireann (clár Rialtas na hÉireann don fhorbairt thar lear) is ea é. Tá clár Scoileanna Domhanda WorldWise á chur i bhfeidhm faoi láthair ag cuibhreannas ina bhfuil Gorta-Self Help Africa, Concern Worldwide agus an tAonad um Fhorbairt Curaclaim de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.

Clár Scoileanna Domhanda WorldWise

Acmhainní chun gabháil don Oideachas Saoránachta Domhanda

Acmhainní i nGaeilge

Gradam an Phas Dhomhanda

CLÁRAIGH ANOIS!

CAD É AN PAS DOMHANDA?

Is comhartha cáilíochta i réimse an Oideachais Saoránachta Domhanda (OSD) é Gradam an Phas Dhomhanda, a chuireann creat ar fáil do scoileanna ionas gur féidir leo an OSD a chomhtháthú sa teagasc agus san fhoghlaim. Is creidiúnú féinmheasúnaithe maidir leis an OSD é, a ndéantar iniúchadh seachtrach air agus atá ar oscailt do gach iar-bhunscoil i bPoblacht na hÉireann.

CÉN TAIRBHE ATÁ LE BAINT AS?

- Comhartha cáilíochta don scoil san oideachas saoránachta domhanda, a bhfuil iniúchadh seachtrach déanta air
- Bailíochtú ar an obair atá ar bun ag an scoil i dtaobh oideachas saoránachta domhanda, agus aitheantas don obair sin
- Spás do na scoláirí chun ceisteanna áitiúla agus ceisteanna domhanda a scrúdú agus beart a dhéanamh ina leith
- An deis chun cur le hiomrá na scoile tríd an oideachas saoránachta domhanda a chur i láthair agus a cheiliúradh

CÉARD ATÁ I GCEIST?

Féachfaidh sibh ar leibhéal gníomhaíochta na scoile san OSD i sé chatagóir (Stampaí an Phas Dhomhanda) agus tabharfaidh sibh samplaí den obair atá ar bun agaibh i ngach réimse díobh sin. Beidh an Pas Domhanda (a bhfuil trí chineál díobh ann) a bhronnfar ag brath ar an scór iomlán a bhainfear amach i ngach ceann de na sé stampa.



CAD IAD NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ AR FÁIL?

Tá tacaíocht ar fáil ó Scoileanna Domhanda WorldWise chun cuidiú le scoileanna an Pas Domhanda a bhaint amach:

- Ceardlanna agus cuairteanna tacaíochta
- Tacaíocht ar an teileafón agus ar an ríomhphost
- Acmhainní, treoracha agus samplaí praiticiúla atá curtha in oiriúint do gach ceann de na stampaí

GRADAIM

Tá trí chineál éagsúla Pas Dhomhanda ar féidir leat iarratas a dhéanamh orthu ag brath ar leibhéal rannpháirtíochta na scoile leis an Oideachas Saoránachta Domhanda:

Pas na Saoránach
Iena n-aghaidh siúd atá ag tosú ar an rannpháirtíocht leis an Oideachas Saoránachta Domhanda

Pas Taidhleoireachta
i gcomhair rannpháirtíocht sheanbhunaithe leis an Oideachas Saoránachta Domhanda

Pas Speisialta
i gcomhair rannpháirtíocht den chéad scoth leis an Oideachas Saoránachta Domhanda

CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH

I gcomhair tuilleadh eolais nó chun bheith páirteach sa scéim, cláraigh linn ar líne ag **www.worldwiseschools.ie** nó seol ríomhphost chuig global.passport@worldwiseschools.ie

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi Scoileanna Domhanda WorldWise agus faoi na deiseanna atá ar fáil faoin gclár do scoláirí, múinteoirí agus scoileanna chun gabháil don Oideachas Saoránachta Domhanda – go háirithe conas iarratas a dhéanamh ar an ngradam scoile, an Pas Domhanda – téigh go dtí an suíomh gréasáin **www.worldwiseschools.ie**

Le haghaidh acmhainní agus smaointe breise a bhaineann leis an OSD lena n-úsáid i ranganna Béarla, **tabhair cuairt ar developmenteducation.ie** – bunachar sonraí téamacha inchuardaithe ina bhfuil ábhar ranga don OSD ó bhlianta na luath-óige ar aghaidh. Tá acmhainní ann atá díríthe ar churaclaim éagsúla agus ar aoisghrúpaí éagsúla.

Déan teagmháil le foireann Scoileanna Domhanda WorldWise

Tá foireann Scoileanna Domhanda WorldWise ar fáil chun comhairle a chur oraibh agus treoir, oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil faoin Oideachas Saoránachta Domhanda in iar-bhunscoileanna na hÉireann.

Scoileanna Domhanda WorldWise, Teach Dhroichead an Rí, 17-22 Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8
www.worldwiseschools.ie | **ríomhphost.** info@worldwiseschools.ie | **teil.** 01 685 2078

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs
WorldWise Global Schools

Is é Scoileanna Domhanda WorldWise an clár náisiúnta faoina dtacaítear leis an Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD) ar an leibhéal iar-bhunscoile. Tionscnamh de chuid Chúnamh Éireann (clár Rialtas na hÉireann don fhorbairt thar lear) is ea é. Is ann a gheofar maoiniú, acmhainní agus treoir d'iar-bhunscoileanna chun dul i mbun an Oideachais Saoránachta Domhanda. Tá clár Scoileanna Domhanda WorldWise á chur i bhfeidhm faoi láthair ag cuibhreannas ina bhfuil Gorta-Self Help Africa, Concern Worldwide agus an tAonad um Fhorbairt Curaclaim de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.

Self Help Africa | Concern worldwide | CDETB | CDU Curriculum Development Unit